Clár um Rathúnas agus Cothroime

Feabhra 2000

Brollach
Forléargas

Creat I do Chaighdeáin Mhaireachtála agus don Timpeallacht Oibre

Réamhrá
1.1 Cánachas
1.2 Pinsin
1.3 Caidrimh san Ionad Oibre agus an Timpeallacht Oibre
1.4 Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí - An Chéad Chéim Eile:
1.4.1 An Státseirbhís
1.4.2 An Earnáil Oideachais
1.4.3 An Earnáil Sláinte
1.4.4 Na hÚdaráis Áitiúla

Iarscríbhinní a ghabhann le Creat I

I. Dréacht-Chomhaontú ar Phá agus Choinníollacha Fostaíochta idir Comhar Ceardchumann na hÉireann agus Eagraíochtaí Fostóirí
II. Pá Seirbhíse Poiblí
III. Creat d'Fhorbairt Polasaithe Comhdheiseanna ag leibhéal Fiontar
IV. Creat Náisiúnta chun Polasaithe atá báúil leis an Teaghlach a Fhorbairt ag Leibhéal na Fiontraíochta

Creat II do Rathúnas agus Eisiamh Eacnamaíochta

2.1 Comhthéacs foriomlán
2.2 Iompar Poiblí
2.3 Bonneagar agus Soláthar Seirbhísí
2.4 Forbairt Réigiúnach Cothromaithe
2.5 Forbairt Tuaithe
2.6 Gnóthaí Beaga agus Seirbhísí
2.7 Polasaí Tionscail
2.8 Tógáil
2.9 Soláthar Tithíochta agus Cóiríochta Ar Phraghas Insroichte
2.10 Fuinneamh
2.11 Talmhaíocht
2.12 Bia, an Mhuir agus Foraoiseacht
2.13 Polasaí Comhshaoil 77

Creat III d'Uilechuimsitheacht Shóisialta agus do Chothroime

3.1 Uilechuimsitheacht Shóisialta
3.2 Dóthanacht Ioncaim
3.3 Míbhuntáiste Uirbeach
3.4 Bochtaine Thuaithe
3.5 Rialú Áitiúil
3.6 Spriocinfheistíochtaí i Limistéir faoi mhíbhuntáiste
3.7 Tithíocht agus Cóiríocht Shóisialta agus Insroichte
3.8 Eacnamaíocht Shóisialta
3.9 Tacú le hIarrachtaí agus Páirteachas Saorálach
3.10 Cúram Sláinte
3.11 Daoine Scothaosta
3.12 Comhionannas

Creat IV le haghaidh Oiriúnú Rathúil don Athrú Leanúnach

4.1 Foghlaim Shaoil
4.2 An Margadh Saothair
4.3 Cúram Leanaí
4.4 An tSochaí Eolais
4.5 Comhpháirtíocht Thuaidh/Theas a Chur Chun Cinn
4.6 Tiomantas don Domhan Forleathan

Creat V le haghaidh Comhpháirtíocht a Athnuachan

5.1 Cur leis an Dul Chun Cinn Suntasach a Rinneadh faoi Chomhpháirtíocht 2000
5.2 Faireachán agus Measúnú de réir mar a théann an Clár chun cinn
5.3 Comhpháirtíocht a Fhorbairt ag an Leibhéal Náisiúnta
5.4 Comhpháirtíocht ag an Leibhéal Creata
5.5 Comhpháirtíocht ag Leibhéal an Fhiontair
5.6 Comhpháirtíocht sa tSeirbhís Phoiblí
5.7 Comhpháirtíocht/Eagrúchán Comhpháirtíochta - Ionad Náisiúnta do Chomhpháirtíocht agus Thorthaí Oibre
5.8 An Lárionad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht agus Feidhmiú (NCPP)

BROLLACH

Nuair a chuireamar tús le caibidlí faoi chomhaontú náisiúnta nua i mí na Samhna anuraidh bhí trí dhúshlán le sárú againn:

- a chinntiú gur féidir le gach uile dhuine tairbhe a fháil ó chomhpháirtíocht shóisialta á aithint gur cuid fíor-réadúil dá saol, i gcás a lán daoine, an bhochtaine agus an t-eisiamh sóisialta;
- feabhsuithe inbhraite réadúla a thabhairt i gcrích i gcaighdeáin mhaireachtála ní hamháin i dtéarmaí ioncaim ach freisin i dtéarmaí na nithe a bhaineann le caighdeán maireachtála daoine ar nós cúrsaí tithíochta agus iompair; agus
- an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin a ghabhann leis an réabhlóid eolais, le domhandú agus le méadú an AE rudaí atá go mór chun cinn inár ndomhan athraitheach.

De bharr an Chláir seo um Rathúnas agus Cothroime - is é sin an comhaontú is déanaí i sraith comhaontuithe idir an Rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta a théann siar go dtí an bhliain 1987 - beidh Éire in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra seo.

Tríd an gClár seo:

- coimeádfar ar bun an t-iomaíochas atá againn ar bhonn idirnáisiúnta trí pholasaíthe a spreagann fiontraíocht agus infheistíocht;
- cinnteofar go mbeidh cion cothrom dár rathúnas náisiúnta méadaithe ag na daoine atá i bhfostaíocht;
- déanfar méadú substainteach ar na hacmhainní a leithroinntear chun déileáil le heisiamh sóisialta; agus
- cumasófar dúinn feidhmiú mar shochaí foghlama eolas-bhunaithe ina bhfuil an cumas chun glacadh go féinmhuiníneach leis na deiseanna a chuireann athrú teicneolaíochta ar fáil.

Creidim go mbeimid ábalta, más féidir linn a Plean seo a thabhairt i gcrích, tús nua a chur ar fáil do gach duine sa tír seo le go mbeimid in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bheidh ann le linn bhlianta tosaigh na Mílaoise nua.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an iliomad daoine a ghlac páirt sna caibidlí agus a d'oibrigh chomh dian sin chun an comhaontú leitheadach uaillmhianach seo a thabhairt chun críche. Táimidne sa Rialtas ag súil le bheith ag obair go dlúth leis na comhpháirtithe sóisialta chun cuspóirí an chomhaontaithe a bhaint amach.

Paralán Ó hEachairn, T.D.,
Taoiseach

Forléargas

Cúlra

Cuireadh tús foirmiúil leis na caibidlí ar Chomhaontú náisiúnta nua ar an 9 Samhain 1999.

Bhí an tuarascáilón gComhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Shóisialta, Opportunities, Challenges and Capacities for Choice, ann mar chúlra do na caibidlí leitheadacha forleathana a bhí ann.

Áiríodh ar na páirtithe sna caibidlí an Rialtas, fostóirí, ceardchumainn, feirmeoirí agus an earnáil phobail agus dheonach mar a leanas: Cónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann (IBEC), Comhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU), Cónaidhm an Tionscail Tógála (CIF), Cumann Feirmeoirí na hÉireann (IFA), Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann (ICMSA), Irish Co-Operative Organisation Society Ltd. (ICOS), Macra na Feirme, Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe (INOU), Ionaid Chomhdhála do Dhaoine Dífhostaithe, The Community Platform, Conference of Religious of Ireland (CORI), Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn (NCWI), Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (NYCI), Cumann Uinseann de Pól, Protestant Aid, Cumann na nGnólachtaí Beaga (SFA), Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann (IEA), Cónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann (ITIC) agus Comhlachais Tráchtála na hÉireann (CCI).

Is é atá tar éis teacht as na caibidlí ná Comhaontú idir na páirtithe go léir sna caibidlí thar cúig cinn de Chreatanna Oibríochta mar atá leagtha amach sa Chlár seo um Rathúnas agus Cothroime. Clúdaíonn an Clár réimse leathan ceisteanna mar atá leagtha amach anseo thíos.

An Clár um Rathúnas agus Cothroime

Is é is aidhm don Chlár um Rathúnas agus Cothroime ná:

- an geilleagar a choinneáil iomaíoch laistigh de dhomhan atá ag athrú go tapa;
- bonn láidir a chur ar fáil le haghaidh tuilleadh rathúnais eacnamaíochta;
- an caighdeán saoil agus an caighdeán maireachtála a fheabhsú do gach uile dhuine; agus
- staid a bhaint amach in Éirinn atá níos cothroime agus níos uilechuimsithí.

Is é bunchuspóir an Chláir ná sochaí chothrom uilechuimsitheach a thógáil in Éirinn atá bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- geilleagar bríomhar iomaíoch;
- lánfhostaíocht agus deireadh a chur go héifeachtach le dífhostaíocht fhadtéarmach;
- deiseanna comhionanna;
- foghlaim saoil;
- oiriúnú do tSochaí Eolais;
- taighde agus forbairt a chur chun cinn; forbairt chothromaithe inchothaithe idir réigiúin agus laistigh de réigiúin agus idir limistéir uirbeacha agus tuaithe;

- cultúr fiontraíochta; agus

Eire do bheith páirteach go hiomlán san Aontas Eorpach agus sa pobal idirnáisiúnta.
Tá cúig Chreat Oibríochta sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime:

- Caighdeáin Saoil agus an Timpeallacht Oibre;
- Rathúnas agus Uilechuimsitheacht Eacnamaíochta;
- Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Cothroime;
- Oiriúnú Rathúil don Athrú Leanúnach; agus
- Athnuachan Comhpháirtíochta.

Tá dhá chuspóir ag na Creatanna:

- sainaithint agus cur chun cinn a dhéanamh i leith na dtionscnamh tábhachtach nua polasaí atá comhaontaithe mar nithe a bhfuil gá leo chun na bunchuspóirí a bhaint amach atá leagtha síos don Chlár seo; agus
- fócas lánpháirtithe agus bonn a chur ar fáil le haghaidh páirteachais ag na comhpháirtithe sóisialta, in éineacht leis na Ranna agus na Gníomhaireachtaí iomchuí, san obair a bhaineann le forbairt polasaithe agus réiteach fadhbanna a éiríonn sna réimsí atá clúdaithe sa Chlár trí na socruithe atá leagtha amach i gCreat V

Tá an Clár ag brath ar meánráta fáis bliantúil OTN tuairim is 5.6% a bhaint amach thar thréimhse an Chomhaontaithe agus ar an aidhm go gcoimeádfar barrachais bhúiséadacha shuntasacha ar bun gach bliain. Má théann fás eacnamaíochta os cionn an leibhéil sin d'fhéadfadh sé go mbeifear in ann acmhainní breise a úsáid ar shlí chothromaithe chun an dul chun cinn a luathú i dtreo na bpríomhthosaíochtaí atá ag an gClár seo lena n-áirítear uilechuimsitheacht shóisialta. Mar an gcéanna, má thiteann fás faoi bhun an leibhéil sin d'fhéadfadh sé go mbeidh gá le dul chun cinn a dhéanamh de réir luais níos moille.

Tá an Creat chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaine agus eisiamh sóisialta bunaithe ar an bhforléargas atá i dTuarascáil Straitéise NESC ar Dheiseanna, Dúshláin agus Cumais i leith Rogha ina ndeirtear: "Citizenship rights encompass not only the core civil and political rights and obligations but also social, economic and cultural rights and obligations which are embedded in our political culture and which underpin equality of opportunity and policies on access to education, employment, health, housing and social services."

Iomaíochas

Tá an Clár um Rathúnas agus Cothroime bunaithe go daingean ar an tábhacht bhunúsach a bhaineann le hiomaíochas idirnáisiúnta má tá dul chun cinn na hÉireann i dtéarmaí eacnamaíochta agus sóisialta le leanúint ar aghaidh. Aithníonn sé na saincheisteanna atá ann faoi láthair, sa bhaile agus ar bhonn idirnáisiúnta, do staid iomaíoch na hÉireann. D'fhonn feabhas a chur ar iomaíochas na hÉireann, agus d'fhonn an t-iomaíochaíochas sin a chothú, i ndomhan iomaíochta domhanda atá ag athrú i gcónaí, leagtar bearta amach sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime chun:

- gach ceann de na príomhearnálacha fiontraíochta, lena n-áirítear an earnáil mionghnóthaí agus seirbhísí, a neartú;
- tionscal dúchasach, lena n-áirítear talmhaíocht, an tionscal talmhaíochta/bia agus an mhuir agus foraoiseacht, a chur chun cinn;

- aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna; agus
- an bonneagar ríomhthráchtála agus an tsochaí eolais a luathú.

Daoine ar Ioncaim Ísle

Tugann an Clár aghaidh ar riachtanais daoine ar ioncaim ísle trí fheabhsúcháin shuntasacha a dhéanamh ar a gcaighdeáin mhaireachtála. Áirítear ar na príomhbhearta:

- Cuirfidh an Comhaontú Pá a bhaineann leis an gComhaontú seo socrú maidir le méaduithe suntasacha i ngach céim den chomhaontú;
- Pá Íosta Náisiúnta: socrófar sin ag ráta £4.40 le héifeacht ón 1 Aibreán, 2000, agus tacaíonn an Comhaontú Pá le méaduithe go £4.70 le héifeacht ón 1 Iúil, 2001, agus go 1 Deireadh Fómhair, 2002;
- Cánachas Laghdaithe: mar gheall ar na pacáistí cánach pearsanta beidh méaduithe substainteacha ar phá ag gach leibhéal ioncaim thar ré an Chláir seo;
- Athchóiriú an Chórais Leasa Shóisialaigh: méadófar na rátaí go léir leasa shóisialaigh i dtéarmaí réadúla agus déanfar dul chun cinn substainteach i dtreo na spriocanna do na rátaí is ísle agus do shochair linbh mar atá leagtha amach i gCreat III;
- Traenáil: tabharfar isteach réimse beart chun scileanna breise a thabhairt don fhórsa saothair i gcoitinne rud a rachaidh i bhfeidhm, ach go háirithe, ar dhaoine ar ioncaim ísle agus orthu sin atá ag dul isteach san fhórsa saothair athuair; agus
- Pinsin: tá comhaontú déanta ag na páirtithe comhoibriú go gníomhach chun feabhsúcháin a chur chun cinn ar an gclúdach a chuirtear ar fáil le scéimeanna pinsin cheirde agus déanfar leibhéal na bpinsean seanaoise Stáit a fheabhsú de réir na ngealltanas a thugtar san Athbhreithniú ar Chlár Gníomhaíochta an Rialtais don Mhílaois.

Iompar
Aithníonn an Clár um Rathúnas agus Cothroime nach mór feabhas a chur ar iompar poiblí agus go gcaithfear an tranglam bonneagair a shárú le go gcuirfear feabhas ar chaighdeán saoil na ndaoine agus le go gcothófar fás eacnamaíochta. Áirítear na nithe seo a leanas ar na príomhbhearta:

- an clár infheistíochta is mó riamh inár gcórais iompair phoiblí - is é is aidhm leis sin ná córas iompair phoiblí lánpháirtithe a oibríonn go maith a chur ar fáil agus laghdú a dhéanamh ar an am a thógann sé chun taisteal chuig an obair i limistéir phlódaithe uirbeacha;
- cur chuige nua níos tapa i dtaca le bóithre náisiúnta agus mótarbhealaí nua a thógáil;
- fócas nua ar chaighdeán na seirbhíse iompair phoiblí;
- Fóram Comhpháirtíochta Iompair Phoiblí a chur ar bun; agus
- leas a bhaint as Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha chun soláthar córas nua iompar a luathú.

Tithíocht

Tá tionchar ag an tranglam bonneagair ar an margadh tithíochta freisin. Tugann an Clár um Rathúnas agus Cothroime aghaidh freisin ar ar an ngá méadaitheach le haghaidh tithíochta sóisialta ar phraghas insroichte agus ar an ngá le feabhas a chur ar riocht fisiciúil an stoic láithrigh de thithíocht sóisialta. Áirítear ar na bearta:

- Fóram Tithíochta a bhunú ar a mbeidh ionadaithe ó na comhpháirtithe sóisialta agus ó Ranna

Rialtais iomchuí;

- leathnú a dhéanamh ar an gclár tithíochta Údarás Áitiúil chun 22,000 teach nua Údarás Áitiúil a thosú sa tréimhse ceithre bliana 2000 - 2003;
- an Bille Pleanála agus Forbartha a achtú chun fáil réidh le bacainní agus moilleanna maidir le forbairt tithíochta;
- méadú a dhéanamh ar aschur tithíochta saorálaí go 5,400 aonad sa tréimhse ceithre bliana 2000 - 2003;
- infheistíocht leanúnach i bhfeabhsúcháin ar thithe Údarás Áitiúil agus i mbloic árasán i lár cathracha;
- tionscnamh ar leith do dhaoine gan dídean;
- Cláir Bainistíochta Eastáit, lena ngabhann páirteachas méadaithe ag tionóntaí i gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla agus le foireann na nÚdarás sin; agus
  tabharfaidh coimisiún tuarascáil faoi Mheitheamh 2000 ar bhearta chun athchóiriú a dhéanamh ar an earnáil cónaithe phríobháideach ar cíos.

Polasaithe Cúraim Leanaí agus Polasaithe a oireann do theaghlaigh

Aithníonn an Clár um Rathúnas agus Cothroime gurb ionann polasaithe chun tacú le cúram leanaí agus saol an teaghlaigh agus bonnchloch le haghaidh dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíochta sa todhchaí. Dá réir sin is é aidhm an Chláir ná:

- an líon áiteanna cúraim leanaí a mhéadú san earnáil phríobháideach agus san earnáil phobail; leas leanaí a chosaint trí thraenáil chuí a thabhairt d'oibrithe cúraim leanaí agus trí rialáil a dhéanamh ar sholáthar cúraim leanaí;
- méadú a dhéanamh ar sheirbhís cúraim leanaí lasmuigh d'uaire scoile ag grúpaí pobail agus ag lucht bainistíochta scoileanna; agus
- bearta náisiúnta polasaí eile, idir bhearta fhioscacha agus bhearta shóisialta, chun comhréiteach a dhéanamh idir an obair agus saol an teaghlaigh, lena n-áirítear polasithe fostaíochta a oireann do theaghlaigh.

Cúram Sláinte

Aithníonn an Clár um Rathúnas agus Cothroime an gá le seirbhísí ardchaighdeáin cúraim sláinte a chur ar fáil do dhaoine atá breoite nó atá faoi mhíchumas. Leagfar béim níos mó ar an gcaighdeán saoil a fheabhsú trí straitéisí a bheidh dírithe ar chur chun cinn sláinte agus ar bhearta coisctheacha. Áireofar ar na bearta:

- mórinfheistíocht chaipitiúil chun cumas na seirbhísí sláinte, idir sheirbhísí ospidéil agus seirbhísí pobal-bhunaithe, a mhéadú;
- forbairt a dhéanamh ar Straitéis nua Chur Chun Cinn Sláinte a bheidh dírithe ar réimsí ar nó caitheamh tobac, bia folláin agus athru ar stíl mhaireachtála;
- méadú a dhéanamh ar sheirbhísí cóireála agus athshlánúcháin do mhi-úsáidirí drugaí;
- seirbhísí níos fearr do spriocghrúpaí áirithe mar shampla mná, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus an Lucht Siúil; agus
- forbairt a dhéanamh ar mhúnlaí nua chun scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun dul i dtreo cúraim phríomhaí seacht lá 24 huaire sa lá.

Cothroime

Tá cothroime deiseanna agus deireadh a chur le hidirdhealú ina bpríomhghnéithe de shochaí nua-aoiseach oscailte uilechuimsiteach. Tabharfaidh an Clár um Rathúnas agus Cothroime tacaíocht do pholasaithe agus do bhearta praiticiúla chun cothroime a chur chun cin trí:

- creat reachtaíochta nua-aoiseach lena gcuirfear deireadh le hidirdhealú i bhfostaíocht agus i seirbhísí;
- institiúidí chun cur i gcoinne idirdhealaithe agus chun sásamh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine a mbíonn fadhbanna acu;
- bearta eile chun dul i ngleic le nithe a bhaineann le cothroime; agus
- -240córas cothroime-phromhadh agus sásraí le haghaidh faireacháin leanúnaigh.

An tAthrú Leanúnach mar Dhúshlán

Féachann an Clár do Ráthúnas agus Cothroime foghlaim saoil mar chroílár d'fhás eacnamaíoch inmharthana amach anseo agus d'fhorbairt shóisialta ag tráth a bhfuil athrú leanúnach ag tarlú. Is éard atá ann pacáiste radaiciúil de bhearta foghlama saoil a dhéanfaidh:

- feabhas a chur ar litearthacht luath agus aosaigh chomh maith le TE, eolaíocht agus scileanna teanga;
- tacaíocht a thabhairt d'uas-rannpháirtíocht do chách in oideachas agus i gcláir oiliúna;
- a chinntiú go bhfreagraíonn ár gcuid clár oideachais agus oiliúna do riachtanas eacnamaíocha agus sóisialta;
- forbairt na hearnála foghlama aosaigh a chur chun cinn agus;
- leibhéal foirne scoileanna a fheabhsú chun freastal ar na riachtanais is mó.

Tá sraith bearta sa Chlár freisin atá leagtha amach chun dlús a chur le hathrú na hÉireann chun bheith ina Sochaí Eolais. Áirítear ann bearta dírithe ar:

- chur le scileanna daoine le go mbeidh siad ábalta a bheith páirteach i sochaí an eolais;
- shochaí eolais a bheidh in acmhainn daoine agus uilechuimisitheacht a chothú;
- Éire a fhorbairt mar ionad do r-thráchtáil ; agus
- thacú le teile-oibriú agus é a spreagadh.

Talmhaíocht

Is é tuiscint an Chláir um Rathúnas agus Cothroime go mbeidh an talmhaíocht agus an tionscal bia talmhaíochta mar bhunchloch láidir d'eacnamaíocht na hÉireann sa chéad bliain amach romhainn. Is é an aidhm atá aige tionscal láidir, ceann a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta a chothú agus a chinntiú go mbeidh caighdeáin beatha níos fearr ag teaghlaigh fheirmeoireachta ag teacht leis na noirm san eacnamaíocht seo atá ag fás. Tá príomhbhearta dírithe ar:

- chroílár fheirmeacha lánaimseartha a fhorbairt agus tacú leo;
- chur le deiseanna chun ioncam as fheirm inmharthana a mhéadú;
- fheabhas a chur ar struchtúr aoise feirmeoirí;

- tháirgí earnáil na talmhaíochta a chur chun cinn sa slabhra bia;
- bhéim níos mó a chur ar chaighdeáin arda comhshaoil, sábháilteacht bia agus sláinte ainmhithe;
- lár-leasa feirmeoireachta na hÉireann a chosaint i gcomhthéacs mhéadú ar an AE agus idirbheartaíochtaí WTO; agus
- sheirbhísí Stáit éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar d'fheirmeoirí;

Páirtnéireacht Thuaidh/Theas a chur chun cinn

Beidh na páirtnéirí sóisialta ag iarraidh oibriú i gcomhar leis na leasanna cuí ar fad chun fís Chomhaontú Aoine an Chéasta a thabhairt chun críche agus na struchtúir a eascraíonn as trí;

- Lánfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta a chur chun cinn;
- Dialóg idir an Chomhairle Thuaidh/Theas, na Forais Fheidhmithe agus na páirtnéirí sóisialta a chur chun cinn ar mhaithe le comhghníomh nuair is leas coiteann atá i gceist;
- Féachaint go gníomhach cé na bealaí is fearr chun tuairimí agus saineolas na bpáirtnéirí sóisialta a úsáid chun comhoibriú a bhunú idir an Tuaisceart agus an Deisceart agus idir Éirinn agus an Bhreatain;
- Dheiseanna forbartha do chomhoibriú mar atá leagtha amach sa Chomchaibidil sa PFN;
- An leas is mó a bhaint as maoiniú AE faoi INTERREG, agus tionsnaimh eile de chuid an Aontais agus an Chláir Síochána; agus
- Cearta daonna a chur chun cinn.

Tiomantacht don Domhan Mór

Chun aithint á thabhairt don athrú atá ar ról na hÉireann sa Domhan Mor atá ag athrú, beidh béim an pholasaí eachtrannaigh ar:

- rannpháirtíocht ghníomhach san AE agus i bhfora idirnáisiúnta eile ó thaobh fhorbairt polasaí go háirithe maidir le méadú ar an AE, iomaíochas agus cearta daonna;
- polasaí sóisialta cómheáite AE a fhorbairt chun cosaint shóisialta leordhóthanach a bhaint amach agus chun cuidiú le tabhairt faoi dhífhostaíocht, bhochtaine agus eisiachas sóisialta;
- bhabhta bunaithe ar leibhéal domhanda d'idirbheartaíochtaí a chur chun cinn ag tabhairt cosaint ach go háirithe do na torthaí cómheáite a baineadh amach faoi Agenda 2000;
- cur leis an dul chun cinn substaintiúil a rinneadh le blianta beaga ó thaobh sholáthar Cúnamh Forbartha Thar Lear; agus
- an pobal idirnáisiúnta a spreagadh ó thaobh glacadh le cur chuige flaithiúil agus solúbtha i leith na dtíortha bochta atá go mór i bhfiacha.

Creat I
Do Chaighdeáin Mhaireachtála agus Timpeallacht Oibre

Réamhrá

I measc phríomhaidhmeanna an Chláir seo tá caighdeáin mhaireachtála níos airde agus feabhsuithe sa timpeallacht san ionad oibre a bhaint amach. Bionn tionchar ag go leor ceisteanna éagsúla ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar an timpeallacht oibre. Áirítear orthu sin pá agus piinsin, íocaíochtaí leasa shóisialaigh, cánachas, seirbhísí poiblí níos fearr agus caidrimh oibre níos fearr trí pháirtnéireacht agus trí chomhdheiseanna agus polasaithe a bhíonn i bhfabhar an teaghlaigh a chur chun cinn.

Maidir le cúrsaí pá tá téarmaí an Dhréacht-Chomhaontaithe Pá leagtha amach in Iarscribhínn I agus Iarscríbhinn II atá ag gabháil leis an gCreat seo.

Áirítear sa phacáiste uilechuimsitheacht shóisialta atá i gCreat III tionscnaimh thábhachtacha chun caighdeáin mhaireachtála na ndaoine a bhraitheann ar leas sóisialach a fheabhsú.

Tá na ceisteanna leagtha amach sa Chreat mar seo a leanas:

Alt 1.1: Cánachas

Alt 1.2: Pinsin

Alt 1.3: (a) Caidrimh Ionad Oibre a Fheabhsú trí Pháirtnéireacht d'Fhiontair Iomaíocha agus

(b) Timpeallacht Ionad Oibre

Alt 1.4: An tSeirbhís Phoiblí a Nua-Chóiriú - An Chéad Chéim eile

1.1 Cánachas

1. Le linn thréimhse an Chláir seo agus chomh fada le Buiséad 2003 agus é sin san áireamh beidh méaduithe sa ghlanphá a thabharfar abhaile lena n-áirítear méaduithe pá suas le 25% nó níos mó.

Cánachas Pearsanta

2. Daingníonn an Rialtas agus na Páirtnéirí Sóisialta a gcuid tacaíochta do thuilleadh leasuithe cánach agus do laghduithe cánach chun cuidiú le staid íocóirí cánacha, chun cur le glanphá abhaile a chlúdaíonn an Clár seo, go háirithe iad sin le hioncam faoin meán agus struchtúr an chórais chánach a fhorbairt chun sochair a sheachadadh agus acmhainní a dhíriú ar bhealach cothrom.

3. Is féidir sochair chánach a sheachadadh trí chreidiúintí cánach pearsanta, an banna ráta caighdeánaigh a leathnú agus laghduithe sna rátaí ag a ngearrtar cáin. Féachann an Rialtas agus na páirtnéirí sóisialta ar mhéaduithe sna creidiúintí cánach agus ar fhorbairt ar an chóras creidiúintí cánach mar réimse tosaíochta d'acmhainní le linn an Chláir seo. Is aidhm polasaí comhaontaithe idir an Rialtas agus na páirtnéirí sóisialta go mbainfear iad sin ar fad, thar thréimhse ama, nach bhfuil ag saothrú ach an t-íosphá as an ngréasán cánach.

4. Tacaíonn na páirtnéirí sóisialta leis an bpolasaí banna cánach ioncaim ar ráta caighdeánach amháin a bhunú do gach íocóir cánach aonair. Aontaíonn siad freisin gur cheart athbhreithniú seasta a dhéanamh ar an banna cánach ioncaim ráta caighdeánaigh i gcomhthéacs méaduithe ar leibhéil ioncaim agus an aidhm a chinntiú thar am nach mbeidh ar a laghad 80% d'íocóirí cánach faoi réir an ráta níos airde cánach ioncaim.

5. Agus iad ag iarraidh creat polasaí a dhéanamh amach, creideann na páirtnéirí sóisialta gur cheart laghduithe cánach a sheachadadh ar an mbealach is dírí, cothroime agus trédhearcach is féidir; gur cheart caitheamh go cothrom le gach íocóir cánach faoin gcóras cánach; gur cheart gur gcaithfídh mar a chéile le gach ioncam ó fhoinsí éagsúla chomh fada agus is féidir. Sa chomhthéacs sin, beidh profa bochtaine déanta ar phacáistí cánach Buiséid. Tá na páirtnéirí sóisialta meáite de go gcaithfear muinín na n-íocóirí cánach i gcothroime an chórais a choiméad trí ghníomh daingean chun cur in aghaidh imghabháil cánach agus calaoise agus na deiseanna do sheachaint cánach a laghdú. Aontaíonn na páirtnéirí sóisialta agus polasaí cánach a leagan amach go bhfuil ról ann do chomhchomhairle níos fearr agus tionscnaimh polasaithe cánacha móra á scrúdú. Tugann na páirtnéirí sóisialta ar aird gur féidir le foilsiú páipéir pholasaí fearacht iad sin a ullmhaíodh faoin nGrúpa Straitéise Cánach cuidiú go mór maidir leis sin.

Ag Tabhairt faoi Imghabháil Cánach agus Calaois

6. Tá na páirtnéirí sóisialta tiomanta ar ról an Ghrúpa Monatóireachta atá ann a láidriú agus do bhearta chun cur leis na hacmhainní a fheidhmítear chun tabhairt faoi chalaois cánach agus leasa shóisialaigh agus imghábháil. Tugann na páirtnéirí ar aird na cumhachtaí méadaithe atá tugtha do na Coimisinéirí Ioncaim in Acht Airgeadais 1999 agus tiomantacht an Rialtais tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le méadú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais bhailithe cánach ag glacadh san áireamh na Fiosrúcháin phoiblí agus na cinn eile atá ar

bun faoi láthair nó atá díreach thart.

Creidiúintí Cánach

7. Fáiltíonn na Páirtnéirí Sóisialta roimh an athrú chuig córas iomlán creidiúintí cánacha atáthar i gceist a thabhairt isteach agus féachtar ar an gcóras creidiúintí cánach mar bhealach éifeachtach agus cothrom chun laghduithe cánacha a thabhairt isteach. Creideann na Páirtnéirí Sóisialta gur cheart an ról a d'fhéadfadh a bheith ag creidiúintí cánach inaisíoca i gcóras cánach agus leasa shóisialaigh a scrúdú go gníomhach. D'aontaigh siad gur cheart grúpa oibre ar nós an Ghrúpa Oibre Creidiúintí Cánach a bunaíodh faoi *Pháirtnéireacht 2000* chun an scrúdú sin a dhéanamh. Áirítear sa scrúdú sin an bhféadfaí an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh a íoc tríd an gcóras cánach. Ullmhófar tuarascáil ar an dul chun cinn faoi dheireadh an 2000.

Úinéireacht Scaireanna Fostaithe, Roinnt Gnóchana agus Roinnt Brabúis

8. Admhaíonn an Rialtas agus na páirtnéiri sóisialta ról Iontaobhais Rogha Scaireanna Fostaithe (ESOTanna), roinnt gnóchana, roinnt brabúis agus dreasachtaí airgeadais eile fostaithe ó thaobh páirtnéireacthaí a fhorbairt agus a neartú agus ó thaobh iomaíochas agus torthaí oibre a fheabhsú. Bunófar Coiste Comhairleach ar a mbeidh ICTU, IBEC, agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile chun moltaí a dhéanamh lena mbreithniú i gcomhthéacs Bhuiséad 2001.

Caitheamh le Costais agus Sochair a bhaineann le hObair

9. Aithnítear go mbíonn uaireanta ann go mbíonn torthaí nach raibh i gceist ó thús leis an mbealach a gcaitear le sochair agus costais a bhaineann leis an obair faoin gcóras atá ann faoi láthair. Tá difríochtaí tábhachtacha freisin idir an bealach a gcaitear le costais agus sochair dhaoine féinfhostaithe agus cinn fostaithe. Chomhaontaigh na páirtnéirí go ndéanfaí na ceisteanna sin a bhreithniú ag na páirtithe cuí lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ICTU, IBEC roimh Bhuiséad 2001.

Caiteachais Chánacha Roghnacha

10. Leanfaidh an Rialtas ag déanamh luachála go córasúil ar chaiteachais chánach roghnacha lena chinntiú go mbeidh siad ag freastal ar a n-aidhmeanna ar bhealach éifeachtach agus cothrom agus cuirfear torthaí na luachálacha sin ar fáil go poiblí.

Polasaí Cánach Meán Téarmach

11. Iarrfaidh an Rialtas ar NESC roghanna straitéiseacha do thodhchaí an chórais cánaigh agus leasa shóisialaigh a athbhreithniú as seo go ceann 10 bliana ag glacadh san áireamh treochtaí atá ag teacht chun cinn agus aidhmeanna polasaí. Cuirfear an tuarascáil ar fáil faoi Mheán Fómhair 2001.

CBL ar Sheirbhísí Diansaothair

12. Deimhníonn an Rialtas go bhfuil sé i gceist aige fanacht leis an gcaoi a bhfuil cúrsaí faoi láthair maidir le CBL ar sheirbhísí agus tógáil diansaothair faoi réir cheanglais AE. Beidh an Rialtas ag oibriú go gcoinneofar an córas CBL atá ann faoi láthair maidir le seirbhísí agus tógáil diansaothair atá ann faoi láthair i cibé córas CBL AE a thiocfaidh amach anseo.

1.2 Pinsin

Aidhmeanna

- Ba cheart go mbeadh pinsean leordhóthanach ag gach duine scortha lena chur ar a gcumas maireachtáili le dínit agus teacht a bheith acu ar bhuntáistí an fháis eacnmaíoch.
- Ní mór méadú a dhéanamh ar leibhéal reatha na scéimeanna pinsean reatha.
- I bhfianaise sprioc an Thionscnaimh Náisiúnta Pinsin is é sin clúdach pinsin oibre 70% den lucht oibre os cionn 30, aontaíonn na páirtithe comhoibriú go gníomhach chun feabhsúcháin a chur chun cinn i gclúdach scéimeanna pinsin oibre thar tréimhse saoil an chláir seo.

Gníomhaíochtaí

1. Tá aird tugtha cheana féin ag an Rialtas ar mholadh Thuairsc an NPPI an pinsean leasa shóisialaigh a ardú thar tréimhse 5-10 mbliana go dtí 34% de mheán pá tionsclaíoch. Le linn thréimhse an chláir seo tiocfaidh feabhsú ar leibhéal pinsin sean-aoise Stáit de réir tiomantais a tugadh in *Athbhreithniú ar Chlár Gnímh an Rialtais don Mhílaois*.

2. Bunófar socruithe nua réamhmhaoinithe chun cuid den chostas a bhainfidh le pinsin leasa shóisialaigh agus sheirbhís phoiblí sa todhchaí a sheasamh. Rithfear an reachtaíocht riachtanach sa bhliain 2000.

3. Foilseofar an bille nua pinsin roimh mhí Iúil 2000. Cuirfidh an bille creat ar fáil chun Cuntais Coigiltis Scoir a thabhairt isteach níos luaithe. Tá fostóirí agus comhchumainn tiomantaí do chur chun cinn agus do thabhairt isteach scéimeanna oibre d'fhostaithe nach bhfuil fáil acu ar a leithéid de scéimeanna, chomh fada is nach gcuirfidh an costas atá i gceist as d'iomaíochas ná d'fhostaíocht i bhfiontair. Chomh maith leis sin ní chuirfidh aon chuid den Chlár seo as d'fheabhsúchán scéimeanna sa chás is go bhfuil na fostóirí agus/nó na fostaithe i gceist ábalta an costas a sheasamh.

4. Déanfar suirbhé ar chlúdach pinsean oibre sna chéad cúig mhí dhéag den Chlár seo chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul cinn i dtreo sprioc an NPPI. Socrófar ábhar agus amchlár an tsuirbhé chomh maith le hathbhreithnithe a dhéanfar ina dhiaidh sin leis an mBord Pinsin. Déanfar athbhreithniú ar an eolas a fhaightear agus bainfear leas as chun treochtaí maidir le clúdach a leanacht agus dá bharr beifear ábalta monatóireacht a dhéanamh ar mhéid agus ar éifeachtaí na bPRSA.

5. Tar éis don Rialtas breathnú ar Thuairisc an Choimisiúin ar Phinsin Seirbhíse Poiblí, táthar ag súil go mbeidh sé sin déanta i lár na bliana 2000, bunófar Grúpa Oibre a mbeidh na ceardchumainn, Ranna Rialtais cuí agus páirtithe oiriúnacha eile páirteach ann chun comhairle a thabhairt maidir le cinnithe cuí Rialtais a chur i bhfeidhm agus é ar intinn acu aon athruithe molta i socruithe pinsin seirbhíse poiblí a thabhairt isteach chomh tapa agus is féidir, lena n-áirítear na pinsin dóibh siúd atá ar phá íseal.

1.3 Caidreamh san Ionad Oibre agus Timpeallacht Oibre.

(a) Feabhsú ar Chaidreamh san Ionad Oibre trí chomhpháirtíocht d'Fhiontair Iomaíocha

Forbairt na Comhpháirtíochta ag Leibhéal Fiontair

1. Thacaigh na hathruithe tobann eagraíochta i bhfiontair leis an tréimhse fáis geilleagair ó 1996 agus as seo d'fhoghlamaíomar go leor madir le comhpháirtíocht fiontair. Ó a bheith ag obair le chéile chun comhpháirtíocht fiontair a fheabhsú thug sé ugacht do pháirtnéirí sóisialta socruithe a chur i bhfeidhm a thugann deis níos fearr dóbhsan monatóireacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht comhpháirtíochta amach anseo.

2. Faoi *Chomhpháirtíocht 2000*, rinneadh dul cinn suntasach i gcomhpháirtíocht fiontair:

- tugadh isteach leaganacha nua d'eagrú oibre agus leibhéil bainte níos mó a bheith ag fostaithe;
- tionscadail nuálach píolótach ina bhfuair cumainn fostóirí agus ceardchumainn eolas níos fearr ar chomhpháirtíocht agus inár tháinig siad ar chur chuigí nua is iad ag obair i gcomhar le comhlachtaí mar an tIonad Náisiúnta do Chomhpháirtíocht agus Ionad Táirgíochta an hÉireann;
- eolas ar chur chur chuigí maidir le scaipthe comhpháirtíochta foghlamtha de bharr taithí á gcur i bhfeidhm agus níos tábhachtaí de bharr tionscadail phíolótacha maoinithe ag an AE; agus
- nuáil i réimsí airgeadais.

3. Tá an dul chun cinn sin déanta i bhfiontair bheaga agus mhóra agus i gcuideachtaí dúchasacha agus eachtracha. Tugann na forbairtí sin an deis na prionsabail atá leagtha amach in gCaibidil 9 de *Chomhpháirtíocht 2000* a leathnú agus a dhaingniú.

Príomhchuspóirí

4. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- Cumas eagraíochtaí a chur chun cinn go gcabhróidh sé le buntáiste iomaíochta.
- Feabhas a chur ar an timpeallacht oibre agus ag an am céanna táirgíocht agus seirbhís ar fheabhas a bhaint amach.
- Cur le caidrimh atá sa ionad oibre cheana féin tríd an bpróiséas comhpháirtíochta a bhunú nó a dhaingniú ag leibhéal fiontair.

Comhpháirtíochtaí a Mhíniú

5. Mar seo a leanas a mínítear Comhpháirtíochtaí Fiontair:

'caidreamh gníomhach bunaithe ar an tuiscint gurb é an leas coiteann iomaíochas, inmharthanacht agus rathúnas an fhiontair a bhaint amach. Teastaíonn tiomantas leanúnach ó fhostaithe go mbeifear ag cur feabhsú ar chaighdeán is ar éifeachtacht: agus caithfidh fostóirí glacadh leis go bhfuil leas ag na fostaithe agus go bhfuil cearta agus suimeanna acu a chaithfear a thógáil san áireamh i gcomhthéacs cinnithe móra a déanfaí is a mbeadh tionchar acu ar a gcuid fostaíochta.

I gcomhpháirtíocht caithfear aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus na fostaithe/ionadaithe rannpháirteach go díreach i réiteach na ndúshláin sin agus caithfear infheistiú a dhéanamh i bhforbairt oiliúna agus sa timpeallacht oibre.'

Prionsabail chun tacú le Creat Comhpháirtíochta san Ionad Oibre a Dhaingniú

6. Fócas ar iomaíochas

- Fócas ar iomaíochas lena n-áirítear an bealach gur féidir eagraíochtaí a dhéanamh níos solúbtha, níos

inoiriúnaí agus níos nuálaí.

7. Ag cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo faoi Chomhpháirtíocht 2000

- Cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo faoi Chomhpháirtíocht 2000 chun an cur chuige comhpháirtíochta a a fhorbairt ag leibhéal fiontair trí rannpháirtíocht chun cur le iomaíochas gnóthaí agus caighdeán an tsaoil oibre.

8. Gan múnla comhpháirtíochta amháin a úsáid

- Is féidir réimse múnlaí agus modhanna a úsáid chun teacht ar chur chuigí comhpháirtíochta atá oiriúnach do riachtanais gach fiontair ann féin.

9. Tacaíocht d'Fhostóirí agus do Cheardchumainn

- Tá IBEC agus ICTU tiomanta i dtreo tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh oiriúnacha ag an leibheál fiontair.

10. Mianach saorálach an phróisis

- Rannpháirtíocht na bhfostóirí agus na gceardchumainn i ngníomhaíochtaí comhpháirtíocht de bharr plé ar thoipicí in Alt 16 ar bhonn deonach.

11. Luacháil agus Monatóireacht

- aithnítear an tábhacht atá le cómhonatóireacht cómheasúnú leanúnach de réir mar atá rudaí á gcur i bhfeidhm maidir le feabhsú an chaidrimh sa láthair oibre.

Leanacht le Forbairt na Socruithe Comhpháirtíochta ag Leibhéal na Fiontraíochta

12. Tá a fhios ó thorthaí taighde a déanadh le blianta beaga anuas, chomh maith le tionscnaimh agus cláir ar tugadh fúthu le linn *Chomhpháirtíocht 2000*, go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le feabhas a chur ar an gcaidreamh le fostaithe. Tá fianaise freisin ann go bhfuil fás tagtha ar an ghníomhaíocht Comhpháirtíochta ag leibhéal na fiontraíochta. Aontaíonn fostóirí, eagrais agus ceardchumainn nach bhfuil an feabhas céanna tagtha i ngach áit agus gur mhaith an rud dul chun cinn níos mó i ngach gné den eacnamaíocht le cur le rannpháirtíocht na bhfostaithe, torthúlacht agus fostaíocht. Aithnítear an tábhacht mhór atá le aontú ag leibhéal áitiúil an fhiontair ar mhaithe le tuilleadh forbartha ar an bpróiseas Comhpháirtíochta.

13. Mar gheall air sin, moltar cur leis an taithí luachmhar a baineadh as an Ionad Náisiúnta Comhpháirtíochta, an togra PACT, togra ADAPT de chuid SIPTU, an togra NWO agus eile agus oibriú le ceachtanna a fhoghlaim ón gComhpháirtíocht agus an t-eolas sin a scaipeadh.

14. Oibreoidh IBEC agus ICTU as lámh a chéile le treoirlínte a fhorbairt a chuideoidh le cuideachtaí tabhairt faoi shocruithe Comhpháirtíochta agus lena gcur i bhfeidhm go sásúil.

15. Aithnítear an ról tábhachtach atá ag tacaíocht institiúidí leis an obair sin agus cuirfear torthaí an mheasúnaithe atá á dhéanamh faoi láthair maidir le forbairt Comhpháirtíochta san áireamh sa chomhthéacs sin.

Ábhar Comhpháirtíochta

16. Leagtar amach réimse ábhar i gCaibidil 9 de *Chomhpháirtíocht 2000* le plé a dhéanamh orthu nó a bhféadfaí tionscnaimh, gníomhaíochtaí agus socruithe páirtnéireacha a bhunú orthu ag leibhéal na fiontraíochta. Aontaíonn IBEC agus ICTU gur ábháir sásúla iad sin le plé agus le cur chun cinn ar bhealach aontaithe, ag brath ar chuinsí áirithe an fhiontair. I gcomhthéacs an Chláir seo, tagann na hábhair seo a leanas go mór i gceist:

- cumas iomaíochta, cumas oiriúnaithe, solúbthacht agus cumas athraithe sa bhfiontar;
- córais níos fearr maidir le heagrú oibre;
- oiliúint agus forbairt phearsanta a bheadh ceangailte le foghlaim saoil - (mar a leagtar amach i Roinn 4.1 de Chreat IV);
- bearta le cothroime deise agus socruithe oibre nach ngoilleann ar an teaghlach a chothú (mar a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV leis an gCreat seo);

- réiteach fadhbanna agus seachaint aighnis;
- cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa ceirde ina n-áirítear feabhsúcháin ar an timpeallacht fhisiciúil;
- eolas agus comhairle;
- am saor, áiseanna agus oiliúint d'ionadaithe foirne; agus
- modhanna rannpháirtíochta airgeadais.

17. Beidh aon phlé a dhéantar dírithe ar thuiscint níos fearr a chothú ar a bhfuil teacht roimh an bhfiontar agus ar na bearta is gá leis na dúshláin a shárú agus ar a chinntiú go bhfuil socruithe cumarsáide sách maith sa bhfiontar.

18. (a) Aon tionscnaimh ná moltaí a dtugann bainistíocht fúthu astu féin maidir leis na hábhair sin thuas, is tionscnaimh dheonacha a bheidh iontu agus mura socraíear iad, ní phróiseálfar tuilleadh iad (iad a chur faoi bhráid an tríú páirtí san áireamh gan gach páirtí sa phlé ag aontú leis sin).

(b) Tarlú plé nuair a fhaightear iarratas ó fhostaithe nó a gcuid ionadaithe maidir leis na hábhair thuas. Má tharlaíonn nach mbíonn aon aontú mar gheall ar an bplé, ní féidir an cás a phróiseáil tuilleadh ná a chur faoi bhráid an tríú páirtí mara n-aontaíonn páirtithe uile an plé sin a dhéanamh.

Ar aon chuma, ní chuirfear isteach ar chomhoibriú in aon chás maidir le (a) nó (b) thuas.

19. Maidir le rannpháirtíocht airgeadais, aithníonn ICTU agus IBEC an pháirt atá ag baint a bheith ag an bhfostaí aonair le cruthú airgeadais na cuideachta le daingniúc comhpháirtíochta agus cur le gnóthú agus cumas iomaíochta. Tá ESOT,ESOP, cionroinnt buntáiste, cionroinnt brabaigh, agus dreasachtaí airgeadais eile le fostaithe ar chuid de na scéimeanna atá in úsáid. Oibreoidh IBEC agus ICTU as lámh a chéile le treoirlínte a chur le chéile a thabharfaidh tacaíocht, cúnamh agus spreagadh don phróiseas.

20. Tá aontaithe in Alt 8 de Roinn 1.1 an Chreat seo go mbunófar Coiste Comhairleach a mbeidh baint ag ICTU, IBEC agus Ranna agus Gníomhaireachtaí cuí an Rialtais leis, chun moltaí a dhéanamh le cur san áireamh agus buiséad 2001 á ullmhú.

Tacaíocht Institiúideach don Chomhpháirtíocht

21. Is léir gur ag fostóirí, fostaithe agus ceardchumainn atá an príomhról i bhforbairt Chomhpháirtíocht fiontraíochta agus cumas eagraithe. Is féidir le comhlachtaí institiúideacha cuiditheacha cur lena gcuid oibre.

22. Spreagann an cur chuige sin gach eagras leis na caighdeáin is airde is féidir a bhaint amach maidir lena modh Comhpháirtíochta féin. Cothaíonn sé chomh maith comparáid ghníomhach, leanúnach idir:

- modhanna Comhpháirtíochta agus rannpháirtíochta;
- cleachtais sa láthair oibre; agus
- straitéisí le feabhas a chur ar thorthaí fiontair agus ar Chomhpháirtíocht.

23. Is den tábhacht é go mbeadh na socruithe institiúideacha agus na hacmhainní cuí ar fáil le tacú le forbairt na Comhpháirtíochta. Tá ról tábhachtach ag an Ionad Comhpháirtíochta Náisiúnta sa phróiséas sin agus moltar go gcuirfí leis an ról sin mar atá leagtha amach i Roinn 5.7 i gCreat V. Oibreoidh an tIonad in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta le tacú le daingniú na Comhpháirtíochta ar bhealaí ar nós:

- machnamh, cothú aontais agus scaipeadh;
- monatóireacht;
- taighde agus anailís; agus
- oiliúint agus déanamh éascaíochta.

24. Cuirfear ról eagrais eile san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a chuireann le forbairt Chomhpháirtíochta san áireamh freisin sa chomhthéacs seo.

25. Rachaidh na Comhpháirtithe sóisialta i gcomhairle lena chéile agus déanfaidh siad moltaí leis an Rialtas

maidir leis na mionsocruithe atá le déanamh le héifeacht a bheith ag na struchtúir institiúideacha neartaithe is gá agus le cúrsaí airgeadais.

(b) Timpeallacht na hOibre

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas Oibre

Briathar

- Laghdú ar líon na dtimpistí agus béim a chur ar chúram na bhfostóirí agus na bhfostaithe araon maidir le seachaint timpistí ar an láthair oibre agus cothú cultúr sláinte agus sábháilteachta.
- Scrúdú a dhéanamh ar an gcóras atá ann faoi láthair le plé le gortuithe pearsanta lena chinntiú go bhfuil bealaí réadúla, cothroma ann le déileáil le éilimh ghortuithe pearsanta le stuaim agus staidéar.

Beart

1. Tabharfar an t-athbhreithniú ar an Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair chun críche faoi Fhómhar na bliana 2000 agus beidh san áireamh ann scrúdú ar cheisteanna maidir le tuiscint leathan ar shláinte agus leas ag an obair (e.g. strus agus bulaíocht), chomh maith le bealaí nua le tabhairt níos fearr faoi chosc, comhlíonadh agus comhairle.

2. Forbrófar Cóid Cleachtais i réimsí a mholfar san athbhreithniú, sláinte ceirde san áireamh, d'fhonn tástáil sláinte agus cur chun cinn na sláinte a chothú agus smaoineofar ar bhearta ag leibhéal na fiontraíochta taobh istigh den chreat Comhpháirtíochta.

3. Déanfar scrúdú i rith na bliana 2000 ar an argóint maidir le acmhainní breise don HSA agus le ciste do chomhfhiontair sna hearnálacha is mó baoil, ar nós tógáil, arna chur san áireamh go bhfuil freagrachtaí chomh maith ar fhostóirí agus fostaithe.

4. Socrófar bearta le plé le castacht na gceisteanna a éiríonn ó éilimh gortaithe pearsanta; scrúdófar go háirithe, ar cheart Bord Cúitimh a bhunú mar rogha eile seachas an córas atá ann faoi láthair.

5. Aithnítear fiúntas a bheith le Workplace Safety Initiative IBEC/ICTU i gcruthú timpeallacht sláinte agus sábháilteachta. Is den tábhacht é go mbainfí leas iomlán as.

Oibrithe Neamhghnáthacha

6. Tabharfaidh an Rialtas an Bille le Treoir an AE maidir le hObair Pháirtaimseartha a chur i bhfeidhm os comhair an Oireachtais faoi Mheitheamh 2000. Cinntíonn an Rialtas go bhfuil pinsin cheirde san áireamh sa sainmhíniú a thugtar ar luach saothair sa Treoir maidir le hOibrithe Páirtaimseartha.

7. Tabharfar an Bille le Treoir an AE maidir le Conarthaí Téarma Seasta os comhair an Oireachtais in am leis an Treoir a chur i bhfeidhm roimh an dáta deiridh i mí Iúil 2001.

8. Leanfar den chomhairle agus den phlé le IBEC agus ICTU maidir le haistriú gach aon Treoir.

Stádas Fostaíochta

9. Féachfaidh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta le theacht ar shainmhíniú amháin ar "fostaí" bunaithe ar chritéir shoiléire ionas gur féidir stádas fostaíochta duine a mheas.

Ceart Margála

10. Déanfaidh na páirtithe monatóireacht le linn an Chláir ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta le héifeacht a thabhairt do Thuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil.

Rannpháirtíocht Oibrithe (Fiontair Stáit)

11. Aithnítear gur chuir na bearta a leagtar amach sna hAchtanna um Rannpháirtíocht Oibrithe (Fiontair Stáit)

1977 agus 1988 le forbairt na gcuideachtaí tráchtála leathStáit.

12. Déanfaidh an Rialtas i gcomhar le ICTU agus IBEC athbhreithniú sa chéad bhliain den Chlár seo ar oibriú, éifeacht agus réimse na mbearta a bunaíodh de réir na nAchtanna. Beidh tionchar ag an athbhreithniú ar chinnidh maidir le ceist Stiúrthóirí de chuid an lucht oibre i gcomhthéacs aon chuideachta leathStáit a thagann faoi na hAchtanna a bheith á díol.

13. Idir an dá linn, leanfar ag déileáil le haon cheist a thagann aníos de réir an cháis sin féin agus ag déanamh na socruithe cuí.

Am Saor ar mhaithe le hOiliúint Ceardchumainn

14. I rith na céad bhliana den Chlár, déanfaidh IBEC agus ICTU athbhreithniú ar an gComhaontú eatarthu maidir le hionadaithe oibrithe a ligean ar chúrsai oiliúint ionadaithe ceardchumann.

1.4 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí - an Chéad Chéim Eile

Dul chun cinn le gairid

1. Is dúshlán leanúnach atá in athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a leanfar ag tabhairt faoi le linn an Chláir. Is bunús maith an dul chun cinn a déanadh le blianta beaga le haidhmeanna an Tionscnamh Straitéiseach Bainistíochta (SMI) a thabhairt chun cinn agus le feabhas leanúnach a chur ar sholáthar seirbhísí, bainistíocht acmhainní agus beocht eagraíochta.

2. Is iad na straitéisí bainistíochta earnálacha faoi SMI a bhí ag tiomáint an dul chun cinn go dtí seo. Le tamall anuas, bhí siad sin á gcur chun cinn trí na struchtúir rannpháirtíochta a bhunaíodh faoi *Comhpháirtíocht 2000* chun státseirbhísigh ag gach leibhéil a dhéanamh rannpháirteach i bpróiseas an athraithe.

3. As an struchtúr comhpháirtíochta tiocfaidh tuiscint níos fearr agus níos forleithne ar aidhmeanna eagraíochta agus tá an tuiscint sin ag teacht chomh maith le tuiscint den sórt céanna ar úinéireacht ar an bpróiseas do nua-chóiriú.

Gá le Nua-Chóiriú Seasta

4. Siúd is go bhfuil dul chun cinn maith déanta tá gá seasta le nua- chóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí. D'aithin tuarascáil NESC, *Opportunities, Challenges and Capacities for Choice*, le gairid an bhaint níos mó agus níos mó atá ag SMI leis na himthosca reatha. Dúirt an Chomhairle freisin *"it could be argued that the pace of change arising from SMI to date is in need of being progressed with greater urgency".* Ag féachaint do na dúshláin ar fad a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta na tíre a choinneáil agus a chur chun cinn tuilleadh mar atá leagtha amach in áiteanna eile sa Chlár, is léir go dteastaíonn tuilleadh dlúis maidir le nua-chóiriú a chur chun cinn sa tSeirbhís Phoiblí. Na cúiseanna a bhí le SMI a thabhairt isteach agus a bhí mar bhonn eolais leis agus na gníomhartha chun an tSeirbhís Phoiblí a nua-chóiriú tá siad fós ann agus tá níos mó bailíochta ag baint leo anois ná riamh.

5. Go háirithe is gá chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha atá athraitheach agus nua-aimseartha agus atá ag fás go tapa Seirbhís Phoiblí atá freagarthach, nuálach agus solúbtha a bheith ann. Tá domhandú atá ag méadú, domhandú atá ag teacht as dul chun cinn teicneolaíoch nach bhfuil deireadh leis agus éileamh atá ag méadú ón bpobal ag cur le brú ar an tSeirbhís Phoiblí. Braitheann sé an n-éireoidh le feidhmiú an Phlean Náisiúnta agus an Chláir ar Sheirbhís Phoiblí atá éifeachtach agus freagarthach. Tá ról tábhachtach fós ag an tSeirbhís Phoiblí, agus tá méadú ag teacht ar an ról sin ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar na saincheisteanna casta ar cuid iad den fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta reatha. Cinnfear cáilíocht fhreagarthacht na Seirbhíse Poiblí ar na héilimh dhúshlánacha seo cuid mhaith ag a cuid éifeachtacht agus inoiriúnachta ag déileáil le himthosca atá ag athrú. Beidh sé sin fíor ach go háirithe agus í ag freagairt agus ag bainistiú ceisteanna lena mbaineann tábhacht náisiúnta nó réigiúnach a éilíonn obair ó dhá eagraíocht nó earnáil nó líon níos mó ná sin laistigh den tSeirbhís Phoiblí. Ar an gcaoi chéanna caithfidh an tSeirbhís Phoibli níor mó airde a thabhairt ar mhianta a cuid foirne maidir le hobair níos féinsásúla agus slite gairmiúla níos fearr agus coinníollacha agus caidrimh oibre a chruthú a chuideoidh le sásamh oibre, móitivéisean agus tiomantacht foirne. Tá tábhacht leis freisin i gcomhthéacs an tSeirbhís Phoiblí a chur ar aghaidh mar rogha fostóirí sa mhargadh saothair faoi láthair a mbaineann an oiread iomaíochas leis.

An Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (TBS)

6. Is iad príomhchuspóirí an TBS agus na straitéisí gaolmhara rannacha ná leanúint den phróiseas nuachóirithe a thabhairt chun cinn. Leis na straitéisí sin ceanglaítear ar an tSeirbhís Phoiblí leanúint de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- feabhas a chur ar an obair a dhéanann sí maidir le forbairt an náisiúin;
- seirbhísí sármhaithe a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais na bhfaighteoirí ar shlí thráthúil éifeachtúil; agus
- acmhainní atá ar fáil a úsáid sa tslí is fearr a oireann dóibh.

Le linn na cuspóirí sin a chur chun cinn déanfar an dul chun cinn atá bainte amach go nuige seo a chomhdhlúthú agus déanfar príomhthionscnaimh a bhaineann le soláthar seirbhísí, bainistíocht acmhainní, athchóiriú rialachán agus an tSochaí Eolais a shaothrú trí phróiseas na comhpháirtíochta.

7. Má táthar chun cuspóirí an TBS a bhaint amach beifear ag brath ar fhorbairt leanúnach agus neartú an chur chuige bainistíochta straitéisí in éineacht le hiarrachtaí nua chun feabhsúcháin leanúnacha a bhaint amach i dtaca le bainistíocht acmhainní agus i dtaca le gach gné de sholáthar seirbhísí lena n-áirítear forbairt polasaí agus polasaí a chur i bhfeidhm. Beidh gá, san obair seo, le cuspóirí agus spriocanna i dtaca le gnóthú na gcuspóirí sin, a athbhreithniú agus a leagan amach i ngach earnáil agus i ngach eagraíocht sa tSeirbhí Phoiblí. Cuirfidh na cuspóirí sin polasaithe Rialtais, an Plean Náisiúnta Forbartha, an Plean Gníomhaíochta chun an tSochaí Eolais a Chur i bhFeidhm, an Clár seo agus riachtanais rannacha an chláir nuachóirithe TBS i gcuntas. Tríd an gcreat bainistíochta straitéisí, ina gcuimsítear ráitis eagraíochtaí ar straitéis, pleanáil gnó/seirbhíse agus bainistíocht torthaí oibre, soláthraítear slí chun cuspóirí agus spriocanna iomchuí a fhorbairt agus chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ina leith. Tacófar leis na nithe sin trí phleananna rannacha soláthair seirbhíse ina mbeidh caighdeáin seirbhíse dúshlánacha agus a ndéanfar forbairt orthu tríd an bpróiseas comhpháirtíochta agus i gcomhairle le húsáidirí seirbhísí poiblí.

An Creat Bainistíochta Straitéisí

8. Is próiseas rannpháirtíochta é Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí agus tá sé bunaithe ar chur chuige bainistíochta straitéisí ina mbíonn:

- Ráiteas Straitéise, *mar bhuneolas le haghaidh soláthair seirbhísí*
- *Pleanáil Ghnó/Seirbhísí, chun modh soláthair seirbhíse a chur ar fáil*
- *Bainistíocht Torthaí Oibre, chun feabhas a chur ar chaighdeán an*
- tSoláthair Seirbhíse.

9. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise aidhmeanna agus cuspóirí ardleibhéil na heagraíochta, na straitéisí agus na tosaíochtaí atá le saothrú le linn na haidhmeanna agus na cuspóirí sin a bhaint amach, agus conas a úsáidfidh sí a cuid acmhainní chun freastal ar na cuspóirí sin. Tugann sé míniú ar mhisean agus ar ról na heagraíochta ag féachaint do riachtanais úsáidirí seirbhísí agus do riachtanais a dtimpeallachta oibriochta, idir inmheánach agus seachtrach, d'fhonn cuspóirí dúshlánacha a leagan síos i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraíonn sí, i ndáil le modh agus am a soláthair agus i ndáil le húsáid acmhainní chun freastal ar na cuspóirí sin. Tá sé riachtanach go bhfuil an fhoireann go léir ag gach leibhéal páirteach i bhforbairt an ráitis straitéise lena chinntiú go bhfuil úinéireacht fhorleathan ann ar an ráiteas laistigh den eagraíocht. Go hiondúil, baineann an Ráiteas Straitéise le tréimhse trí bliana agus déantar athbhreithniú air uair amháin sa bhliain ar a laghad lena chinntiú go bhfuil sé cothrom le dáta.

10. Trí Phleanáil Ghnó/Seirbhísí aistrítear aidhmeanna agus cuspóirí ardleibhéil chuig cláir oibre atá níos mionsonraithe agus ina leagtar amach na cuspóirí agus na gníomhartha a bhíonn in úsáid le linn d'aonaid oibre agus don fhoireann a ngníomhaíochta a chur i gcrích ó lá go lá. Déantar táscairí nó tomhais le haghaidh torthaí oibre, ar táscairí nó tomhais chainníochtúla agus/nó cháilíochtúla iad, a fhorbairt lena chumasú faireachán a dhéanamh ar ghnóthú cuspóirí agus lena chumasú aon choigeartuithe is gá a dhéanamh. Is é a leanann as Pleanáil Ghnó'Seirbhísí ná cuspóirí foirne agus cuspóirí do dhaoine aonair agus, ar an dóigh sin, tugtar bonn le bainistíocht torthaí oibre.

11. Is próiseas leanúnach é bainistíocht ar thorthaí oibre agus tá sé dírithe ar chuspóirí na heagraíochta a bhaint amach trína chinntiú go bhfuil a fhios ag an bhfoireann ag gach leibhéal cén ról atá acu agus cad a bhítear ag súil uathu i dtéarmaí spriocanna agus caighdeán, go bhfuil eolas acu faoin dul chun cinn atá á dhéanamh agus go bhfuilan t-eolas, na scileanna teicniúla agus na hinniúlachtaí eile acu is gá chun a gcuid oibre a dhéanamh ar shlí éifeachtach éifeachtúil, nó go bhféadfaidh siad an t-eolas agus na scileanna sin a fháil. Cuireann bainistíocht éifeachtach ar chumas na foirne agus tugann sé an deis dóibh a bpoitinseal iomlán a bhaint amach. Baineann córas éifeachtach bainistíochta torthaí oibre leis an méid atá le baint amach agus conas é a bhaint amach agus le cúnamh a thabhairt don fhoireann a gcuid mianta oibre agus gairme a bhaint amach.

12. Bíonn feabhsú torthaí oibre dírithe ar fheabhas a chur ar caighdeáin seirbhíse. Tagann feabhas ar chaighdeáin seirbhísí ó fhócas láidir a bheith ar riachtanais faighteoirí, caighdeáin dhúshlánacha a leagan síos i seachadadh seirbhíse agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Sa chomhthéacs sin tá sé tábhachtach soláthar a dhéanamh do dhul i gcomhairle le soláthróirí agus úsáidirí na seirbhíse agus aischothú a fháil chun na feabhsúcháin riachtanacha a aithint agus an dul chun cinn a dhéantar ina dhiaidh sin i seachadadh na seirbhíse a dhéanamh bailíoch.

An Chéad Chéim eile - Príomh-Aidhmeanna

13. Is í an chéad chéim eile i Nua-Chóiriú na Státseirbhíse an chur chuige bainistíochta straitéise a neadú agus roinnt príomhaidhmeanna a bhaint amach thar thréimhse an Chláir. Is iad na haidhmeanna sin:

- córais bainistíochta torthaí oibre a leagan amach agus a fheidhmiú;
- straitéisí bainistíochta acmhainní daonna lánpháirtiúla a bhunú;
- solúbthacht eagraíochta feabhsaithe;
- oiliúint agus forbairt níos spriocaithe; agus
- acmhainn eagraíochta a neartú.

14. Ní mór na haidhmeanna sin a bhaint amach le taca a chur faoi fheabhsúcháin d'ardchaighdeáin sa seachadadh seirbhíse agus le cur ar chumas na Seirbhíse Poiblí freagra níos solúbtha a thabhairt ar riachtanais

atá ag úsáidirí na seirbhíse, riachtanais a bhíonn ag athrú. Tá an Clár leagtha amach chun naisc shoiléire idir pá na seirbhíse poiblí agus feidhmiú clár do nua-chóiriú ag leibhéal earnálacha agus eagraíochta trasna na Seirbhíse Poiblí a bhunú

Gnímh le Déanamh ag Leibhéal Earnálacha

15. Tá na gnímh atá le déanamh sa Státseirbhís agus sna hearnálacha oideachais, sláinte, Rialtais Áitiúil chun na príomhaidhmeanna sin a bhaint amach leagtha amach ag deireadh na rannóige seo. Leanfar gnímh den sórt céanna in earnálacha eile den tSeirbhís Phoiblí

Ceangal le Pá Seirbhíse Poiblí

16. Tá na páirtithe tiomanta, i gcúiteamh ar chomhaontú comhdhéanta faoi phá agus chánacha arna soláthar sa Chlár seo an clár nua-chóirithe a sheachadadh sa tSeirbhís Phoiblí. Go sonrach agus mar a léiriodh i Mír 4(c) d'Iarscíbhinn 11 a ghabhann leis an gCreat seo ar Phá Seirbhíse Poiblí íocfar arduithe áirithe faoin gClár seo i gcúiteamh ar aontú faoi léirithe thorthaí oibre do gach earnáil agus spriocanna rannóg a bhaint amach agus dul chun cinn maidir leis sin á mheasúnú ag leibhéal eagraíochta.

Cinnteacht Cáilíochtaí

17. Is tríd na structúir comhpháirtíochta a bunaíodh faoi *Chomhpháirtíocht 2000* a dhéanfar forbairt agus a chuirfear i bhfeidhim na léirithe torthaí oibre do gach earnáil. Is faoin Ard Rúnaí, Príomhoifigeach Bhord Sláinte, Bainisteoir Contae mar is cuí faoi réir má bhíonn easaontas ann ag tagairt do na socruithe arna soláthar i Tuarascáil Uimh 1331 ón gComhairle i gcás na Státseirbhíse nó a chomhionann in earnálacha eile a bheidh sé measúnú ar dhul chun cinn fíoraithe.

18. Glactar leis go bhfuil riachtanas ann socruithe oiriúnacha a chur ar fáil chun feabhsúcháin ar chinnteacht cáilíochtaí a chinnitú i ngach earnáil. Cuirfear na léirithe as gach earnáil ar fáil don Ghrúpa cuí chun a dheimhniú, chomh fada is bhaineann sé leosan, go bhfuil siad ag teacht leis na riachtanais atá leagtha amach sa Chlár seo agus sa Chomhaontú Pá a bhaineann leis agus go bhfuil siad sách dúshlánach sa chomthéacs sin. Níos deireanaí, nuair a dheimhneoidh gach eagraíocht go bhfuil a sprioc bainte amach acu cuirfidh siad tuairisc ar aghaidh chuig Grúpa Cinnteacha Cáilíochtaí[1] ag tabhairt cuntas ar an mbonn go ndearnadar cinneadh. Bheadh sé ar a gcomhairle féin ag an nGrúpa scrúdú a dhéanamh ar thorthaí i gcás roinnt de na heagraíochtaí roghnaithe. Má cheapann an grúpa nach bhfuil na léirithe nó an tuairisc a thagann ina dhiaidh sin sásúil tagrófar ar ais iad chuig na struchúir pháirtíochta lena mbreithniú.

Bainistíocht Torthaí Oibre

19. Chun feabhas leanúnach a chur a thorthaí oibre caithfear córas bainistíochta torthaí oibre éifeachtach a chur i ngnímh i ngach earnáil agus eagraíocht. Tosaíocht a bheidh ann a leithéid de chóras a chur i ngnímh agus é a bheith bunaithe ar shoiléireacht rólanna agus ar fhreagrachtaí chomh maith le heolas, scileanna agus inniúlachtaí dhaoine aonaracha agus fhoirne a fhorbairt. Déanfaidh gach earnáil, ar bhonn práinne, forbairt ar chóras bainistíochta atá oiriúnach dá riachtanais agus dá n-imthosca agus cuirfidh siad i bhfeidhm é thar thréimhse an Chláir seo. Cuirfear i bhfeidhm é le tacaíocht ó:

- cothromaíocht inghlactha a bhaint amach idir chuspóirí na heagraíochta agus riachtanais forbartha an fhoireann oibre ag gach leibhéal;
- feabhas ar oiliúint agus ar fhorbairt agus an fócas ar bhainistíocht agus scileanna agus inniúlachtaí an fhoireann oibre chun forbairt phearsanta agus gairme a éascú;
- bearta feabhsaithe chun comhionannas deiseanna earcaíochta, ardú céime agus i gcleachtais oibre a chinntiú;
- bearta riachtanacha a fhreastalóidh ar riachtainais chomhaltaí atá faoi mhíchumais den fhoireann oibre a thagann le Cód Cleachtais Ábhartha;
- timpeallacht oibre atá spreagúil agus lena mbaineann luach saothair; agus
- forbairt ar shocruithe atá oiriúnach do theaghlaigh.

1 Nil ghlacfaidh sé níos faide ná sé mhí ar pháirtithe aontú ar struchtúr agus ar dhéantús gach grúpa tar éis dhaingniú an Chláir seo ach san áireamh beidh daoine oiriúnacha ó lasmuigh den earnáil /seirbhís phoiblí agus nuair is féidir ionadaithe thar ceann custaiméirí/cliaint na hearnála.

Straitéisí Bainistíochta Acmhainne Daonna

20. Teastaíonn straitéisí agus polasaithe bainistíochta acmhainn daonna níos solúbtha agus níos nuálaí chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú is a choinneáil i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú go tapa. Chomh maith le córais bhainistíochta nua ar thorthaí oibre a thabhairt isteach ní mór straitéisí lánphairtiithe a fhorbairt chun déileáil le gach gné de bhainistíocht acmhainne daonna. Beidh ceangal ag na straitéisí seo le, agus beidh mar bhunús eolas leo, na straitéisí gnó eagraíochta agus earnalácha ar an iomlán chun a chinntiú go dtagann bainistíocht achmhainn daonna, straitéisí gnó agus cuspóirí le chéile. Caithfidh siad mianta agus riachtanais gairme an fhoireann oibre a thógáil san áireamh freisin. Chun straitéisí éifeachtacha a fhorbairt, caithfear díriú arís ar an bhfeidhm acmhainní daonna atá ann in go leor réimhsí den tSeirbhís Phoiblí chun soláthar a dhéanamh i measc nithe seo cur chuige níos straitéisí do cheisteanna bainistíochta acmhainne daonna agus baint níos mó ag bainisteoirí líne i mbainistíocht foirne. Tosaíocht a bheidh i gclár gnímh chun athfhocasú den sórt sin a bhaint amach.

21. I bhfianaise an mhargadh fostaíochta iomaíoch atá againn faoi láthair caithfidh an tSeirbhís Phoiblí nósmhaireacht earcaíochta a fheabhsú agus a chur sa phríomhshruth agus iad féin a chur chun cinn mar fhostóirí maithe má tá siad chun foireann d'ardchaighdeán a tharraingt is a choinneáil. Sa chomhthéacs seo glacann na páirtithe sa Chlár seo go bhfuil cásanna ann go bhfuil sé riachtanach earcaíocht oscailte a dhéanamh chuig agus laistigh den tSeirbhís Phoiblí. Cé go leanfar leis an ngnáthchleachtais, earcaíocht oscailte ag na leibhéil atá ann, glacann páirtithe leis go mb'fhéidir go mbeadh gá ann earcaíocht a dhéanamh ón taobh amuigh chun scileanna agus saineolas a fháil má tá siad gann laistigh den earnáil agus caithfidh an tSeirbhís Phoiblí a bheith in ann déileáil leis na riachtanais seo go héifeachtach agus in am tráth. Tabharfaidh na páirtithe orthu féin sásraí a a bhunú i ngach earnáil a bheidh sách solúbhtha chun go mbeifear in ann cinnithe a dhéanamh maidir le cásanna indibhidiúil agus ag an am céanna a phléfidh le haon imní a bheadh ar an dá thaobh.

Solúbthacht Eagraíochta

22. Chun go mbeidh feabhas leanúnach ar thorthaí oibre teastóidh oiriúint agus solúbhthacht de réir mar a thiocfaidh athrú ar riachtanais seirbhíse agus ar imthosca. Beidh tionchar ag athrú in roghanna agus ionchais an tomhaltóra ar am agus mhodhanna seachadta na seirbhísí. Chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar cheisteanna casta caithfear a theacht ar fhreagraí tapa agus nuálacha. Aithníonn na páirtithe sa Chlár seo an riachtanas atá ann scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna seo mar fhoirmeacha nua oibre ina mbeidh cleachtais nua oibre, meithleacha ilghrád agus tras-sruthacha agus solúbthacht i ngrádáil lena n-áirítear bandáil leathan a chomhlánú ag córais luach saothair samhlaíocha luach saothair agus aitheantais lena n-áirítear iniúchadh ar gnóchan scaireanna. Aithnítear freisin gur dóichí go dtiocfaidh na ceisteanna seo chun cinn ar aon nós ón Slat Tomhais a aontaíodh faoin gClár seo. Siúd is go n-aithnítear go bhfuil comhaontuithe ann cheana féin ar na ceisteanna sin, tá na páirtithe tiomanta aghaidh a thabhairt orthu le linn thréimshe an Chláir seo.

Oiliúint agus Forbairt

23. Is mór a bhíonn solúbthacht eagrúcháin ag brath ar inoiriúnaitheacht agus scileanna fhoireann na heagraíochta. Maidir leis an bhfeidhmiú a fheabhsú, bíonn sé sin ag brath an oiread céanna ar eolas, scileanna agus inniúlachtaí eile na foirne a bheith á bhforbairt go dtí na leibhéil is gá chun go dtabharfaidís faoina gcuid jabanna ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir agus chun a chumasú dóibh a bpoitéinseal a bhaint amach, sásamh oibre níos fearr a bheith acu agus a ngairmeacha a chur chun cinn. Is mó an tábhacht a ghabhann anois le forbairt agus foghlaim feadh saolré gairme in iliomad réimsí den tSeirbhís Phoiblí. Bíodh sé mar chuspóir a chinntiú gur fearr a dhírítear an fhorbairt agus an oiliúint ar na riachtanais a bhaineann leis an jab agus ar fhorbairt an duine aonair agus na foirne, ach cuidiú san am céanna leis an bhfoireann i dtaca lena gcuid oibre agus a gcuid ardmhianta gairme. Is amhlaidh, dá réir sin, a dhéanfar an oiliúint agus an fhorbairt a imeascadh le córais bhainistíochta feidhmiúcháin agus a ailíniú, faoi seach, le straitéisí bainistíochta acmhainní daonna eagraíochtaí. Fágfaidh sé sin go ndéanfar riachtanais oiliúna agus forbartha a shainiú ar bhealach níos

fearr, agus go mbeifear in ann díriú orthu ar mhodh comhleanúnach comhtháite.

Cumas Eagrúcháin

24. Tá cur chuige na bainistíochta straitéisí agus bainistíocht níos fearr ar acmhainní ina gcuidiú ó thaobh feabhas a chur ar chumas eagrúcháin na Serbhíse Poiblí. Tá an-tábhacht ag gabháil leis an ngá atá le cumas níos fearr a thógáil ag leibhéal na heagraíochta, sin chun an tsofhreagracht a fheabhsú. Spriocleagan straitéiseach, cineachadh údaráis agus cuntasachta, córais bhainistíochta inmheánacha níos fearr agus oiliúint agus forbairt a dhírítear níos fearr ar an sprioc, sin iad na nithe fhágfaidh go mbeidh eagraíochtaí níos éifeachtaí agus a fheabhsóidh a gcumas agus a n-acmhainn le freagairt ar riachtanais agus dálaí a bhíonn ag athrú. Beidh sé mar fhreagracht ar gach eagraíocht leas a bhaint as na forbairtí sin chun feabhas a chur ar a gcumas teacht roimh riachtanais; dul in oiriúint don athrú; na freagairtí is gá a fhorbairt, a chur i ngníomh agus a mheasúnú; agus bealaí nuálacha samhlaíocha a fhorbairt chun an fhoireann agus an feidhmiú bainistíochta a spreagadh.

Comhpháirtíocht

25. Maidir le cur chuige na comhpháirtíochta ar leibhéal na heagraíochta sa tSeirbhís Phoiblí, is léir na buntáistí a ghabhann leis as an taithí go dti seo. Áirítear sa mhéid sin tuiscint fhásmhar i bpáirt ar spriocanna agus dúshláin eagrúcháin, an gá le hathrú agus cuspóir an athraithe, an tábhacht atá le hoiliúint agus forbairt do dhaoine aonair agus d'fhoirne araon, agus an gá atá le cur chuige oscailte rannpháirteach i dtaca le haghaidh a thabhairt ar riachtanais ghnó agus oibre na heagraíochta. Tá léiriú ar an méid sin sna staidéir ina dtuairiscítear ar bhuntáistí na comhpháirtíochta ag leibhéal na heagraíochta agus ina léirítear dea-chleachtas agus na ceachtanna atá le foghlaim. Leanfar den chur chuige rannpháirteach a tugadh isteach faoi *Chomhpháirtíocht 2000* a fhorbairt agus a thabhairt chun míneadais faoin gClár seo, d'fhonn freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais agus dálaí teascógacha agus eagrúcháin.

1.4.1 Nuachóiriú sa Státseirbhís

An Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach (SMI)

Tá dul chun cinn nach beag déanta i dtaca leis an SMI a chur chun cinn agus a chur i ngníomh sa Státseirbhís. Leagadh an clár athraithe don Státseirbhís amach in *Córas níos fearrr a chur ar Fáil (1996),* ar cuireadh sraith forbairtí agus tionscnamh i ngníomh dá thoradh. Áirítear ina measc sin do gach Roinn agus Oifig:

- ráitis straitéise a fhoilsiú (1996 agus 1998);
- pleananna gnó a fhobairt;
- Pleananna do Sheirbhís Ardcháilíochta do Chustaiméirí a fhoilsiú (1997-99), lena n-áirítear caighdeáin do sheachadadh seirbhíse;
- córais bhainistíochta airgeadais níos fearr a chur i ngníomh, lena n-áirítear buiséadú ilbhliantúil, athbhreithnithe córasacha ar chláir chaiteachais agus athruithe ar an gcóras buiséadach riaracháin;
- an tsaoráil faisnéise a chur i ngníomh (Aibreán 1998), agus
- tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú (a tosaíodh i 1999).

Tugadh reachtaíocht shuntasach nua isteach - an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 agus an tAcht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí, 1997 - mar bhonn taca le heilimintí tábhachtacha den phróiseas nuachóiriúcháin. Cinntítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise go mbeidh oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht ann i ngach ngné de sheachadadh seirbhíse. Mar thaca faoin gcreat bainistíochta straitéise atá an tAcht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí lena bhforáiltear go foirmiúil do chineachadh údaráis agus freagrachta laistigh de Ranna agus Oifigí, d'ullmhú agus d'fhoilsiú Ráiteas Straitéise (gach trí bliana ar a laghad), do phleanáil gnó agus d'fhoilsiú tuarascálacha bliantúla.

Áirítear ar na forbairtí eile córas nua bainistíochta feidhmiúcháin, rud a ceapadh i gcomhairle leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn, agus breithniú ar raon leathan ceisteanna bainistíochta acmhainní daonna, d'fhonn cleachtais agus polasaithe atá ann cheana féin a thabhairt cothrom le dáta agus a nuachóiriú. Táthar ag leanúint freisin ar bhonn leanúnach d'fhorbairtí teicneolaíochta faisnéise chun tacú le feabhsuithe sa seachadadh

seirbhíse agus chun éifeacht a thabhairt do *Phlean Gnímh an Rialtais chun Sochaí na Faisnéise a Chur i nGníomh.*

Struchtúir Chomhpháirtíochta

Faoi *Chomhpháirtíocht 2000*, tá struchtúir rannpháirtíochta curtha ar bun i ngach Roinn agus Oifig mar chúnamh i dtaca leis an mbainistíocht, leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn a bheith bainteach le próiseas an athraithe, le forbairtí leanúnacha gnó agus le ceisteanna agus dúshláin a bhaineann le heagrúchán agus leis an obair a aithint agus le díriú ar na ceisteanna agus na dúshláin sin ar bhonn ginearálta. Aontaíodh Cláir Ghnímh chun éifeacht a thabhairt don SMI agus do thionscnaimh don athrú laistigh de na struchtúir chomhpháirtíochta chun clásal margála áitiúil Chomhaontú Pá *Chomhpháirtíocht 2000* a chomhlíonadh.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Tá an Státseirbhís tiomanta do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh leis an gclár athraithe SMI/Córas níos fearr a chur ar Fáil le linn thréimhse an Chláir seo. Is iad na cuspóirí tábhachtacha a bheidh ann:

- an córas bainistíochta feidhmiúcháin a chur i ngníomh i ngach Roinn agus Oifig, ag tosú an 1 Márta, 2000;
- Athchóiriú Rialúcháin a chur i ngníomh (arna chraoladh ag an Taoiseach Iúil 1999);
- tuilleadh forbartha ar an gclár nuachóirithe bainistíochta airgeadais, lena n-áirítear go háirithe dearadh agus seoladh córais cuntasaíochta nua (i.e. an Leagan Cineálach);
- tuilleadh forbartha ar na hathbhreithnithe córasacha ar chaiteachas poiblí agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na hathbhreithnithe sin;
- tuilleadh feabhsuithe ar chaighdeáin seirbhíse, lena n-áirítear comhairliúchán níos forleithne le húsáideoirí na seirbhísí agus aiseolas uathu agus athbhreithniú agus athnuachan ar Phleananna Seirbhíse Ardcháilíochta do Chustaiméirí;
- raon tionscnamh bainistíochta acmhainní daonna a sheoladh agus a chur i ngníomh lena n-áirítear, i measc nithe eile, earcaíocht, ionduchtú, ardú céime, tionacht, luachanna agus eiticí, cleachtais oibre agus athfhócasú ar fheidhm bhainistiú na n-acmhainní daonna;
- bearta feabhsaithe a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun tacu le cothromas deiseanna san earcaíocht, sna harduithe céime agus sna cleachtais oibre; agus
- leanuint den fhorbairt ar na córais fhaisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide chun tacú le seachadadh seirbhíse níos solúbtha agus éifeacht a thabhairt do rialtas leictreonach i dtaca le forbairtí na Sochaí Faisnéise a chur chun cinn agus i dtaca le tacú leis na forbairtí sin.

Leanfar freisin de thionscnamh chun feabhas a chur ar anailís polasaithe agus ar fhoirmliú agus bainistiú ceisteanna casta polasaí. Bainfear usáid níos fearr agus níos forleithne go háirithe as teicnící chun teacht roimh leithne agus doimhne ceisteanna polasaí a bhíonn ag teacht chun cinn agus chun an méid sin a thaiscéaladh.

Oiliúint agus Forbairt

Tá an Státseirbhís tiomanta d'oiliúint agus forbairt níos fearr do lucht bainistíochta agus don fhoireann ag gach leibhéal i gcomhthéacs an córas bainistíochta feidhmiúcháin a chur i ngníomh agus a fhorbairt, cáilíocht níos fearr a áirithiú i dtaca le seachadadh seirbhíse, agus anailís polasaí, forbairt agus cur i ngníomh a fheabhsú. Beidh sé mar aidhm 4 faoin gcéad den phárolla a chaitheamh ar oiliúint agus forbairt faoi 2003, le hais chaiteachas 2 faoi gcéad i 1998.

Comhpháirtíocht

Leanfar de chur i ngníomh an chláir nuachóiriúcháin a chur chun cinn faoi na socruithe compháirtíochta atá ann anois. Forbrófar agus feabhsófar na socruithe sin sna comhchomhairliúcháin idir lucht bainistíochta agus na ceardchumainn. Tabharfar faoin athbhreithniú dá bhforáiltear faoin gcomhaontú Státseirbhíse ar chomhpháirtíocht agus breithneofar ann, i measc nithe eile, an tacaíocht is gá chun forbairt leanúnach na

struchtúr comhpháirtíochta a éascú.

1.4.2 Nuachóiriú in Earnáil an Oideachais

Tá na comhpháirtithe oideachais tiomanta d'fheabhas a chur ar cháilíocht an oideachais a chuirtear ar fáil inár bhforais oideachais. Toisc thábhachtach i dtaca leis an bhfeidhmiú a fheabhsú is ea forbairt córas bainistíochta feidhmiúcháin.

Scoileanna Céadleibhéil agus Dara Leibhéal

I gcás scoileanna céadleibhéil agus dara leibhéal, tá buneilimint córais bainistíochta feidhmiúcháin san áireamh sa tionscnamh Pleanála Forbartha Scoile. Forbrófar córas den sórt sin go hiomlán trí na cleachtais seo a leanas.

Beidh gach scoil páirteach i bpróiseas pleanála forbartha scoile ina mbeidh plean scoile lena ndéileálfar leis an gcuraclam iomlán agus le heagrú acmhainní uile na scoile, lena n-áirítear an fhoireann, spás, saoráidí, trealamh, am agus airgeadas. Folóidh sé freisin polasaí na scoile maidir le réimse leitheadach ceisteanna riaracháin agus eagrúcháin agus, de réir an Achta Oideachais, 1998, leagfaidh sé síos "cuspóirí na scoile maidir le comhionannas rochtana ar an scoil agus le comhionannas rannpháirtíochta sa scoil agus na bearta a bheartaíonn an scoil a ghlacadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach". (Tugtar faoi deara go bhforáiltear san Acht Oideachais, 1998, go gcaithfidh gach scoil Plean Scoile a ullmhú).

Comharphróiseas is ea an Plean Scoile agus ní mór go mbeadh comhchomhairliúchán i gceist leis na páirtithe ar fad, lena n-áirítear tuismitheoirí, i dtaca lena ullmhú. Toisc amháin nach mór a chur san áireamh go sonrach is ea an dóigh a bhféadfaí freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais tuismitheoirí i ndáil le faisnéis faoi oideachas a gcuid páistí.

Feadh thréimhse an Phlean, beidh sé faoi réir athbhreithniú leanúnach go hinmheánach agus déanfar é a mheasúnú ag deireadh na tréimhse i ndáil lena mhéid a baineadh amach na cuspóirí atá leagtha amach ann.

Tá Pleanáil Forbartha Scoile, Féin-Athbhreithniú Scoile agus measunú ar thorthaí an Phlean ceaptha feidhmiú na scoile a fheabhsú trí na comhpháirtithe oideachais go léir a bheith bainteach leis. Go hachomair, forálfar leis na próisis seo, agus iad ag oibriú le chéile, go ndéanfaidh gach scoil:

- a láidreachtaí agus a laigí reatha a mheasúnú;
- cuspóirí éifeachtacha agus réalaíocha a leagan síos chun tógáil ar a láidreachtaí agus díriú ar a laigí;
- a cuid cuspóirí a mhonatóireacht agus a athbhreithniú ar bhonn leanúnach; agus
- ag deireadh thréimhse an phlean, measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhain sí amach cuspóirí an phlean.

Glacfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta páirt i measúnú thorthaí an Phlean agus tabharfaidh sí comhairle faoi phleananna sa todhchaí. Le linn an phróisis seo, déanfar dea-chleachtais a aithint agus a dhearbhú agus clár tacaíochta a shuíomh cibé áit is gá sin.

Forais Oideachais Eile

I réimsí eile d'earnáil an oideachais, e.g. na Coistí Gairmoideachais, na forais tríú leibhéal agus forais eile, is faoi gach foras ar leith a bheidh sé a chuid pleananna féin a fhorbairt. Forálfar sna phleananna sin do na nithe seo a leanas:

- glacadh le cur chuige bainistíochta straitéisí;
- Bainistiú Feidhmiúcháin a chur i ngníomh;
- straitéisí bainistíochta acmhainní daonna a fhorbairt;
- solúbthacht eagrúcháin a fheabhsú; agus
- cláir oiliúna agus forbartha a leathnú, faoi mar atá leagtha amach i bparagraf 23 d'alt 1.4 den Chreat seo.

1.4.3 Nuachóiriú san Earnáil Sláinte

Réamhrá

Maidir leis an Straitéis Sláinte, *Todhchaí níos folláine a Chruthú*, a seoladh i 1994, bhí na prionsabail seo a leanas mar chroílár inti:

- Cothromas;
- Cáilíocht; agus
- Cuntasacht.

Cé go bhfuil dul chun cinn an-suntasach déanta i dtreo na prionsabail sin a bhaint amach trí na mórthionscnaimh ar nós Straitéis na hAilse, Straitéis na Sláinte Cardashoithíche agus bunú eagraíochtaí nua a raibh róil shainithe acu (OHM, HSEA, ERHA), tá obair shuntasach fós le déanamh chun toradh a bhaint amach sna réimsí atá fágtha.

Tá an réimse cúraim sláinte éagsúil go maith leis an earnáil tráchtála. Is iondúil go mbíonn an gaol idir an t-othar agus an foras cúraim sláinte nó an soláthróir éagsúil go mór le cás an chustaiméara sa réimse tráchtála ina dtig leis roghanna a dhéanamh agus dul ag siopadóireacht ó áit go háit. Léiríonn na difríochtaí tábhachtacha sin an gá atá le cur chuige comhfhiosach a bheidh dírithe ar an othar i leith seirbhísí a athailíniú ar mhodh a thugann tús áite d'othair.

An bhéim sin ar chúram an othair, is éiteas cúltúrtha í a bhfuil glactha léi ag an bhfoireann seirbhíse sláinte. Cur chuige bainistíochta feidhmiúcháin i dtaca le tógáil ar cháilíocht na seirbhíse d'othair, beidh sé sin, agus leas á bhaint as struchtúir chomhpháirtíochta, ina fhórsa comhaontaitheach don lucht bainistíochta agus don fhoireann araon.

Tá Pleanáil Seirbhíse/Pleanáil Gnó ina buneilimint d'aon chóras bainistíochta feidhmiúcháin. Mar chéad chéim, dá réir sin, beidh sé riachtanach tuairimí an phobail a fháil faoina dtaithí ar an tseirbhís sláinte. Díreofar leis sin ar úsáideoirí na seirbhíse.

Tá Pleananna Seachadta Seirbhíse don tseirbhís sláinte in úsáid le roinnt blianta anuas. Tá obair nach beag déanta i dtaca leis an bpróiseas pleanála seirbhíse a fheabhsú agus tá na pleananna reatha feiliúnach anois chun dálaí a chruthú lena bhféadfar córais bhainistíochta feidhmiúcháin a shuíomh.

I leataobh ó chuspóirí ardleibhéil na heagraíochta a leagan amach, is amhlaidh a cheadófar, leis an bpróiseas pleanála seirbhíse, cuspóirí foirne a shuíomh as a dtuigfear an méid a bhíonn ag teastáil ó na hothair as an aonad agus as an eagraíocht. D'fhonn ullmhú na bpleananna don todhchaí a threorú, is den riachtanas é bailíocht a thabhairt do na feabhsuithe atá déanta.

Ba chóir go mbeadh Pleananna Seirbhíse luiteach le hiad a bheith á n-úsáid mar uirlis bhainistíochta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na heagraíochta.

Is den riachtanas é freisin, agus Pleananna Seirbhíse á ndréachtadh, baint a bheith ag an bhfoireann le cúrsaí ag gach leibhéal den eagraíocht ionas go mbeidh siad in ann ionchur le dealramh a bheith acu sa phróiseas ag leibhéal an aonaid. Beidh sé riachtanach, i dtaca leis na cuspóirí seo a chur chun cinn, go n-oibreofar trí phróiseas na comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon. Ba chóir dá réir sin go gcuirfí feabhas nach beag ar phróiseas an Phlean Seirbhíse a bhuíochas don mhéid a dhéanann an fhoireann a mbíonn an teagmháil is dlúithe acu le daoine den phobal.

Is amhlaidh atá patrúin oibre traidisiúnta tar éis fás thart ar réimis tinrimh gnáthuaireanta oifige, sin i seirbhís is seirbhís 24 huaire. Is gá athrú a dhéanamh sa mhodh ina ndéantar an tseirbhís a sheachadadh. Caithfimid bogadh ón gcaoi a bhfuil cúrsaí faoi láthair mar a mbíonn forais á struchtúrú go mincic timpeall na slí ina mbíodh rudaí á ndéanamh ag daoine go traidisiúnta go dtí córas mar a mbeidh an t-othar i lár an mhodha ina n-eagraítear an tseirbhís. Is gá caighdeáin ghníomhaíochta a fhorbairt ar ina leith a fhéadfar leibhéal agus cáilíocht na seirbhíse do dhaoine den phobal a thomhas.

Eilimintí Tábhachtacha Cláir Athruithe don Earnáil Sláinte

Maidir leis an gcéad chéim eile den chur i ngníomh, beidh gá le clár do chur i ngníomh an athraithe ar clár é a bheidh comheagraithe agus fócasaithe go cúramach, agus a mbeadh roinnt eilimintí ann, mar shampla, ar a nós siúd atá leagtha amach thíos:

- Leathnú ar na **huaireanta seirbhíse** don phobal;
- Gníomh comheagraithe feadh raon leathan disciplíní chun spriocanna sonraithe a bhaint amach d'fhonn laghdú ar **uaireanta feithimh** agus ar líon na ndaoine a bhíonn ag feitheamh ar chleachtais;
- **Neartú ar iniúchadh shástacht** na n-othar a thabhairt isteach laistigh den chóras cúraim sláinte agus caighdeáin intomhasta a bhunú i dtaca le sástacht na n-othar;
- **Cumarsáid níos fearr** idir na hothair agus na soláthróirí i ndáil le faisnéis ar chleachtais chóireála, an stádas reatha a thabhairt cothrom le dáta, agus i ndáil le faisnéis iomchuí eile a bhíonn á lorg ag othair agus ag a dteaghlaigh;
- Oibriú i gcomhar leis an bpróiseas Pleanála Seirbhíse agus comhoibriú le tomhas leanúnach agus bailíocht a thabhairt do **tháscairí feidhmiúcháin**, de réir mar a chomhaontóidh gach gníomhaireacht;
- **Solúbthacht meascra scileanna** níos fearr a bhaint amach trí leas a bhaint as contanam inniúlachtaí cúraim sláinte (e.g. ról cleachtóirí antranais, clinicí altra-tionscanta, etc. a fhorbairt);
- Spriocanna soiléire intomhasta a leagan síos maidir le glacadh le **cláir vacsaínithe/imdhíonta**;
- Comhoibriú i dtaca le **córais faisnéise** a thabhairt isteach i réimsí pearsanra, párolla, tinrimh, earcaíochta, agus aoisliúntas (PPARS);
- Bearta **acmhainní daonna comhaontaithe** do chóras earcaíochta níos oscailte (de réir pharagraf 21 d'Alt 1.4), feabhsuithe maidir le foireann a choinneáil, imscaradh éifeachtach foirne, an luas faoina líontar folúntais agus asláithreacht foirne, agus pleanáil an aosa oibre; agus
- Comhoibriú le glan-athnuachan cuimsitheach ar fhorálacha na bpolasaithe pearsanra (ciorclán 10/71) chun dul chun cinn ar bhealach dearfa a dhéanamh ar an **gclár oibre HR** sa tseirbhís sláinte.

Samplaí praiticiúla is ea iad sin de réimsí inar féidir fíordhul chun cinn a dhéanamh as a leanfaidh feabhsuithe ar na seirbhísí d'othair.

Ní mór aon cheann de na bearta feabhsúcháin sin a bheith comhaontaithe idir na comhpháirtithe sóisialta ag leibhéal na hearnála sláinte. Ba í an fheithicil ab oiriúnaí dó sin na socruithe comhpháirtíochta átá á bhforbairt anois ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn áitiúil araon.

Bheadh córais bhainistíochta feidhmiúcháin á bhforbairt ansin ag an leibhéal gníomhaireachta mar a gcomhaontódh an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann faoi shocruithe chun spriocanna a leagan síos agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí.

1.4.4 Nua-Chóiriú san Earnáil Rialtais Áitiúil

Réamhrá

Tá an earnáil rialtais áitiúil tiomanta go neamhbhalbh ar bhéim níos mó fós a chur ar thorthaí oibre agus ar sheirbhísí den scoth a chur i gcrích. Tá sé sin le feiceáil in *Rialtas Áitiúil Níos fearr - Clár le haghaidh athrú (RÁNF),* sna pleananna straitéiseacha atá á bhforbairt faoin Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach agus sa chóras nua bainistíochta airgeadais atá á thabhairt isteach sna hÚdaráis Áitiúla. An comhaontú margála áitiúil i dtaobh méadú 2% a chur i bhfeidhm i gcás fostaithe uile údarás áitiúil, de réir fhorálacha mhír 4 den iarscríbhinn faoi phá na seirbhíse poiblí i *gComhpháirtíocht 2000*, b'ionann an comhaontú sin a bhaint amach agus athdhearbhú gur cur chuige Compháirtíochta a bheidh ann san earnáil Rialtais Áitiúil.

Tugadh geallúint go sonrach i ndáil le forálacha Chaibidil 10 de *Chomhpháirtíocht 2000* lena n-áirítear solúbthacht agus freagracht chun "freastal ar shlí níos tapa ar riachtanais agus roghanna athraitheacha úsáidirí a seirbhísí", agus mar a chéile thug an bhainisteoireacht geallúint freastal ar "toilmhianta na foirne maidir le hobair

níos sásúla agus conairí slí bheatha feabhsaithe", agus oiliúint agus forbairt a chur ar fáil mar chuid den Nua-Chóiriúchán. Mar thoradh air sin tá dul chun cinn nach beag déanta sa tseirbhís Údaráis Áitiúil i dtaca le cur chuige comhpháirtíochta a thabhairt isteach.

Táthar tar éis éascóirí a cheapadh i ngach údarás áitiúil agus é mar chúram orthu coistí comhpháirtíochta áitiúla a bhunú agus athruithe a chur i ngníomh trí ghnéithe de Chaibidil 10 de *Chomhpháirtíocht 2000* a chur san áireamh, agus an plean straitéiseach d'Údaráis Áitiúla a chur chun cinn.

Creat Forbartha

Tá na hÚdaráis Áitiúla tiomanta do bheartas an Rialtais i dtaobh chóras rialtais áitiúil neartaithe agus athbheoite a chur i ngníomh a mbeidh áit lárnach aige chomh fada agus a bhaineann le réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil don phobal ag leibhéal an chontae agus na cathrach.

Freastal níos fearr a dhéanamh ar chustaiméirí agus cur le daonlathas áitiúil is ea bunphrionsabail an bheartais sin. D'fhonn na prionsabail seo a chomhlíonadh, tá fáil níos éasca le bheith ag custaiméirí ar sheirbhísí údarás áitiúil, tá a struchtúir bainistíochta agus foirne á neartú acu, tá leibhéil níos airde forbartha agus oiliúna foirne á gcur ar fáil acu agus tá deireadh á chur acu le constaicí ar sholúbhthacht agus éifeachtúlach amhail an dé-struchtúr. Aithnítear freisin go bhfuil gá mar gheall ar riachtanais agus éilimh custaiméirí, le solúbthacht bhreise ar a n-áirítear uaireanta oscailte níos faide, agus socruithe go ndéanfar gníomhaíochtaí amhail glanadh sráideanna, bailiú bruscair, agus cothabháil bóithre a dhéanamh ag tráthanna is lú cur isteach ar an bpobal.

An teist is tábhachtaí ar éifeacht na dtionscnamh nua san earnáil Rialtais Áitiúil, feabhas a bheith curtha ar éifeachtúlacht agus custaiméirí a bheith an-sásta. Faoin gcóras nua bainistíochta airgeadais d'údaráis áitiúla, a bhfuil forbairt á dhéanamh air agus atá á thástáil ar bhonn treorach faoi láthair i roinnt údarás áitiúil, beifear in ann léirithe torthaí oibre a fhorbairt lena n-aimseofar scoth-cleachtais agus a spreagfaidh Údaráis Áitiúla feabhas a chur ar a dtorthaí oibre féin. Cuid dhílis den tseirbhís rialtais áitiúil riamh ab ea dhá phrionsabal eadhon seirbhís do chustaiméirí agus daonlathas áitiúil trí dhlúth-rannpháirteachas ionadaithe poiblí aitiúla in oibriú a n-údarás. Neartófar an ghné shainiúil seo trí rannpháirteachas ionadaithe ó ghrúpaí pobail agus ó ghrúpaí leasmhara eile sna coistí um bheartas straitéiseach (SPCí) ar cuid bhunúsach iad de bheartas an Rialtais. Beidh páirt mhór ag na coistí um bheartas straitéiseach maidir le beartas an údaráis áitiúil a chinneadh agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an bheartais sin. Tá dóigheanna éagsúla á bhforbairt ag Údaráis Áitiúla freisin faoinar féidir sástacht custaiméirí agus caighdeáin thorthaí oibre a mheas.

An Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach / Bainistíocht Thorthaí oibre

Céim de chuid phróiseas an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach is ea bainistíocht thorthaí oibre. Dúshraith riachtanach le haghaidh Bainistíochta Thorthaí oibre is ea ráitis straitéise agus pleananna gnó.

Sainmhínítear na cuspóirí agus freagrachtaí daoine aonair agus foirne iontu sin agus is ar a mbonn siúd a thomhasfar gnóthachtáil.

Tá pleananna bainistíochta sraitéisí ullmhaithe agus glactha ag Údaráis Áitiúla i gcoitinne rud atá de réir phróiseas an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach agus aírítear sna pleananna sin:

- Ráiteas misin;
- Cuspóirí cuimsitheacha; agus
- Na straitéisí is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tá críoch curtha nó á chur le pleananna gníomhaíochta/gnó chun a bhfuil sna pleananna bainistíochta straitéisí a chur i gcrích. Beidh na pleananna gníomhaíochta/gnó sin dírithe go mór ar chustaiméirí agus tá ceithre bhun-ghné ar áireamh iontu:

- Na cuspóirí agus na straitéisí a léireofar sa phlean bainistíochta straitéisí;
- Na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh chun na cuspoirí agus na straitéisí sa phlean bainistíochta straitéisí a chomhlíonadh;

- Spriocanna chun an leibhéal riachtanach thorthaí oibre a bhaint amach; agus
- Sraith de léirithe thorthaí oibre.

Ina dhiaidh sin, is í an chéad chéim eile sa phróiseas ná córas bainistíochta thorthaí oibre a fhorbairt go rianúil agus a chur i ngníomh chun an plean bainistíochta straitéisí agus na pleananna gnó a chur i ngníomh. Tá gasra comhairleach agus faireacháin faoi bhainistíocht thorthaí oibre á bhunú don earnáil ar fad faoi chúram an Bhoird Bainistíochta Seirbhísí Rialtais Áitiúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an chórais. Beidh ról lárnach comheagrúcháin seirbhíse comhairle ag an ngrúpa sin chun cabhrú le bainistíocht thorthaí oibre a chur i ngníomh san earnáil údaráis áitiúil. Déanfaidh an grúpa sin breithniú ar a leithéid seo de cheisteanna:

- Pleanáil thorthaí oibre;
- Torthaí Oibre a bhainistiú ar bhonn leanúnach; agus
- Athbhreithniú ar thorthaí oibre agus ar fhorbairt gach bliain.

Iarscríbhinn 1

Dréacht-Chomhaontú faoi Phá agus Coinníollacha Fostaíochta idir Comhar na gCeardchumann agus Eagraíochtaí de chuid na bhFostóirí

Réamhrá

1. Is cuid de chomhaontú ilchodach i dtaobh beartas faoi phá, coinníollacha fostaíochta, athchóiriú cánach, foghlaim shaoil agus beartais chun leas an teaghlaigh é an comhaontú seo. Tá cúrsaí cánach leagtha amach in Alt 1.1 agus tá na creat-chomhaontuithe faoi fhoghlaim shaoil agus cúram leanaí leagtha amach in Ailt 4.1 agus 4.3, faoi seach. Admhaíonn na páirtithe sa chomhaontú seo nach mór cloí le téarmaí an Chomhaontaithe go háirithe leis na forálacha faoi phá, faoi dhálaí eacnamaíocha, iomaíochta agus tráchtála, faoi chomhpháirteachas agus suaimhneas tionscail agus cobhsaíocht agus tá siad tiomanta don mhéid seo a leanas:

- Caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú trí mhéaduithe pá agus mór-athchóiriú cánach;
- Comhoibriú iomlán leanúnach le hathruithe a bhaint amach agus gur gá leanúint le hoiriúnú agus solúbthacht chun iomaíochas a choimeád agus a fheabhsú;
- Táirgiúlacht agus fostaíocht a fheabhsú;
- Forbairt a dhéanamh ar chompháirtíocht san áit oibre, foghlaim shaoil, beartais chun leas an teaghlaigh agus comhdheiseanna san áit oibre; agus
- Leanúint den chlár Nua-Chóirithe a chur i gcrích sa tSeirbhís Phoiblí.

Dáta Chur i nGníomh agus Ré

2. Ach amháin má aontaítear a mhalairt ag an leibhéal áitiúil, tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an gcomhaontú Pá faoi *Chomhpháirtíocht 2000* a dhul in éag i ngach fostaíocht nó tionscal aonair agus mairfidh sé dhá bhliain agus naoi mí.

Pá

3. Aontaíonn na páirtithe go méadófar bunphá de na méideanna seo a leanas:

- 51/2% de bhunphá ar feadh na chéad tréimhse 12 mhí de ré an chomhaontaithe mar atá feidhm leis i ngach fostaíocht nó tionscal faoi leith;
- 51/2% de bhunphá ar feadh an dara tréimhse 12 mhí de ré an chomhaontaithe mar atá feidhm leis i ngach fostaíocht nó tionscal faoi leith; agus
- 4% de bhunphá ar feadh na chéad 9 mí eile de ré an chomhaontaithe mar atá feidhm leis i ngach fostaíocht nó tionscal faoi leith.

4. Más rud é go mbeadh de thoradh ar fheidhmiú na foirmle seo go mbeadh méaduithe ar bhunphá d'fhostaithe fásta lánaimseartha níos lú ná:

- £12 an tseachtain sa chéad chéim;
- £11 an tseachtain sa dara céim; agus
- £9 an tseachtain sa tríú céim;

déanfar an méadú faoin gcéad iomchuí do na céimeanna áirithe sin a oiriúnú chuig na méideanna sin. Beidh feidhm ag na híosrátaí sin maidir le fostaithe páirtaimseartha ar bhonn pro rata mura mbeidh téarmaí is mó fabhar dóibh i bhfeidhm faoi chomhaontuithe láithreacha.

Pá Íosta Reachtúil

5. Aontaítear seasamh lena nglacann Comhar na gCeardchumann agus Cónaidhm Fhostóirí agus Ghnó a chur faoi bhráid an Rialtais go n-oiriúnófar an pá íosta náisiúnta go £4.70 ó 1 Iúil, 2001 agus go £5 ó 1 Deireadh Fómhair, 2002. Glacann na páirtithe sa chás seo le téarmaí alt 39 den Acht um Phá Íosta Náisiúnta.

6. Aontaíonn na páirtithe nach ndéanfaidh ceardchumainn ná fostaithe aon éilimh frithbhuailteacha a bhaineann le feidhmiú an Phá Íosta Náisiúnta nó a leanann as.

Dálaí Eacnamaíochta, Iomaíochta agus Tráchtála

7. Déanfaidh fostóirí agus ceardchumainn clásala 3 agus 4 a chaibidil tríd an ngnáth-shásra caidrimh tionscail, agus tabharfar aird chuí ar dhálaí eacnamaíochta, iomaíochta agus tráchtála na gnólachta, na fostaíochta nó an tionscail áirithe, cibé acu athruithe sa ráta iomlaoide is cúis leo nó nach ea. Mar gheall ar an ngá le comhoibriú leanúnach maidir le nua-athrú agus le leanúint le hoiriúnú agus le solúbthacht lenar ghlac na páirtithe, d'fhéadfaí go mbeidh bearta riachtanacha san áireamh chun iomaíochas agus fostaíocht a cháomhnú, ar cásala 3 agus 4 a chur i ngníomh.

Scéimeanna Pinsin agus Pá Breoiteachta

8. Níl aon chosc ar cheardchumaínn faoi alt 11 éilimh a dhéanamh ar scéimeanna pinsin nó pá breoiteachta a thabhairt isteach i gcás nach bhfuil ceann ar bith ann, ná éilimh a dhéanamh ar fheabhas a chur ar scéimeanna mar sin más rud é go mbeidh na scéimeanna go mór ar neamhréir le caighdeáin iomchuí atá i réim i bhfostaíochtaí dá leithéid céanna.

9. Ag féachaint do chostas scéimeanna pinsin agus pá breoiteachta, seolfar caibidlí ar na nithe seo faoi chuimsiú cumas an fhiontair an costas a bheidh i gceist a ionshú agus ina theannta sin, i gcás scéimeanna pá breoiteachta, na ciallachais i ndáil le freastal ar obair.

10. Dá bhrí sin d'fhéadfaí go mbeidh i gcomhaontuithe faoi Chlásail 8 agus 9 socruithe iomchuí faoi chéimiú agus socruithe iomchuí eile (agus féadfar dul thar na tréimhsí ama atá sa Chomhaontú seo) mar gheall ar na nithe sin.

Suaimhneas Tionsclaíoch agus Cobhsaíocht

11. Faoin gComhaontú seo:

- foráiltear nach ndéanfaidh ceardchumainn ná fostaithe, le linn don Chomhaontú seo bheith i bhfeidhm, aon éilimh ná nach bproiseálfar aon éilimh ar phá ná ar choinníollacha fostaíochta a fheabhsú, a d'fhágfadh go méadófaí costais, ach amháin éilimh dá bhforáiltear i gClásail 3 go 5;
- tugann fostóirí, ceardchumainn agus fostaithe geallúint síth tionsclaíoch a chur chun cinn, agus
- cuirtear cosc ar stailceanna nó cineálacha eile gníomhaíochta tionscail ag ceardchumainn, fostaithe nó fostóirí maidir le haon ábhar lena mbaineann an Comhaontú seo más rud é go mbeidh an fostóir nó an ceardchumann áirithe ag gníomhú de réir fhorálacha an Chomhaontaithe seo.

12. Mura féidir leis na páirtithe teacht ar chomhaontú trí chaibidlí ar aon ábhar lena mbaineann an Comhaontú

seo cuirfidh siad an t-ábhar faoi bhráid an Choimisiúin Caidrimh Saothair/ na Cúirte Oibeachais in éindí nó, más iomchuí, faoi bhráid sásra chomhaontaithe eile. Má bhíonn díospoid ann faoi cad is sárú ar an gComhaontú ann, cuirfear sin faoi bhráid na Cúirte Oibreachais agus aontóidh na páirtithe déanamh de réir chinneadh na Cúirte.

Comhpháirtíocht

13. Tugann na páirtithe geallúint athuair an próiseas comhpháirtíochta atá leagtha amach i gCaibidil 9 de *Chomhpháirtíocht 2000* a leathnú agus a neartú. Mar a leagtar amach in alt 1.3 den Chlár, tá tuilleadh forbartha déanta ar phrionsabail na Comhpháirtíochta de bharr taithí a fuarthas faoi *Chomhpháirtíocht 2000*. De bharr gur chruthaigh an próiseas go maith go dtí seo tacaíonn na páirtithe lena fhorbairt tuilleadh trí phlé idir an bhainisteoireacht agus fostaithe/ceardchumainn a thionscnófar i bhfiontar iad féin.

Iarscríbhinn II

Pá na Seirbhíse Poiblí

1. Tugann na páirtithe geallúint go gcomhoibreoidh siad go hiomlán agus ar bhonn leanúnach le nua-athrú a chur i bhfeidhm,le leanúint le hoiriúnú agus solúbthacht agus le cur i gcrích an chláir Nua-Chóiriúcháin sa tSeirbhís Phoiblí de réir mar atá leagtha amach in Alt 1.4 i dteannta na gceisteanna eile atá luaite sa Réamhrá le hIarscríbhinn I.

2. Admhaítear go bhfuil nua-athrú riachtanach i Seirbhís Phoiblí Nua-aoiseach ar ardchaighdeán agus nach ábhar éileamh ar fheabhsuithe ar phá agus coinníollacha é leis féin.

3. In alt 1.4 den Chlár agus sna hailt a théann leis rianaítear cad iad na cuspóirí fíorthábhachacha atá le baint amach i ndáil le Nua-Chóiriú leanúnach a dhéanamh ar an tSeirbhís Phoiblí le linn shaolré an Chláir. Mar a léirítear san alt beidh na nithe seo i gceist:

- cur i ngníomh leanúnach Ráiteas Straitéise/Pleananna Chur i gCrích Seirbhísí i ngach earnáil agus é/iad bunaithe ar na doiciméid beartais chuí agus ar chlár Nua-Chóiriúcháin an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach;
- ceapadh agus cur i ngníomh córas bainistíochta thorthaí oibre mar chúltaca do chur i ngníomh; agus
- dian-chaighdeáin seirbhísí a chur i ngníomh a leagfar síos i gcomhchomhairle le húsáidirí na seirbhíse.

Beidh gá freisin le hoiriúnú agus solúbhthacht bhreise mar eagraíocht le linn freastal ar riachtanais na seirbhíse agus ní mór aghaidh a thabhairt ar cheisteanna amhail grádú, ollchuimsiú agus comhar foirne.

4. Aontaítear:

(a) Go ríofar méaduithe pá ar an mbonn seo a leanas:

Céim 1: 51/2% den bhunphá ar feadh an chéad tréimhse 12 mhí de ré an Chomhaontaithe;

Céim 2: 51/2% den bhunphá ar feadh an chéad tréimhse eile 12 mhí; agus

Céim 3: 4% den bhunphá ar feadh na chéad 9 mí eile.

(b) Más rud é go mbeadh de thoradh ar fheidhmiú na foirmle seo go mbeadh méaduithe ar bhunphá d'fhostaithe fásta lánaimseartha níos lú ná:

(i) £12 sa tseachtain sa chéad chéim;

(ii) £11 sa tseachtain sa dara céim; agus

(iii) £9 sa tseachtain sa tríú céim

déanfar an méadú faoin gcéad iomchuí do na céimeanna áirithe sin a oiriúnú chuig na méideanna sin. Beidh

feidhm ag na híosrátaí sin maidir le fostaithe páirtaimseartha ar bhonn pro rata mura mbeidh téarmaí is mó fabhar i bhfeidhm faoi chomhaontuithe láithreacha.

> (c) Íocfar méadú na tríú céime de 4% tráth nach luaithe ná 1 Deireadh Fómhair 2000 agus beidh sé ag brath ar na léirithe thorthaí oibre sonracha a rianaítear i mír 3 thuas a bheith curtha ar bun faoi 1 Aibreán 2001, agus na spriocanna earnálacha sin a bheith bainte amach faoi 1 Aibreán 2002, agus measúnú ar dhul chun cinn a bheith déanta faoi 1 Deireadh Fómhair 2002 ag an leibheal eagraíochta.

5. Tá na páirtithe tar éis teacht ar chomhaontú maidir le sásra i ndáil le háirithiú neamhspleách ar cháilíocht do na léirithethorthaí oibre aontaithé sin agus baint amach na spriocanna sin.

6. Ó tharla gur aontaigh na páirtithe Comhlacht Slat Tomhais na Seirbhíse Poiblí a bhunú, admhaítear go mbainfidhan gnás slat tomhais le haon éilimh nó geallúintí a rinne aon ghrád, grúpa nó catagóir nó a rinneadh thar a gceann i ndáil le pá, analóga nó athbhreithnithe, in aon fhoirm ar bith, agus a bheidh fós fágtha, agus is sa chomhthéacs sin amháin a dhéileálfar leo.

An Gaol idir Pá sa tSeirbhís Phoiblí agus san Earnáil Phoiblí

Pá sa tSeirbhís Phoiblí a choibhneasú leis an Margadh

7. Admhaíonn na páirtithe sa chomhaontú gur gá teacht ar bhealach cuí trína mbeidh slata tomhais margaidh i gceist i gcás pá sa tSeirbhís Phoiblí. Tá gá leis sin lena chinntiú, go háirithe i gcomhthéacs na n-athruithe tapa ar an margadh oibre faoi láthair, go mbeidh an tSeirbhís Phoiblí in ann an fhoireann a mhealladh agus a choimeád is gá chun an chainníocht agus an cháilíocht seirbhísí a chur i gcrích a bhfuil ceart ag an bpobal bheith ag dúil leo. Le cur chuige den chineál sin bheadh bonn ann lena chinntiú go mbeadh cothrom na féinne le fáil ag fostaithe na Seirbhíse Phoiblí agus na hEarnála Príobháidí.

8. San am atá thart d'eascair deacrachtaí tromaí as an gcur chuige seanbhunaithe i dtaca le hathbhreithnithe ar phá sa tSeirbhís Phoiblí, a bhí bunaithe ar analóga agus coibhneasachtaí. Tá ná páirtithe tiomanta, mar sin de, ar shocruithe a dhéanamh le haghaidh cur chuige ionadúil, ar chóimheas comhtháite agus forleathan le poist agus rátaí pá ar fud an gheilleagair a bheadh mar fhotha leis, agus ar féidir déileáil leo laistigh de chomhthéacs clár a n-aontóidh na comhpháirtithe sóisialta orthu ar bhonn náisiúnta.

Comhlacht Slat Tomhas

9. Bunófar comhlacht Slat Tomhas Seirbhíse Poiblí laistigh de thrí mhí ó thosach feidhme an Chomhaontaithe seo chun scrúdú a dhéanamh ar phá agus poist sa tSeirbhís Phoiblí ar an modh a rianaítear thíos agus chun moltaí a dhéanamh faoin méid sin.

10. Bainfidh na slata tomhais le pá agus poist araon; is é sin déanfar scrudú ar ról, freagrachtaí etc. sa tSeirbhís Phoiblí agus ar fud an gheilleagair, agus ní hamháin ar na rátaí pá a bhaineann le poist san earnáil phríobháideach a bhfuil teideal den chineál céanna orthu agus ról atá cosúil más fíor le poist sa tSeirbhís Phoiblí.

11. Ní bheadh sé indéanta scrúdú a dhéanamh ar gach uile ghrád ar fud na Seirbhíse Poiblí go léir laistigh den tréimhse chomhaontaithe. Ina áit sin iarrfar ar an gcomhlacht scrúdú a dhéanamh ar na mór-ghrúpaí agus mór-chatagóirí go léir i ngach earnáil. Aontóidh na páirtithe ar liosta de na grúpaí sin, chomh maith le sonraí faoin gcaoi a ndéileálfar leis na gráid eile i bhfianaise na dtorthaí ar shocrú slat tomhais.tabharfar cóip den chomhaontú seo don Chomhlacht Slat Tomhas.

12. Iarrfar ar an gComhlacht Slat Tomhas taighde, scrúduithe agus anailís mionshonraithe agus cuimsitheach a shocrú ar rátaí pá ar fud na hearnála príobháidí. Áireofar sa mhéid sin scrúdú ar rátaí pá foriomlána sa tSeirbhís Phoiblí agus san earnáil phríobháideach chomh maith le scrúdú ar rátaí pá atá ag grúpaí slí bheatha ar leith (amhail foireann cléireachais, foireann riaracháin, innealtóirí agus teicneoirí) agus grúpaí inaitheanta eile(amhail céimithe nua-fhostaithe).

13. Is é a bheidh i gceist sa scrúdú sin rátaí pá foriomlána san earnáil phríobháideach agus fostaíocht as réimse

leathan de chineálacha, méideanna agus earnálacha. Cuirfear i gcuntas freisin cén córas luacha saothair atá ann san earnáil phríobháideach.

Cur chuige

14. Admhaíonn an dá thaobh go bhfuil coibhneasachtaí crosearnálacha ag teacht salach ar oibriú Slat Tomhas; i gcleachtas ní dócha go dtiocfadh difríochtaí an-mór chun cinn idir na hearnálacha éagsúla i gcás pá a ghnóthaíonn grúpaí comhionanna amhail foireann cléireachais, foireann riaracháin, innealtóirí agus teicneoirí.

15. Glactar leis gur critéar iomchuí iad coibhneasachtaí inmheánacha taobh istigh de gach earnáil, ach beidh sé soiléir ar na téarmaí tagartha nach gcuirfeadh coibhneasachtaí seanbhunaithe nó stairiúla idir grúpaí in earnáil cosc ar an gComhlacht Slat Tomhais na rátaí pá a mholadh is cuí leo, ag féachaint d'imthosca láithreacha.

16. Iarrfar ar an gComhlacht Slat Tomhas a thuarascáil agus a mholtaí a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana 2002 sa chaoi go mbeidh deis ag na páirtithe cur i ngníomh a mholtaí a phlé i gcomhthéacs aon chomharba ar an gclár seo a d'fhéadfadh na comhpháirtithe sóisialta a aontú nó cibé comhshocruithe eile a bheidh ann nuair a bheidh deireadh le ré an chláir seo. Aontaítear nach mbeadh éifeacht, le linn ré an Comhaontaithe seo, le haon mhéaduithe breise (is é sin méaduithe de bhreis orthu sin a n-aontófar faoin gComhaontú seo) a thiocfadh as.

Nósanna Imeachta

17. Pléifidh na páirtithe cad é comhdhéanamh an Chomhlachta Slat Tomhas agus aontóidh siad é. D'ainneoin gur ceist nach mór a phlé níos faide anonn na nósanna imeachta a bhféadfadh an Comhlacht a ghlacadh, ceaptar go mbeidh siad seo a leanas i gceist sa phróiseas (i) déanfaidh na fostóirí agus na ceardchumainn uiríoll tosaigh (ii) Socróidh an Comhlacht an taighde riachtanach (íi) ansin déanfaidh na fostóirí agus na ceardchumainn uiríoll eile agus ansin (iv) Tiocfaidh an Comhlacht ar chinntí agus déanfaidh sé moltaí.

18. Aontóidh na páirtithe téarmaí tagartha chun feidhm a thabhairt don mhéid sin thuas.

Grúpa Faireacháin na Seirbhíse Poiblí

19. Tá aontaithe Grúpa Faireachain na Seirbhíse Poiblí (PSMG) a bhunú chun faire a dhéanamh ar chur i ngníomh aon chomhaontuithe pá sa tSeirbhís Phoiblí san am atá le teacht. Pléifidh an PSMG le haon cheisteanna forluiteacha a thiocfaidh chun cinn agus na Comhaontuithe sin á gcur i ngníomh chomh maith le haon cheisteanna eile a n-aontaíonn an dá thaobh a chuideodh le hoibriú comhshocruithe faoi phá na Seirbhíse Poiblí agus comhshocruithe caidrimh tionscail.

20. Beidh an líon céanna ionadaithe ag na Fostóirí agus ag an PSC ina gcomhaltaí den PSMG. Cinnfidh an PSMG é féin a nósanna imeachta maidir le hionadaithe, comhaltaí breise a chomhthoghadh, comhrúnaithe a cheapadh, fochoistí a bhunú etc. Beidh cead ag ceachtar taobh ceisteanna a ardú ag an PSMG a thagann faoi réim a théarmaí tagartha.

Tacaíocht a Thabhairt don Sásra Caidrimh Tionscail atá ann

21. Athdhearbhaíonn na páirtithe go bhfuil siad tiomanta an sásra caidrimh tionscail seanbhunaithe a úsáid agus tacaíocht a thabhairt dó agus aontaíonn siad go ndéanfaidh siad cibé bearta is gá chun príomhacht na n-institiúidí sin a chaomhnú.

Seirbhísí Sláinte agus Údaráis Áitiúla

22. Tá na páirtithe tiomanta do comhshocraíochtaí cuí a aontú sna Seirbhísí Sláinte agus sna hÚdaráis Áitiúla (in ionad na gComhchomhairlí Náisiúnta a bhí ann) chun sásraí comhaontaithe a chur ar fáil le plé inmhéanach a dhéanamh ar éilimh agus ar cheisteanna eile sula gcuirfí iad faoi bhráid an Choimisiúin Caidrimh Saothair. Aontaítear gur chóir na comhshocruithe sin a bheith curtha ar bun faoi 30 Aibreán 2000.

Cód Cleachtais Maidir le Nósanna Imeachta Aighnis

23. Tá na páirtithe tiomanta do chóid chleachtais deonacha a aontú chun aghaidh a thabhairt ar chaomhnú seirbhísí fíor-riachtanacha. Ba chóir do na cóid chleachtais sin a bheith ag teacht leis na cóid chleachtais (Nósanna Imeachta Aighneas ar a n-áirítear Nósanna Imeachta i Seirbhísí Fíor-Riachtanacha) a d'ullmhaigh an Coimisiún Caidrimh Saothair. (I.R. Uimh. 1 de 1992).

24. Rachfar i mbun plé mar ábhar práinne taobh istigh de gach earnáil, faoi chúram an tsásra caiblíochta chuí, ar cód cleachtais deonach a ghlacadh don earnáil sin. Tá na páirtithe tiomanta do chomhaontú a bhaint amach i dtaobh na gcód sin faoi 30 Meitheamh 2000. Ba chóir cóip de gach cód comhaontaithe a thaisceadh le Comhar na gCeardchumann, leis an Roinn Airgeadais agus leis an gCúirt Oibreachais/ an Bord Eadrána, de réir mar is cuí. Más rud é go mbeidh fadhbanna ag na páirtithe an cód cleachtais a chomhaontú, ba chóir an t-ábhar a chur faoi bhráid an CCS /an Éascóra Comhréitigh & Eadrána agus, más gá, na Cúirte Oibreachais/ an Bhoird Eadrána.

25. Beidh feidhm mar an gcéanna le gach ceann d'fhorálacha an Chomhaontaithe atá in Iarscríbhinn 1 maidir leis an tSeirbhis Phoiblí.

Iarscríbhinn III

Creat chun Beartais Chomhdheiseanna a Fhorbairt i bhFiontair

1. An Cuspóir

Tá mar chuspóir leis an gComhaontú seo deireadh a chur le hidirdhealú agus comhdheiseanna a chur chun cinn san áit oibre.

2. An Dúshlán

Tugann an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 a tháinig i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 1999 a lán nithe nua isteach sa reachtaíocht comhionannais fostaíochta in Éirinn. Acht é in ionad an Achta in aghaidh Idirdhealú (Pá), 1974 agus an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1977.

Tagann naoi bhforas idirdhealaithe faoi leith faoin reachtaíocht chomhionannais anois eadhon: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine, agus más den lucht siúil duine.

Tá idirdhealú neamhdhleachach i ngach réimse a bhaineann le fostaíocht, mar shampla, rochtain ar fhostaíocht, coinníollacha fostaíochta, oiliúint nó taithí oibre, ardú céime nó poist a athghrádú nó a aicmiú. Ceadaítear gníomh dearfach d'fhonn comhdheiseanna a chur chun cinn agus é mar chuspóir deireadh a chur le míchothromaíocht láithreach a chuireann isteach ar dheiseanna ban i ndáil le rochtain ar fhostaíocht, gairmoiliúint, agus ardú céime agus coinníollacha oibre.

3. Áiteanna Oibre ina bhfuil Comhdheiseanna

In áiteanna oibre ina bhfuil comhdheiseanna aithnítear buanna agus oilteacht na n-oibrithe agus téann sé sin chun sochair na bhfostóirí agus na bhfostaithe araon. Tá teacht ag an bhfostóir ar bhuanna agus oilteacht na bhfostaithe go léir agus bíonn na coinníollacha céanna fostaíochta ag na fostaithe san fhiontar. Dá thoradh sin baineann fostaithe níos mó sástachta as an obair agus, ó thaobh na bhfostóirí de, téann an táirgiúlacht i méad. Daingítear sa togra "Comhionannas agus Éagsúlacht san Áit Oibre" cé chomh tairbhiúil d'fhostóirí agus d'fhostaithe is atá comhdheiseanna.

4. Creat

Mar fhreagra ar na dúshláin atá ann ag Fostóirí agus ag Ceardchumainn araon mar gheall ar chur i ngníomh an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, agus d'fhonn cabhrú le comhdheiseanna a chur chun cinn san áit oibre bunófar creat ina mbeidh ionadaithe ón gCónaidhm Fhostóirí agus Ghnó, ó Fhostoirí sa tSeirbhís Phoiblí, ó Chomhar na gCeardchumann agus ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais, agus Athchóirithe Dlí páirteach agus cuirfidh an tÚdarás Comhionannais rúnaíocht ar fáil mar áis tacaíochta aige.

Beidh buiséad sonrach ann mar chúltaca ag gníomhaíochtaí an chreata seo. Cabhróidh an creat le beartais maidir le comhdheiseanna a fhorbairt agus a chur i ngníomh i bhfiontair agus ar bhonn deonach i bhfiontar agus cuirfidh sé spreagadh, oiliúint, eolas agus tacaíocht ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe/ionadaithe.

5. Comhdheiseanna a Fhorbairt i bhFiontair

Tá Comhar na gCeardchumann, an Chonaidhm Fostóirí agus Ghnó agus Fostoirí sa tSeirbhís Phoiblí tiomanta do bheartais agus cleachtais maidir le forbairt comhdheiseanna spreagfaidh siad an fhorbairt sin agus tacóidh siad leis ar gach slí is indéanta.

Ba chóir beartais/cleachtais maidir le comhdheiseanna a fhorbairt agus a chur i ngníomh ar bhonn deonach i bhfiontair trí chomhaontú idir fostóirí agus ceardchumainn.

Is samplaí iad seo a leanas de cheisteanna is cuí a phlé i bhfiontair:

- Ráiteas beartais/Clár comhionannais
- Clá(i)r de ghníomhartha dearfacha
- Beartais maidir le Ciapadh Gnéis, Ciapadh agus Maistíneacht ag an Obair
- Beartais maidir le Comhionannas Ciníoch
- Treoirlínte chun sásraí cúltaca a chur i ngníomh ag an obair d'íospartaigh foréigin baile

D'fhéadfaí go dtiocfadh ceisteanna cuí eile chun cinn i bhfiontair agus má thoilíonn fostóirí agus ceardchumainn féadfar iad sin freisin a phlé ag an léibhéal sin.

Ní mór do gach beartas agus cleachtas fostaíochta forálacha an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 a chomhlíonadh.

6. Sásraí Faireacháin agus Athbhreithnithe

Déanfaidh an Creat faireachán agus athbhreithniú ar dhul chun cinn ar bhonn bliantúil.

Iarscríbhinn IV

Creat Náisiúnta chun Polasaithe atá báúil leis an Teaghlach a Fhorbairt ag Leibhéal na Fiontraíochta

1. Réamhrá

Is é cuspóir an Chomhaontaithe seo tacú le polasaithe atá báúil leis an teaghlach a fhorbairt agus an fhorbairt sin a éascú. Is amhlaidh a chuideoidh an Creat Náisiúnta do Pholasaithe atá báúil leis an Teaghlach - atá le bunú laistigh de chomhthéacs an Chomhaontaithe seo - leis an gcuspóir sin a bhaint amach. Díreoidh an Creat Náisiúnta ar thacú le pholasaithe atá báúil leis an teaghlach agus leis na polasaithe sin a éascú, sin trí phacáiste bearta praiticiúla a fhorbairt ar bearta iad is féidir a fheidhmiú ag leibhéal na fiontraíochta.

2. Comhthéacs

Maidir le bearta cuí a fhorbairt chun cuidiú le saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh, tá an méid sin tábhachtach mar bhonn taca le cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus comhionannais. Ag leibhéal polasaí, tá mionsonrú i dTreoirlínte Fostaíochta AE 1999 ar an tábhacht a ghabhann le polasaí atá báúil leis an teaghlach a dhearadh, a chur i ngníomh agus a chur chun cinn. Ar an dóigh chéanna, tá leid tugtha ag an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach (NESC) maidir leis an ngá atá le cóimheá a bhaint amach idir freagrachtaí oibre agus freagrachtaí teaghlaigh. Mar atá tugtha le fios in Alt 4.3, tá an-tábhacht ar fad ag gabháil le bonneagar cúraim leanaí inrochtana den scoth atá réasúnta saor a fhorbairt chun tacú le saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh. Dar lena bhfuil sa Chomhaontú seo, áfach, go bhfuil réimse leathan de bhearta eile a fhéadfaidh dul i dtreo saol na oibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh.

Margadh saothair atá ag teannadh a bheith ag teacht chun cinn agus níos mó béime a bheith ar acmhainní daonna mar eilimint iomaíoch an-tábhachtach, léiríonn na nithe sin an tábhacht a bhaineann le bealaí nuálacha a fhorbairt chun an soláthar saothair atá ar fáil a uasmhéadú. Ar an dóigh chéanna, an tábhacht a bhaineann le cothromas deiseanna d'fhir agus do mhná san ionad oibre a éascú, leagann sé sin béim ar a inmhianaithe atá sé polasaithe a fhorbairt lena gcuideofar le tuismitheoirí saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh. Féadfaidh polasaithe atá báúil leis an teaghlach fónamh do chuspóir déach, is é sin, freastal ar riachtanais lucht gnó chomh maith le fónamh do riachtanais fostaithe a bhfuil freagrachtaí teaghlaigh orthu.

Is é an dúshlán atá ann i dtaca le polasaithe atá báúil leis an teaghlach a fhorbairt agus a bhaineann go hiomchuí le leibhéal na fiontraíochta ná bealaí a aimsiú chun curanna chuige a fhorbairt ina bhfuil tuiscint ar réaltacht an ionaid oibre. Cruafhadhb nach beag í roghanna éagsúla a aithint a bhfuil an poitéinseal iontu freastal ar iliomad riachtanas éagsúil fostóirí éagsúla agus a bhfostaithe. Chun go mbeidh siad éifeachtach, ní mór go bhfónfadh na roghanna sin do na cuspóirí seo a leanas:

- cur leis an deis le saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh; agus
- cur le hoibríocht éifeachtach éifeachtúil na fiontraíochta.

3. Polasaithe atá báúil leis an Teaghlach

Féadfaidh Plasaíthe atá báúil leis an Teaghlach agus atá deartha go cuí dul chun leasa fostaithe agus fostóirí araon. I gcás na bhfostóirí, féadfaidh na sochair seo a leanas a bheith i gceist:

- foireann oilte a bhfuil taithí acu a choinneáil;
- laghdú ar an neamhláithreacht;
- feabhas ar an táirgiúlacht;
- aos oibre níos spreagúla; agus
- feabhas ar an íomhá chorparáideach.

Ó thaobh na bhfostaithe de, féadfaidh na sochair seo a leanas a bheith san áireamh:

- deis níos fearr chun a saol oibre agus a saol teaghlaigh a chothromú;
- comhionannas deiseanna níos fearr idir fir agus mná; agus
- freagrachtaí an teaghlaigh a roinnt ar bhealach níos cothroime idir fir agus mná.

Ní thugann an Creat Náisiúnta faoi aon bheart amháin ar leith ná aon samhail ar leith de pholasaí nó cleachtas neamhreachtúil atá báúil leis an teaghlach a bhrú ar dhaoine. Tá Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus na fostóirí (IBEC) araon tiomanta d'ionaid oibre a fhorbairt atá báúil leis an teaghlach agus spreagfaidh siad forbairt ionad oibre den chineál sin ar gach dóigh atá praiticiúil agus tacóidh siad leis an méid sin. Tá iliomad samplaí ann de pholasaithe agus cleachtais atá báúil leis an teaghlach ónar féidir rogha a dhéanamh, sin ag brath ar riachtanais na bhfostaithe agus na bhfostóirí araon. Seo a leanas roinnt samplaí de chleachtais atá báúil leis an teaghlach a bhfeilfeadh sé iad a phlé ag leibhéal na fiontraíochta trí chomhaontú idir fostóirí agus ceardchumainn:

- Comhroinnt poist
- Comhroinnt oibre
- Fleisc-am
- Fleisc-áit/Teiloibriú
- Oibriú ama téarma.

Laistigh d'fhorálacha na reachtaíochta atá ann cheana féin, tá na ceisteanna seo a leanas feiliúnach lena bplé ag an leibhéal áitiúil:

- Saoire Mháithreachais;

- Saoire uchtála;
- Saoire tuismitheoira; agus
- Saoire *Force Majeure*.

4. Creat Náisiúnta do Pholasaithe atá báúil leis an Teaghlach

Tá an Rialtas agus na Comhpháirtithe Sóisialta comhaontaithe gur chóir Creat Náisiunta do Pholasaithe atá báúil leis an Teaghlach a bhunú chun tacú le polasaithe atá báúil leis an teaghlach ag leibhéal na fiontraíochta.

Is é a bheidh mar chuspóir ag an gCreat Náisiúnta seo ná gníomhartha a aithint a bheidh le déanamh ag na comhpháirtithe sóisialta ag an leibhéal náisiúnta lena dtacófar le polasaithe atá báúil leis an teaghlach a fhorbairt san ionad oibre. Is é a bheidh mar fhócas ag an ngníomhaíocht seo ná tacaíocht agus treoir a thabhairt do pholasaithe atá báúil leis an teaghlach a fhorbairt go saorálach agus a chur i ngníomh ag leibhéal na fiontraíochta de réir na gcuspóirí atá mionsonraithe i bparagraf 2 thuas.

5. Gníomhaíochtaí Tábhachtacha

Comhaontaíonn IBEC, fostóirí na hEarnála Poiblí agus Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) tabhairt faoi na gníomhartha seo a leanas laistigh den Chreat Náisiúnta:

- Cur i ngníomh polasaithe atá báúil leis an teaghlach a chur chun cinn de réir na gcuspoirí atá leagtha amach i bparagraf 2 thuas;
- Roghanna iomchuí a aithint do pholasaithe agus cleachtais atá báúil leis an teaghlach ag leibhéal na fiontraíochta;
- Tionchar polasaithe agus cleachtais den sórt sin a mheasúnú i dtaca leis na cuspóirí atá leagtha amach in 2;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thoradh an Tionscadail SME atá Báúil leis an Teaghlach, tionscadal a rinne an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus gníomh iomchuí a mholadh chun cleachtais atá báúil leis an teaghlach a fhorbairt;
- Treoirlínte praiticiúla a fhorbairt ag an leibhéal náisiunta chun cuidiú le polasaithe agus cleachtais atá báúil leis an teaghlach a chur i ngníomh ag leibhéal na fiontraíochta;
- Cód Cleachtais a fhorbairt, laistigh de chomhthéacs an chreata reachtaíochta atá ann cheana féin, maidir leis an modh inar féidir an tSaoire Thuismitheora reachúil agus an tSaoire *Force Majeure* reachtúil a thógáil;
- Bacainní agus baic ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann ar sholáthar polasaithe atá báúil leis an teaghlach agus a fhónann do riachtanais tuismitheoirí atá ag obair, na bacainni agus na baic sin a aithint agus na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ar na deacrachtaí sin a aithint freisin;
- I dtaca leis sin, d'fhéadfadh lucht bainistíochta, ceardchumainn agus fostaithe, i bpáirt agus i gcomhar le chéile ag leibhéal fiontraíochta, bealaí a scrúdú chun aon bhacainní den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith fós ann a shárú; ba chóir comhchomhairle le grúpaí/soláthróirí cúraim leanaí a chur san áireamh sa chomhthéacs seo;
- Eolas a scaipeadh faoi thaithí iomchuí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta i leith oibriú polasaithe atá báúil leis an teaghlach san ionad oibre;
- An cleachtas is fearr a aithint agus é sin a scaipeadh ar fhostóirí agus ar cheardchumainn;
- Forbairtí i dtaca le polasaithe atá báúil leis an teaghlach a mhonatóireacht agus tuairisc a thabhairt orthu; agus
- Oiliúint a chur ar fáil d'ionadaithe lucht bainistíochta, na gceardchumann, na bhfostóirí agus an ionaid oibre maidir leis na roghanna aitheanta iomchuí atá báúil leis an teaghlach agus maidir leis na modhanna cleachtais is fearr lena gcur i bhfeidhm.

6. Struchtúir Thacaíochta don Chur i bhFeidhm

Bunófar Coiste Creata Náisiúnta agus é mar chúram air an comhaontú seo a chur i bhfeidhm. Is é a bheidh ar an gCoiste ionadaithe ó IBEC, ó fhostóirí na hEarnála Poiblí agus ó Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU). Beidh foireann rúnaíochta mar thaca ag an gCoiste, arna soláthar ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus déanfaidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tacaíocht bhreise a chur ar fáil, i gcás inar cuí sin. Beidh buiséad sonrach ann mar thacú le gníomhaíochtaí an Chreata Náisiúnta do Pholasaithe atá báúil leis an Teaghlach. Cuirfear an buiséad sin ar fáil laistigh den Chlár Oibríochta Forbartha Acmhainní Daonna.

7. Meicníochtaí Monatóireachta agus Athbhreithnithe

Déanfaidh an Coiste Creata Náisiunta an dul chun cinn a mhonatóireacht agus a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

Creat I I

do Rathúlacht agus Uilechuimsitheacht eacnamaíochta

2.1 Comhthéacs Ginearálta

Is iad príomhaidhmeanna an Chláir:

- bunús láidir a chur le cumas iomaíochta na hÉireann agus an rath eacnamúil atá fúinn a bhuanú; agus
- leas a bhaint as an rathúlacht sin le cur leis an saol atá againn i bpobal a mbeadh cothroime agus gnaíúlacht ag baint leis.

Beartas Maicreacnamaíochta

1. Is féidir na príomhaidhmeanna bheartais mhaicreacnamaíochta a bhaineann leis an gClár seo a chur go hachomair i dtéarmaí buanaithe, foráis agus córa. Tá d'aidhm ag an gClár go háirithe, cur tuilleadh leis na caighdeáin mhaireachtála, laghdú a dhéanamh ar chásanna ina gcosctar deiseanna sóisialta ar dhaoine agus sin a dhéanamh ar bhealach a mbeidh buanaíocht ag baint leis go ceann i bhfad agus eacnamaíocht na tíre a fhágáil sa chaoi is go mbeifear in ann tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina dhiaidh sin.

2. Tá an Clár leagtha amach ar an tuiscint go leanfar ag baint amach fás geilleagrach neamhbhoilscitheach agus braitheann an Clár air sin. D'fhéadfaí OTN timpeall is 5.6% ar an meán in aghaidh na bliana a bhaint amach sa tréimhse 2000-2002 ar an mbunús go leantar leis an bhfeabhas ar tháirgíocht, go maireann an cumas iomaíochta thar lear agus go sáraítear na bacanna soláthair atá ag teacht chun cinn. Ó tharla ballraíocht againn san AE, tá tábhacht níos mó ná a bhí riamh le beartais a dhíríonn ar bhuanaíocht leis an toradh sin a bhaint amach agus an eacnamaíocht idirnáisiúnta níos dlúithe ná a bhíodh agus í ag síneadh ar fud an domhain.

3. Aithnítear nach féidir aidhmeanna an Chláir a bhaint amach gan fás den leibhéal sin a bhaint amach ar dtús. Má sháraíonn an fás geilleagrach an leibhéal sin, agus faoi réir na bprionsabal thíos, b'fhéidir go bhféadfaí acmhainnní breise a úsáid ar bhealach cothrom le cur leis an dul chun cinn ag baint amach príomhaidhmeanna an Chláir, uilechuimsitheacht san áireamh. Mar a chéile, má thiteann an fás faoin leibhéal sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le dul chun cinn níos moille ionas gur féidir cloí leis na prionsabail thíos.

Prionsabail Thábhachtacha

4. Le dul chun cinn leanúnach san eacnamaíocht, ní mór súil ghéar a choinneáil ar na prionsabail thábhachtacha seo a leanas le cumas iomaíochta na heacnamaíochta a chothú agus le muinín sa bhaile agus thar lear ina cumas fáis a chothú:

- go gcloífear go hiomlán le meon an Chláir lena linn;
- go leanfar beartas fioscach le linn an Chláir a thiocfaidh le cobhsaíocht eacnamaíoch, go háirithe ráta íseal boilscithe, agus a thiocfaidh go hiomlán le meon an Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis;
- go leanfar beartais chánach agus chaiteachais ar bhealach a chinnteoidh go mbeidh tionscnaimh a dtugtar fúthu le linn an Chláir inmharthana go ceann i bhfad;
- go dtabharfar tús áite d'infheistíocht chaipitil phoiblí leis an easpa atá le tabhairt faoi deara i gcúrsaí infrastruchtúir a shárú chomh maith leis na bacanna a d'fhéadfadh an fás geilleagrach a thuartar a chur ó rath; agus
- go leanfar leis an bpáirtréamh-airgeadú pinsin atá ar siúl anois.

5. Ó tharla fás tréan ann agus athruithe déamagrafacha fabhracha ag tarlú, leanfar beartas fioscach a mbeidh d'aidhm aige farrasbarr buiséadach mór a bheith ann gach bliain le linn an Chláir. Beidh laghdú eile san ualach fiacha náisiúnta de bharr an pharaiméadair fhioscaigh sin, agus fágfaidh sin tuilleadh acmhainnní le bonn láidir a chur faoi inmharthanaacht na mbeartas poiblí. Tá sé sin dá bhrí sin ina phrionsabal dosháraithe i gcur i bhfeidhm an Chláir.

Cumas Iomaíochta

Cumas Iomaíochta agus Uilechuimsitheacht Shóisialta

6. Ní mór saothrú sa chaoi is go gcruthaítear sochaí in Éirinn a bheidh in ann chuig na riachtanais, a mbíonn síorathrú orthu, a bhaineann le hiomaíocht idirnáisiúnta, ó tharla nach féidir leanacht den rath eacnamúil agus sóisialta gan an cumas iomaíochta sin. Ag an am céanna, aithnítear sa Chlár go dtéann cumas iomaíochta agus uilechuimsitheacht shóisialta le chéile.

Dúshlán maidir le hIomaíocht

7. Tá anailís chuimsitheach ar an mbóthar atá roimh an earnáil fiontraíochta go ceann deich mbliana le fáil sa tuarascáil Enterprise 2010: A New Strategy for Enterprise in Ireland in the 21st Century a d'fhoilsigh Forfás le gairid. Tabharfaidh na nithe seo a leanas dúshlán na hÉireann maidir le cúrsaí iomaíochta:

- na fórsaí tréana iomaíochta nua atá ann de bharr cúinsí ar nós an mhargaidh dhomhanda, an Mhargaidh Aonair Eorpaigh, leathnú an AE agus an luas atá faoi athruithe teicneolaíochta;
- ganntan scileanna agus oibrithe, easpa san infrastruchtúr iompair, easpa tithíochta sóisialta ar chostas inghlactha, an boilsciú ard a bhaineann le costas tógála faoi láthair, easpa san earnáil cúram leanaí agus éagothroime maidir le forbairt réigiúnach;
- easpa scóip, de bharr bhallraíocht san AE, atá ann maidir le rátaí malartaithe agus úis a shocrú leis an dochar a bhaint as aon tuairt eacnamúil, maraon leis an méid atáthar ag brath ar Sterling i gcónaí agus an chontúirt atá ag baint le haon athrú ar threise Sterling nó dollar SAM don eacnamaíocht; agus,
- an riachtanas a bhaineann le feabhsú, i gcomparáid le tíortha a bhfuiltear in iomaíocht leo, i gcúrsaí tábhachtacha ar nós acmhainní daonna, T&F agus ceannródaíocht agus ríomh-thrádáil, go háirithe i gcás na n-earnálacha dúchasacha tionscal.

Tosaíocht maidir le Cúrsaí Iomaíochta

8. Tabharfar na dúshláin sin trí na bearta atá leagtha amach sa Chlár seo agus tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Beidh tús áite ag:

- forbairt a dhéanamh ar Phobal an Eolais, Foghlaim Saoil a chothú, borradh a chur faoi Thaighde agus Forbairt agus taighde den fhíorscoth a fhorbairt trí Technology Foresight, leasú a dhéanamh ar an gcóras pleanála agus athchóiriú a dhéanamh ar institiúidí;
- déanfar forbairt ar fhiontair dhúchasacha trí bhearta ar nós Slat Tomhais Sárchleachtais agus teicnící gnó ar chaighdeán domhanda a úsáid le cur lena gcuid inniúlachta agus lena gcumas iomaíochta. Forbrófar bearta chomh maith le cumas iomaíochta na gcalafort agus na n-aerfort a thomhais;
- chomh maith le díriú ar shlata tomhais, leanfar den phróiseas forleathan athchóirithe ar chúrsaí rialaithe agus iomaíochta agus cuirfear na hacmhainní cuí, sa chomhthéacs sin, ar fáil don Údarás Iomaíochta agus do Rialaitheoirí Fóntas. Cuirfear i bhfeidhm an clár *Reducing Red Tape: An Action Programme of Regulatory Reform in Ireland* a foilsíodh le gairid. Críochnófar Staidéar Tíre de chuid an OECD maidir le Leasú Rialaithe roimh dheireadh na bliana 2000;
- foilseoidh an Rialtas plépháipéar ar Rialú agus Freagracht sa Phróiseas Rialaithe, a bheidh ina bhunús le díospóireacht maidir le gnéithe eacnamúla agus sóisialta den phróiseas rialaithe agus nithe eile nach iad, sula socraítear beartas foirmeálta Rialtais;
- is gné bhunúsach den neartú ar an gcumas iomaíochta i ngach réimse den iarracht náisiúnta í an fhorbairt leanúnach ar phróiseas nuachóirithe na seirbhíse poiblí; agus
- feabhas leanúnach ar stádas idirnáisiúnta na tíre maidir le cumas iomaíochta. Coinneofar súil ar bheartais a thacaíonn leis sin agus tabharfar aird faoi leith ar mholtaí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochta.

Athrú go dtí an Euro

9. Tá na Comhpháirtithe Sóisialta ar aon intinn nach féidir an t-athrú go dtí nótaí euro agus píosaí airgid euro ar an 1 Eanáir 2002 a úsáid le praghsanna a ardú.

Inmharthanacht

10. Ní mór a chinntiú go dtagann an feabhas ar chaighdeáin mhaireachtála a bhaintear amach sa ghearrthéarma le cothú an dul chun cinn eacnamúil agus sóisialta go ceann i bhfad agus go gcuirtear cosaint na timpeallachta san áireamh. Iarrfar ar an CNES creatlach a fhorbairt roimh Meitheamh 2001 trína gcuirfí i bhfeidhm slata tomhais náisiúnta le forbairt eacnamúil, shóisialta agus timpeallachta a mheas. Tabharfar san áireamh san obair sin fáil a bheith ar fhoinsí nua eolais, ar nós Suirbhéanna Caite Ama, Cuntais Teaghlaigh Náisiúnta agus Cuntais Saitilíte Náisiúnta.

2.2 Iompar Poiblí

Aidhmeanna

Feabhas mór a chur ar infrastruchtúr agus seirbhísí iompair phoiblí na hÉireann ar mhaithe le:

- córas iompair phoiblí dea-eagraithe, iomlán a chur ar fáil;
- deis taistil níos fearr chuig an obair agus abhaile a chur ar fáil;
- cur leis an gcumas iomaíochta agus an dul chun cinn eacnamúil a chothú; agus
- cur le comhtháthú an phobail.

Gníomhaíochtaí

Iompar Poiblí i mBaile Átha Cliath

1. Déanfar infheistíocht chuimsitheach i gcóras iompair phoiblí Bhaile Átha Cliath idir 2000 agus 2006 le feabhas a chur air ó thaobh cumais agus feabhais agus le rogha dáiríre a thabhairt seachas úsáid cairr ag dul chun oibre. Beidh d'aidhm leis an infheistíocht:

- méadú beagnach 7,400 áit a chur ar chumas iompair an DART (39%), agus méadú 7,800 suíochán le cois (26%) a chur ar an gcóras iarnróid chuig na bruachbhailte (anuas ar an méadú 60% ar chumas iompair DART/iarnród chuig na bruachbhailte atá á dhéanamh faoi láthair de réir Short-Term Action Plan an DTO) agus seirbhísí breise a chur ar fáil nuair is mó glaoch orthu;
- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ngréasán iarnróid chuig na bruachbhailte de réir mholtaí an Strategic Rail Study;
- córas iarnróid éatrom a thabhairt isteach i mBaile Átha Cliath;
- méadú 22,000 suíochán a chur ar chumas iompair na mbusanna i mBaile Átha Cliath agus leathnú a dhéanamh ar an ngréasán bus le meascán níos fearr a chur ar fáil de sheirbhísí gathacha, cuairte, áitiúla agus fríothálacha;
- 3,700 spás páirceála agus marcaíochta a chur ar fáil anuas ar na 2,700 spás atá á gcur ar fáil faoin gclár reatha, agus córas comhthicéid a thabhairt isteach; agus
- tacú leis an gcreat úsáid talún atá sna Treoirlínte Straitéiseacha Pleanála.

Córas Iompair Phoiblí Réigiúnach

2. Déanfar infheistíocht chuimsitheach sa chóras iompair phoiblí sna réigiúin idir 2000 agus 2006 ar mhaithe le:

- Clár Sábháilteachta Iarnróid 1999 - 2003 a thabhairt chun críche agus le clár athnuachana/feabhais do na príomhlínte iarnróid a chur i bhfeidhm;
- 450 bus nua a chur ar fáil le flít tuaithe Bhus Éireann a fheabhsú; agus
- 110 bus nua a chur ar fáil le feabhas a chur ar fhlíteanna uirbeacha Bhus Éireann i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge.

Fóram Comhpháirithe um Iompar Poiblí

3. Bunófar Fóram Comhpháirithe um Iompar Poiblí ar a mbeidh ionadaíocht ó na crainn páirtnéireachta éagsúla.

Tabharfaidh an Fóram deis comhairle maidir le cúrsaí iompair phoiblí, go háirithe:

- forbairt beartas uileghabhálach maidir le hiompar poiblí;
- straitéisí maidir le forbairt an chórais iompair phoiblí;
- riachtanais infheistíochta an chórais iompair phoiblí, ord tosaíochta agus cláir; agus
- modhanna chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí iompair phoiblí, infrastruchtúr agus saoráidí.

4. Níl sé i gceist gur macalla a bheadh san Fhóram ar struchtúir agus socruithe comhairle eile (ar nós na gcinn atá ar fáil i leith an Dublin Transport Office) agus níor cheart go gcuirfeadh sé moill ar fheabhsú an chórais iompair phoiblí. Tabharfaidh an Roinn Fiontair Phoiblí an Fóram le chéile agus cuirfidh sí seirbhísí rúnaíochta ar fáil. Beidh teacht ag an bhFóram ar sheirbhísí comhairle neamhspleách nuair is cuí sin.

5. Ní bhainfidh an Fóram le pá ná coinníollacha oibre na n-oibrithe i gcomhluchtaí soláthair iompair phoiblí ná le cúrsaí eile a bhaineann le nósanna imeachta i gcás chaidrimh thionsclaíoch. Cuirfear struchtúir pháirtnéireachta ar bun ina dhiadh sin féin sa láthair oibre i CIE agus ina chuid fochuideachtaí.

Rochtain

6. Beidh daoine a bhfuil bac orthu gluaiseacht nó daoine faoi mháchail in ann dul chuig gach stáisiún nua nó athchóirithe bus agus traenach agus gach feithicil éatrom iarnróid agus gach carráiste ar thraenacha chuig na bruachbhailte a ndéantar airgeadú orthu faoin NDP. Is busanna a bhfuil an t-urlár go híseal iontu amháin a cheannóidh CIE ó 2000 ar aghaidh le haghaidh seirbhísí sna bailte móra. Úsáidfear soláthar £10m le feabhas maidir le rochtain a chur ar shaoráidí iompair phoiblí atá an cheana féin agus nach mbeidh aon fheabhas eile a chur orthu faoin gclár infheistíochta. Bunófar Coiste Rochtana Iompair Phoiblí ar a mbeidh ionadaíocht ó ghrúpaí míchumais, le comhairle a chur ar an Aire Fiontair Phoiblí maidir le cúrsaí rochtana.

Tionscnaimh Iompair Phoiblí faoin Tuath

7. Bunófar clár píolótach a bhainfidh leas as taithí agus sárchleachtas an ADM Rural Transport Initiative le tacú le forbairt tionsnaimh áitiúla nó tionscnaimh pobail iompair phoiblí faoin tuath agus féachfar le bearta a fhorbairt i leith na hearnála sin.

Comhpháirtithe Poiblí agus Príobháideacha

8. Tabharfar le fonn faoi thograí CPP san earnáil iompair phoiblí agus cuirfear san áireamh an Imlíne do CPP nuair a bheidh sin forbartha ag an nGrúpa Comhairle CPP.

2.3 Infrastruchtúr agus Soláthar Seirbhísí

Aidhmeanna

- A chinntiú go soláthraítear an t-infrastruchtúr mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, a mbaineann infheistíocht is mó ná £22 billiún leis ar infrastruchtúr eacnamúil agus sóisialta náisiúnta agus réigiúnda, go héifeachtach, go stuama agus go tráthúil.
- Cur le héifeachtacht bhainistíocht agus úsáid an infrastruchtúir.
- Feabhas a chur ar an tseirbhís a fhaigheann lucht úsáidte na gcóras iompair.
- Oiread tairbhe agus is féidir a bheith as Comhpháirtíocht Phoiblí agus Phríobháideach, chomh fada agus a thagann sin le prionsabail éifeachtachta agus luach caite agus na haidhmeanna móra eacnamúla, sóisialta agus timpeallachta á gcur san áireamh.
- Cuidiú le soláthar an bhreis títhíochta is gá le spriocanna an Phlean Forbartha Náisiúnta a bhaint amach.

Gníomhaíochtaí

Plean Forbartha Náisiúnta (PFN)

1. Cuirfear i bhfeidhm infrastruchtúr infheistíochta an PFN tríd an gClár Feidhme Infrastruchtúir Shóisialta agus

Eacnamaíochta do na réigiúin TLI agus O/D faoi seach. Beidh ionadaíocht ag na Comhpháirtithe Sóisialta ar na Coistí Monatóireachta do na Cláir Fheidhme sin.

Coiste Rialtais maidir le Forbairt Infrastruchtúrtha

2. Déanfaidh an Coiste Rialtais maidir le Forbairt Infrastruchtúrtha maoirseoireacht ar shraith beartas a chinnteoidh go soláthrófar an t-infrastruchtúr go héifeachtach, tráthúil. Beidh siad seo a leanas ina measc:

- feabhas ar bhainistíocht cláir agus togra;
- úsáid Comhpháirtíochtaí Poiblí agus Príobháideacha;
- soláthar acmhainní riachtanacha do Ghníomhaireachtaí Rialtais agus d'Údaráis Áitiúla;
- tabhairt isteach leasuithe cuí maidir le cúrsaí institúide, riaracháin, dlí agus rialaithe le deireadh a chur le moill nach gá i gcúrsaí infrastruchtúir. Tabharfar cur i bhfeidhm chóir, éifeachtach na CPO san áireamh. Déanfaidh an Rialtas a dhícheall an Bille Pleanála agus Forbartha, 1999 a achtú roimh an gCáisc, 2000 agus forálacha an Bhille a chur a bhfeidhm ina n-iomláine chomh luath agus is féidir;
- aithbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe institiúideacha atá ann faoi láthair le seirbhísí iompair phoiblí, infrastruchtúr agus áiseanna a sholáthar féachaint ar leor iad agus aon athrú is gá a dhéanamh;
- achtófar reachtaíocht maidir le creat rialaithe nua-aimseartha do sholáthar seirbhísí bus nuair a bheidh an t-athbhreithniú ar an Acht um Iompar Bóthair 1932 curtha i gcrích; agus
- cuirfear i bhfeidhm Straitéis Chumarsáide Náisiúnta bunaithe ar phríomhtheachtaireachtaí an PFN i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Sóisialta, ag díriú go háirithe ar an mbuntáiste a bheadh as an infrastruchtúr a mholtar a sholáthar.

Comhpháirtíochtaí Poiblí agus Príobháideacha (CPP)

3. Beidh páirt mhór ag Comhpháirtíochtaí Poiblí agus Príobháideacha i gcur i bhfeidhm an PFN agus buntáiste acu as a mbeidh foghlamtha ó na tograí píolótacha Comhpháirtíochtaí Poiblí agus Príobháideacha atá ar siúl faoi láthair. Tá sé ráite ag an NESC go gcuirfí le feabhas na CPP dá mbunófaí córas soiléir trína mbreithneofaí oiriúnacht CPP do thograí infrastruchtúir agus le treoir a thabhairt maidir lena gcur i bhfeidhm. Tá sé ráite freisin ag an NESC gur cheart go dtabharfaí na haidhmeanna móra eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta san áireamh sa chóras sin agus gur cheart iad sin a bheith mar dhlúthchuid den mheasúnóireacht ar aon mhodh soláthair. Más indéanta sin, molfaidh an Grúpa Comhairle CPP sa chéad sé mhí den Chlár seo, gnéithe de chóras dá leithéid a d'úsáidfí ag cur CPP i bhfeidhm de réir an PFN.

2.4 Forbairt Réigiúnach Chothrom

Aidhmeanna

- Forbairt réigiúnach níos cothroime a bhaint amach agus laghdú a dhéanamh ar na difríochtaí idir agus laistigh den dá réigiún (an réigiún Teorann, Lár-tíre agus Iarthair agus réigiún an Oirthir agus an Deiscirt).
- Leas na réigiún is lú forbairt a dhéanamh trí chur leis an rathúlacht agus leas na réigiún is mó forbairt a dhéanamh trí laghdú ar an mbrú.

Gníomhaíochtaí

Infheistíocht Infrastruchtúir

1. Cuirfidh an Rialtas clár infheistíochta infrastruchtúir i bhfeidhm ionas go ndéanfar forbairt a bheidh cothrom maidir le cúrsaí réigiúin agus inmharthana ó thaobh eacnamaíochta agus timpeallachta de. Beidh sin bunaithe ar thuiscint leathan ar infrastruchtúr, ina n-áireofar an taobh eacnamúil agus sóisialta. Tabharfar aird ar leith ar dheiseanna ceangail infrastruchtúir le Tuaisceart Éireann.

Straitéis Spáis Náisiúnta

2. Cuirfear le chéile Straitéis Spáis Náisiúnta ionas go mbeidh córas ann le díriú ar a mbeadh i gceist ó thaobh spáis de le beartais a cheapfaí nó cinnidh a ghlacfaí maidir le hinfheistíocht mhór in aon ghné den infrastruchtúr.

Beidh an Straitéis socraithe faoi dheireadh 2001, tar éis dul i gcomhairle leis na Comhpháirtithe sóisialta agus daoine eile agus cuirfear san áireamh a bhfuil le foghlaim ónar thit amach sa réimse seo i dtíortha eile san AE.

3. Tabharfaidh an Straitéis treoir maidir le ról forbartha chathracha, bhailte móra agus cheantair tuaithe na hÉireann amach anseo, an ceangal idir ceantair tuaithe agus uirbeacha san áireamh, agus cuirfear leis an gceangal sin ar bhealach a chothóidh forbairt réigiúnach cothrom.

4. Aimseofar líon beag mámanna réigiúnacha nua i gcomhthéacs na Straitéise Spáis Náisiúnta, a d'oirfeadh mar chaitilís i bhforbairt an cheantair máguaird, ionas gur fearr an scaipeadh a bheidh ar an bhforbairt ar fud na tíre.

5. Tabharfar tacaíocht iomlán do bhailte beaga, sráidbhailte agus do cheantair thuaithe agus aird faoi leith á thabhairt ar fhorbairt tuaithe de réir an Pháipéir Bháin ar Fhorbairt Tuaithe.

Fostaíocht

6. Cuirfear leis an leibhéal infheistíochta nua, dúchasach nó iasachta, i Réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair (TLI). Féachfaidh IDA Ireland lena chinntiú gur i réigiún TLI a bheidh ar a laghad 50% de na postanna ar fad a chruthófar de bharr tograí nua sa tréimhse 2000-2006. Ní dhéanfar neamhaird, agus an aidhm sin á baint amach, ar an ngá atá le forbairt ar cheantair uirbeacha atá faoi mhíbhuntáiste de réir na bhforálacha maidir le Míbhuntáiste Uirbeach i Creat III.

7. Aimseofar earnálacha, turasóireacht san áireamh, a thugann an-deis cur le forbairt réigiúnach chothrom agus tabharfar an tacaíocht chuí dóibh de réir an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Coimisiún Forbartha an Iarthair

8. Cothóidh na straitéisí atá á leanacht ag Coimisiún Forbartha an Iarthair go háirithe oibriú Chiste Infheistíochta an Iarthair fiontar agus forbairt shóisialta i réigiún an Choimisiúin.

2.5 Forbairt Tuaithe

Aidhmeanna

- An aisling maidir le forbairt na bpobal tuaithe a leagtar amach sa Pháipéar Bán maidir le Forbairt Tuaithe a chur chun cinn. Cuirfear béim faoi leith ar fhorbairt bhailte móra agus sráidbhailte atá ag brath go mór ar chúrsaí talmhaíochta máguaird ó thaobh eacnamaíochta.
- Mar a leagtar amach sa Pháipéar Bán, is é aidhm an Rialtais forbairt eacnamaíochta agus shóisialta na bpobal tuaithe a chur chun cinn ar mhaithe le:
- pobail bhríomhara, bhuana;
- dóthain deiseanna ioncaim/fostaíochta ionas gur féidir le daoine maireachtáil gan náire;
- teacht a bheith ag daoine ar sheirbhísí poiblí, ar a n-áirítear oideachas, seirbhísí sóisialacha agus eile, tithíocht, seirbhís iompair agus infrastruchtúr;
- rannpháirtíocht a bheith ag daoine sna struchtúir chinnte a imríonn tionchar orthu;
- cothú an aitheantais chultúrtha;
- meas a bheith ar thimpeallacht na tuaithe agus ar fhorbairt inmharthana; agus
- an timpeallacht a chosaint agus cultúr agus oidhreacht na gceantar tuaithe, ceantracha Gaeltachta ina measc, a chaomhnú agus a threisiú.

Gníomhaíochtaí

1. Féachfar leis na haidhmeanna sin a bhaint amach le réimse beartas, ina measc beartais maidir le fiontar, iompar, sláinte, tithíocht agus oideachas.

2. Leagtar amach go praiticiúil sa Phlean Forbartha Náisiúnta go leor dá bhfuil i gceist le haidhmeanna an Páipéir Bháin - déanfar infheistíocht iomlán de £6.7 billiún faoi an PFN a mbeidh tionchar aige ar Fhorbairt

Tuaithe.

3. Déanfar an fhorbairt réigiúnach go cothrom ionas go mbeidh scaipeadh leathan, inmharthana ar fud na gceantar tuaithe ar fad ar an tairbhe a bheidh as an dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta.

Cúram don Tuath

4. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm a chinntíonn nach é aimhleas na tuaithe a dhéanann aon bheartas náisiúnta agus neartófar iad trí threoirlínte miona do Ranna Rialtais a eisiúint go luath i dtréimhse an Chláir seo. Cuideoidh na nósanna imeachta sin go mór le slánú na straitéise maidir le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta na gceantar tuaithe agus aidhmeanna agus prionsabail thionscnaimh eile beartais, go háirithe an Straitéis Náisiúnta in éadan na Bochtaine.

Struchtúir Fhorbairt Tuaithe

5. Anuas ar shocruithe institiúideacha a rinneadh le gairid, bunófar Fóram Náisiúnta Fhorbairt Tuaithe go luath i dtréimhse an Chláir seo a mbeidh baint ag Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, na Comhdhála agus na hÚdaráis Réigiúnacha, Údaráis Áitiúla, na Comhpháirtithe sóisialta, eagrais forbartha áitiúla agus an earnáil dheonach agus phobail i gcoitinne leis.

6. Cuirfear slánú na mbeartas ag leibhéal an chontae ar aghaidh trí na Boird Fhorbartha Contae, a tháinig ó chur i bhfeidhm mholtaí an TascFhórsa ar Shlánú Rialtas Áitiúil agus Córais Forbartha Áitiúla.

7. Tabharfar san áireamh an plé ag an gCoiste Comhairleach maidir le Ról na mBan i gcúrsaí Talmhaíochta, a cuireadh ar bun le gairid, go mór mhór i gcomhthéacs an Fhóraim Fhorbairt Tuaithe agus an Choiste Traeneála Comhairleach Tuaithe.

LEADER

8. Beidh béim mhór ar ghníomhaíochtaí ceannródaíochta agus píolótacha sa chlár nua LEADER de chuid an AE, ach is iad na prionsabail chéanna is bun leis - .i. próiseas ón íochtar aníos agus grúpaí gnímh áitiúla ag cur cláir fhorbartha áitiúla i bhfeidhm.

9. Déanfar soláthar de shuim £55m i leith airgeadú chlár forleathan fhorbairt tuaithe, a thacóidh le gníomhaíochtaí de chineál LEADER ach nach mbeadh i dteideal tacaíochta faoi LEADER+.

10.Aithníonn an Rialtas an tábhacht atá le leanúnachas i gcás chláir fhorbairt tuaithe LEADER agus a leithéidí. Dá bhrí sin, déanfar gach iarracht a chinntiú go gcuirtear gníomhaíochtaí LEADER+ agus tionscnaimh mhóra dá leithéid i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

2.6 Gnólachtaí Beaga agus Seirbhísí

Aidhmeanna

- Cur le torthúlacht na nGnólachtaí Beaga atá ann faoi láthair, trí ghlacadh le ICT agus ríomh- thrádáil agus teicnící Sárchleachtais/Slata Tomhais a úsáid agus ag an am céanna comhthéacs a chruthú a chothóidh gnólachtaí nua.
- Tacú le Mionfhiontair agus gnó-eagraíocht a chothú ar bhealach níos fuinniúla.
- Méadú a chur ar thorthúlacht na hearnála trí fheabhas a chur ar na leibhéil oideachais agus oiliúna sa chaoi is gur fearr an cumas iomaíochta a bheith ag an earnáil trádála in eacnamaíocht na tíre.
- Lánbhuntáiste a bhaint as an eacnamaíocht seirbhíse le méadú a chur arís ar fhostaíocht agus onnmhairiú.
- Scaipeadh níos fearr sna réigiúin a bhaint amach don earnáil seirbhíse ina iomláine.
- Na bacanna atá ar fhás seirbhísí intrádála idirnáisiúnta a aimsiú agus tabhairt faoina sárú, go háirithe sa chás go ngoilleann siad ar chuideachtaí dúchasacha, agus leanacht ag méadú na hearnála go tréan ón mbonn teoranta atá ann faoi láthair.

- Forbairt a dhéanamh ar an earnáil Seirbhísí Airgeadais ionas go dtiocfaidh sí in oiriúint go beo do chúinsí a dtagann athrú tréan orthu agus ag an am céanna cosaint níos fearr a thabhairt do leas na dtomhaltóirí.
- Cur leis an méid atá bainte amach ag an earnáil Turasóireachta le blianta beaga agus an dúshlán atá ag baint le timpeallacht ina bhfuil laghdú ag teacht ar thacaíocht airgid poibí, ó chistí AE den chuid is mó, a shárú.

Gníomhaíochtaí

Gnólachtaí Beaga

1. Maidir le gnólachtaí beaga, cuirfear tacaíocht ar fáil d'oiliúint, cur chun cinn ICT agus ríomh-thrádáil, margaíocht, gréasáin réigiúnacha, agus forbairt tionscal Caipitil Síl agus Fiontair.

2. Déanfaidh an Rialtas forbairt ar Straitéis Fhorbairt Mhargaí ag díriú go mór mhór ar teile-obair, ríomh-thrádáil agus teangacha.

3. Leanfar agus neartófar an tacaíocht a thugtar do Mhionfhiontair. Beidh cur chuige páirtnéireachta mar bhunchloch le soláthar seirbhíse ar fiú an t-airgead é.

4. Tabharfar aird ar leith ar chuideachtaí atá ag féachaint le buntáiste iomaíochta fadmharthaineach a bhaint amach trí úsáid ICT, forbairt scileanna agus ceannródaíocht.

5. Leanfar ag cur béime ar mhéadú an tsoláthair airgeadaithe atá ar fáil do ghnólachtaí atá ina dtús nó ag fás agus ar ghearradh an chostais a bhaineann leis, trí mhargadh bríomhar chaipiteal fhiontair a chothú don earnáil ard-teicneolaíochta.

6. Déanfar forbairt ar thacaíocht do mhná, dóibh siúd atá dífhostaithe le fada agus do ghrúpaí imeallaithe ar mian leo a ngnó féin a chur ar bun, trí chomhoibriú idir gníomhaireachtaí Stáit, eagrais fhorbartha áitiúla agus na Comhpháirtithe sóisialta.

Boird Fiontraíochta Contae agus Cathrach

7. Leanfaidh na Boird Fiontraíochta Contae agus Cathrach ag tacú le fiontair áitiúla (10 bhfostaí nó níos lú), le cuidiú le gnónna maireachtáil agus fás, le hinmharthanaacht na n-eacnamaíochtaí áitiúla a fhorbairt, agus le hoiread deiseanna fostaíochta agus is féidir a chothú. Dá bhrí sin, díreoidh siad níos mó ná riamh ar thacaíocht, comhairleoireacht agus ar fhorbairt bainistíochta.

8. Beidh obair na mBord Fiontair Contae níos ceangailte leis na hÚdaráis Áitiúla agus tiocfaidh a gcuid pleananna leis na pleananna leathana forbartha eacnamaíochta agus sóisialta a dhréachtfaidh na Boird Fhorbartha Contae agus Cathrach.

9. Cuirfear béim faoi leith ar an tairbhe atá le baint as ríomh-thrádáil agus teicneolaíocht chumarsáide ar fud an Stáit agus go mór mhór i Réigiún TLI. Cuirfidh na leasuithe rialaithe, iomaíochta, riaracháin agus pleanála atá leagtha amach sa Chlár seo leis na haidhmeanna sin.

Seirbhísí

10. Díreoidh an *Strategic Study on the Development of the Services Sector*, a choimisiúnaigh Enterprise Ireland, ar réigiúnú go gníomhach agus ar aithint na seirbhísí intrádála idirnáisiúnta a mbaineann an poiteansail is mó lo do chuideachtaí in Éirinn.

11. Maidir le hEarnáil Seirbhísí Intrádála Idirnáisiúnta leanfaidh an Rialtas tríd an IDA agus Enterprise Ireland ag cothú forbartha go háirithe i gcás gnónna in úinéireacht Éireannach agus díreofar go speisialta ar luach ard breise agus ar thionscadail ardscileanna..

12. Leanfar ag cur i bhfeidhm na *Straitéise d'Fhorbairt Seirbhísí Airgeadaithe Idirnáisiúnta in Éirinn* de réir a chéile.

13. Déanfar iniúchadh ar mholtaí an Ghrúpa Oibre maidir leis an Earnáil Mhiondíola do Bhord FÁS i rith na

chéad bhliana den Chlár.

Turasóireacht

14. Cuirfear an bhéim maidir le turasóireacht ar fhorbairt scileanna, ar mhargaíocht na hÉireann thar lear, ar fheabhas a chur ar na táirgí turasóireachta ar fud na tíre, ar chothromaíocht de réir réigiún maidir le fás na turasóireachta a bhaint amach, ar chinntiú go dtuigtear do phobail áitiúla agus don timpeallacht agus feabhas agus méid fhorbairt turasóireachta á mbeartú, agus ar shéasúracht a mhaolú.

15. Tabharfar tacaíocht do Chlár Fheabhas Fostóra thionscal na Turasóireachta agus cuirfear i bhfeidhm é le lánpháirt na bhfostaithe agus a gcuid ionadaithe.

16. Leanfaidh CERT de chothú na hoiliúna do ghach leibhéal den tionscal turasóireachta agus fáilte agus déanfar athbhreithniú ar riachtanais oiliúna na bpríomhearnálacha, óstóireacht san áireamh, i gcomhar leis na Comhpháirtithe sóisialta.

17. Cé go mbeidh tacaíocht Stáit ag tionscal na Turasóireachta do mhargaíocht na hÉireann thar lear, forbróidh sé slite le dóthain síntiúis deonacha a fháil ó ghnólachtaí éagsúla san earnáil.

Ealaíona agus Cultúr

Tá sé fíorthábhachtach nach bhfágfaí an earnáil ealaíon ar lár agus fás agus forbairt eacnamaíochta nár tharla cheana riamh ag tarlú in Éirinn.

18. Feicfear méadú suntasach ar infheistíocht an Stáit san earnaíl ealaíon idir seo agus 2001 de bharr an dara Plean Ealaíon ón gComhairle Ealaíon a bhaineann leis an tréimhse 1999-2001 agus atá ceadaithe ag an Rialtas.

19. Aithníonn na Comhpháirtithe Sóisialta an tábhacht agus an gá atá le leanacht den infheistíocht a thugann tacaíocht d'fhorbairt infrastruchtúr ealaíon agus cultúir den scoth. Tá dualgas ar an Rialtas de réir an PFN £388m a sholáthar i leith fhorbairt infrastruchtúr cultúrtha, sóisialta agus caitheamh aimsire ar fud na tíre. Úsáidfear cuid den tsoláthar sin le clár caipitil áirithe a chur i bhfeidhm a thacóidh le tograí nua ealaíon agus cultúir ag leibhéal réigiúnach, uirbeach agus pobail, chomh maith le hathfhorbairt a dhéanamh ar áiseanna infrastruchtúir chultúrtha atá ann cheana féin.

2.7 Beartas Tionsclaíochta
(le Béim faoi leith ar Earnálacha Leochailleacha)

(a) Tionscal Dúchasach

Aidhmeanna

- Athrú a chur ar fhiontair tháirgíochta dhúchasacha le toirt a bhaint amach agus ligean dóibh ar an gcaoi sin céim ar aghaidh a ghlacadh ó ghníomhaíochtaí ísealteicneolaíochta agus ísealtáirgiúla go mbeidh siad i mbun gníomhaíochtaí de luach níos airde agus postanna de ghrád níos airde ag baint leo.
- Cuidiú le cuideachtaí Éireannacha agus iad ag tabhairt faoi na margaí idirnáisiúnta síorathraitheacha, agus brú na bhfiontar dúchasach i dtreo margaí éagsúla agus soirbhiú na gceangal le IDI in Éirinn.
- Tacú le forbairt réigiúnach cothrom agus meascán straitéiseach tionscal a bheith in áiteanna éagsúla ar fud na tíre.
- A chinntiú go dtagann méadú suntasach ar chaiteachas gnólachtaí ar T&F.

Gníomhaíochtaí

1. Díreofar cúnamh stáit do chomhlachtaí ar fheabhsú fiontair ó thaobh scileanna fostaithe agus bainistíochta, modhanna nua le hobair a eagrú, taighde agus tionscantacht (cúrsaí táirgíochta glaine san áireamh), margaíocht, teicneolaíocht agus dearadh in áit méadú acmhainne ar a bhfuil sé dírithe faoi láthair.

2. Déanfaidh na gníomhaireachtaí Stáit cuí tacaíocht agus cothú ar ghnólachtaí Éireannacha trí:

- chuidiú le cuideachtaí dul sa toirt is gá le hiomaíocht éifeachtach a dhéanamh;
- thacaíocht a chur ar fáil d'oiliúint in-chuideachta d'fhonn scileanna bainistíochta agus scileanna na bhfostaithe a thabhairt ar chaighdeáin sárchleachtais idirnáisiúnta;
- thacú le cur chuige fiontraíoch cosúil lena bhfuil i gceist sa tionscnamh Skillnets, i gcomhar leis an mbainistíocht agus ceardchumainn/fostaithe;
- mhéadú a dhéanamh ar obair chothaithe trádála agus dul i gcomhairle le lucht gnó maidir le forbairt an bheartais trádála;
- thacú le cothú margadh idirnáisiúnta ar roinnt bealaí agus leathnú a chur ar an líon cuideachtaí atá ag saothrú na margaí idirnáisiúnta san áireamh;
- chuidiú le pleanáil straitéiseach ar bhonn earnála;
- thacú le forbairt táirge agus modh oibre trí thacú go díreach le T&F laistigh de chuideachtaí, trí ghréasáin tionscantachta teicneolaíochta a thógáil, agus trí oiread eile cuideachtaí dúchasacha a bheith ag caitheamh os cionn £100,000 ar T&F;
- chuidiú le teacht a bheith ar an airgeadú cuí trína sholáthar agus trí oibriú go dlúth le foinsí príobháideacha; agus
- cheangail idir tionscail dhúchasacha agus IDI a fhorbairt agus a threisiú.

3. Cuirfear chun cinn an réimse beart sa PFN a bhaineann le hábhar, ina measc, an chuid a dhíríonn ar chur le torthúlacht agus toirt an tionscail dúchasaigh, ar ar na tionscail dúchasacha a chlaonadh i dtreo na honnmhaireachta, ar theacht a bheith ag na tionscail sin ar chaipiteal fhiontair ar chostas inseasta, agus ar déileáil le géire na hiomaíochta ar mhargaí an domhain.

4. Méadófar an céatadán den chúnamh a thugann Enterprise Ireland agus Shannon Development maidir le forbairt 'acmhainne' ó 40% i 1998 go dtí 65% i 2003 agus déanfar athbhreithniú ansin maidir leis an ngá a bheadh lena mhéadú tuilleadh.

Earnálacha Leochailleacha

5. Leanfar den mhonatóireacht ar Earnálacha Leochailleacha. Déanfar bearta a chuideoidh le fiontair an treo atá fúthu a athrú. Sa chás go mbeadh fiontar á scor, déanfar bearta a chothóidh pacáiste forbartha iomlán don cheantar atá i gceist ina n-áireofar mealladh fhiontair eile chun na háite agus cuidiú le hathfhostú an lucht oibre.

(b) Infheistíocht Dhíreach ón Iasacht (IDI)

Aidhmeanna

- Cur leis an IDI atá meallta go hÉirinn cheana féin.
- Scaipeadh níos fearr ar fud na réigiún a bheith ar an bhfostaíocht táirgíochta agus seirbhísí trádála idirnáisiúnta le béim faoi leith ar réigiún TLI.
- Feabhas a chur ar chineál na fostaíochta agus na cuideachtaí iasachta a dhaingniú in Éirinn.

Gníomhaíochtaí

6. Leanfaidh an Stát, faoi réir rialacha an AE maidir le Cúnamh Stáit, ag tairiscint pacáiste tarraingteach don infheistíocht shoghluaiste.

7. Cuirfidh na háisínteachtaí forbartha tionscal clár i bhfeidhm a mbeidh d'aidhm aige na cuideachtaí atá anseo cheana féin a dhaingniú trí na fochuideachtaí Éireannacha a spreagadh le feidhmeanna straitéiseacha a chur lena gcuid oibre ionas gur airde a luach i súile na máthairchuideachta.

8. Aimseoidh na gníomhaireachtaí Stáit cuí gníomhaíochtaí agus earnálacha a bhfuil borradh fúthu, ardteicneolaíocht ag baint leo agus tábhacht straitéiseach ag baint leo ó thaobh riachtanais fhorbartha na hÉireann - gnónna ríomh-thrádála ina measc - agus déanfar forbairt orthu.

9. Beidh gá le neartú a dhéanamh ar an gcumas taighde in institiúidí tríú leibhéal, in institiúidí taighde Stáit agus i

dtionscail le riachtanais T&F agus scileanna na heacnamaíochta a bheidh bunaithe ar eolas agus ar bhreis-luach ard a shásamh. Cuirfear sin i gcrích tríd an gclár cuimhsitheach RDTI atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta.

10. Cuirfear oiread eile le líon na gcuideachtaí iasachta a chaitheann ar a laghad £100,000 ar T&F.

11. Úsáidfidh na háisínteachtaí forbartha Criosanna Forbartha Straitéiseacha, de réir an Bhille um Phleanáil agus Forbairt, 1999 leis an am a thógfadh sé tionscail straitéiseacha a bhunú a laghdú.

12. Cuirfear tacaíocht ar fáil ar bhonn roghnach do IDI go háirithe i réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair (TLI) - agus dualgas ar IDA Ireland a chinntiú go mbeidh ar a laghad 50% de na postanna nua a chruthaítear le tograí nua ar fad i réigiún TLI le linn an PFN. Beidh difreálach suntasach idir na dreasachtaí a thairgeofar maidir leis na réigiúin éagsúla.

2.8 Foirgníocht

Aidhmeanna

- Earnáil foirgníochta éifeachtach agus iomaíoch a chinntiú d'fhonn seachadadh cost-éifeachtach na riachtanas infrastruchtúrtha arna leagadh amach sa PFN a éascú, lena n-áirítear an t-aschur tithíochta riachtanach.
- Acmhainn an tionscail foirgníochta a mhéadú ar bhealach inmharthana d'fhonn seachadadh an PFN a chinntiú agus ag an am céanna ardú praghsanna foirgníochta a mhaolú agus dá bhrí sin a thionchar diúltacha ar bhoilsciú go ginearálta a laghdú.
- Acmhainn na hearnála foirgníochta dúchasaí a mhéadú agus ról gnólachtaí na hÉireann a chur chun cinn i gcuibhreannais idirnáisiúnta a bheadh ag cur isteach ar thionscadail mhóra.
- Cáilíocht agus sábháilteacht san fhoirgníocht a chur chun cinn.

Gníomhaíochtaí

1. Glacfar le bearta chun acmhainn na hearnála foirgníochta dúchasaí a mhéadú trí chuidiú le nuálacht táirge agus próisis agus trí intógálacht a spreagadh taobh istigh den tionscal. Nuair is cuí, spreagfar comhfhiontair idir conraitheoirí Éireannacha agus Eorpacha chun cur isteach ar thionscadail mhóra infrastruchtúrtha.

2. Tabharfar aghaidh ar riachtanais oiliúna agus foirne na hearnála foirgníochta, lena n-áirítear roghanna le haghaidh tuilleadh oibrithe a earcú, teacht ag daoine fásta ar ghairmeacha ceardaíochta, oiliúint printíseach a chur ar fáil in am tráth agus eagraíochtaí oibre éagsúla a éascú, ar bhealach straitéiseach i gcomhchomhairle iomlán leis na comhpháirtithe sóisialta.

3. Tacófar le cinní an Fhóraim um an Tionscal Foirgníochta de réir mar a chuireann siad moltaí Thuarascáil an Choiste Athbhreithnithe Straitéisigh i bhfeidhm agus mar a fhorbraíonn siad a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna straitéiseacha nua, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le hacmhainn, le héifeachtacht, le cáilíocht agus le táirgíocht.

Conrú

4. Tabharfar sásraí isteach go luath sa Chlár seo, le comhaontú na comhpháirtithe sóisialta ábharthacha, chun nósanna imeachta agus imthosca tairisceana, conarthaí cothroma, trédhearcacha agus éifeachtacha a sheachadadh i gcleachtadh do mhodhanna fála nua agus traidisiúnta.

5. Faoi na sásraí thuasluaite, déanfar imthosca agus nósanna imeachta tairisceana agus conarthaí caighdeánacha PPP a mheas. Déanfar ceist rannióca cliant i leith chostais tairisceanna PPP a phlé.

6. Is polasaí Rialtas é imthosca conartha caighdeánacha inghlactha a úsáid ag céim na tairisceana agus d'fhoirgníocht. Tá an Fóram um Tionscal Foirgníochta ag forbairt Chód Dea-Chleachtais faoi láthair a thacóidh leis an tiomantacht sin. Idir an dá linn, leanfar ar aghaidh le nósanna imeachta dea-thionscail agus dea-chleachtas bunaithe. Rachfar i gcomhairle go hiomlán leis na comhpháirtithe sóisialta ábharthacha faoi aon

leasuithe ar na himthosca conartha glactha agus ar dhea-chleachtas bunaithe an tionscail.

Sábháilteacht

7. Cuirfear comhthionscnamh CIF/ICTU faoi shábháilteacht sa tionscal foirgníochta i bhfeidhm. Déanfar roghanna maidir le cur chuige dá leithéid chéanna in earnálacha ard-riosca eile a iniúchadh i gcomhairle le ICTU agus IBEC

Athchúrsáil

8. Táirgeoidh an Fóram um Tionscal Foirgníochta plean deonach don tionscal tithíochta, faoi lár 2000, i gcomhpháirtíocht le cliaint, chun spriocanna d'athchúrsáil nó d'athúsáid dhramhaíl Foirgníochta agus Scartála (C&D), arna leagadh síos sa Straitéis Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola – Ag Athrú ár gcuid Bealaí (1998) a bhaint amach. Éileoidh na spriocanna sin athúsáid nó athchúrsáil 50% de dhramhaíl C&D faoi 2003; agus 85% faoi 2013.

2.9 Inacmhainne agus Soláthar Cóiríochta agus Tithíochta

Aidhmeanna

- A chinntiú go mbeidh teacht ag gach líon tí ar thithíocht shlán, inacmhainne ar cháilíocht mhaith a oireann dá riachtanais.
- A chinntiú go bhfreagraíonn an soláthar tithíochta níos mó don éileamh agus go mbainfear amach meastúcháin an Rialtais maidir le riachtanais tithíochta de 500,000 áitreabh nua thar na deich mbliana atá amach romhainn, arna leagadh amach sa PFN, ar bhealach pleanáilte comhleanúnach.
- A chinntiú go leanfaidh forbairt nua tithíochta agus pleanáil agus forbairt infrastruchtúrtha ar aghaidh ar bhealach lánpháirthithe agus inmharthana ó thaobh an chomhshaoil, agus go spreagfaidh siad forbairt eacnamaíochta a mbeidh cothromaíocht réagúnach ag baint léi.
- Pátrún inmharthana de sholáthar tithíochta sóisialta a chinntiú a éascóidh pobail a bheidh lánpháirtithe go sóisialta a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí

Soláthar Tithíochta

1. Gheobhaidh forbairt tithíochta amach anseo tacaíocht ó infheistíocht infrastruchtúrtha lánpháirtithe in infrastruchtúr uisce, séarachais, bóithre, chórais iompair phoiblí agus pobail. Léireofar go hiomlán riachtanais tithíochta nua i bpleanáil fhisiciúil agus i bpleanáil do chórais iompair phoiblí.

2. Coinneofar soláthar thalamh chriosaithe le seirbhísí ag leibhéal a thacóidh leis an aschur tithíochta riachtanach. Bainfear úsáid níos éifeachtaí as talamh chriosaithe trí dhlúis chónaithe níos airde i suímh chuí mar aon le dearadh níos fearr.

Bille Pleanála agus Forbartha

3. Nuair a achtófar an Bille Pleanála agus Forbartha:

- cuirfidh sé dualgas ar gach Údarás Pleanála Straitéis Tithíochta a ullmhú a dhéanfaidh foráil do thithe a chur ar fáil do dhaonra reatha a gceantar agus don daonra a bheidh ann amach anseo; agus
- déanfaidh sé foráil go gcuirfí suas go 20% den talamh chriosaithe chun críche cónaithe ar fáil do thithíocht inacmhainne agus shóisialta.

Pleananna Lánpháirtithe Ceantair

4. Cinnteoidh an ceanglas faoin Scéim Athnuachana Uirbeach 1999 go mbeidh ar a laghad 15% den spás a sholáthrófar sa cheantar iomlán, ceantar a bheidh clúdaithe ag Plean Lánpláirtithe Ceantair ar fáil do thithíocht shóisialta, soláthar tithíochta lánpháirtithe breise.

Tithíocht Tuaithe

5. Ní mór aghaidh a thabhairt at thithíocht thuaithe i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Frith-Bhochtaine (NAPS) agus An Pháipéir Bháin faoi Fhorbairt Thuaithe.

6. Glacfaidh Údaráis Áitiúla riachtanais tithíochta shonracha phobail thuaithe san áireamh agus iad ag chur a gcuid straitéis tithíochta le cheile faoin mBille Pleanála agus Forbartha nuair a actófar é.

An Fóram Tithíochta

7. Mar chuid de na comhshocruithe maidir le feidhmiú an Chláir seo a fhaire, bunóidh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil Fóram Tithíochta . Beidh ionadaithe ar an bhFóram ó na comhpháirtithe sóisialta agus ó Ranna Rialtais chuí agus buailfidh siad le chéile go ráithiúil chun:

- monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le soláthar agus inacmhainne tithíochta;
- monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Spriocanna agus Bearta tithíochta arna leagadh amach i gCreat II agus III den Chlár seo i gcomhthéacs na spriocanna atá leagtha amach sa PFN;
- deis a sholáthar do na comhpháirtithe sóisialta cur le forbairt bhreise thorthaí polasaí maidir le saincheisteanna tithíochta arna aithint sa Chlár seo de chuid na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil; agus
- baint a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta leis an Rialtas agus aghaidh á tabhairt ar shrianta maidir le spriocanna sholáthar tithíochta, dá dtagraítear sa dara haidhm thuas, a bhaint amach.

2.10 Fuinneamh

Aidhmeanna

- A chinntiú go neartaíonn agus go dtreisíonn beartas fuinnimh na hÉireann cumas iomaíochta na n-earnála gnó ar fad, go dtacaíonn sé le fostaíocht agus go gcinntíonn sé soláthar leanúnach.
- Beart chost-éifeachtach a dhéanamh i dtreo is go sásaítear dualgais na hÉireann maidir le laghdú CO2 agus an aird chuí ar chúrsaí cothroime maidir le hearnálacha éagsúla agus leis an bpobal ar fad.

Gníomhaíochtaí

Leictreachas agus Gás Nádúrtha

1. Mar gheall ar riachtanais iomaíochta agus saoirse i margadh fuinnimh na hÉireann, beidh ar chomhlachtaí leathStáit san earnáil fuinnimh athrú straitéiseach a dhéanamh trí phróiseas dianchomparáide leis na fóntais is fearr atá ag cruthú ar fud an domhain. Cuirfidh creat rialaithe cuí an mhargaidh leictreachais san áireamh riachtanais na gcustaiméirí tuaithe, na ndaoine faoi éagumas agus na ndaoine scothaosta agus cinnteofar go mbeidh modhanna cúitimh cuí ann maidir le comhlíonadh dualgas seirbhíse poiblí. Déanfaidh an creat rialaithe cúram de chosaint leas gach cineál custaiméara.

2. Cinnteofar go leantar den soláthar leictreachais d'ardchaighdeán ionas gur féidir an fás eacnamaíochta a chothú ags freastal ar riachtanais eacnamaíochta an lae inniu. Cuirfear leis an gceangal le gréasáin Thuaisceart Éireann agus gréasáin Eorpacha ar mhaithe leis sin.

3. Cothófar iomaíocht éifeachtach sna margaí gáis nádúraigh agus leictreachais trí chreat rialaithe áisitheach agus rialú neamhspleách. Spreagfaidh an córas rialaithe iomaíocht chomh maith le hinfheistíocht i bhforbairt na ngréasán gáis nádúrtha agus leictreachais.

Taiscéalaíocht

4. Spreagfar taiscéalaíocht ola, gáis agus mianraí a thagann leis na sárchleachtais timpeallachta idirnáisiúnta le súil is go gcuirfear le cinnteacht an tsoláthair agus go mbeidh oiread sochair agus is féidir ag eacnamaíocht na hÉireann de bharr úsáid tháirgí, sheirbhísí agus fhostaithe Éireannacha.

Fuinneamh Inmharthana

5. Ag teacht leis an bPáipéar Glas maidir le Fuinneamh Inmharthana, laghdófar ar chaitheamh fuinnimh agus ar

sceitheadh Ghásanna Teascheaptha d'fhonn teacht le spriocanna Kyoto. Cuirfear sin i gcrích taobh istigh de pharaiméadair na Straitéise Náisiúnta maidir le Laghdú Gásanna Teascheaptha arna ghlacadh léi ag an Rialtas, trí úsáid bearta bainistí fuinnimh, na Bearta Solúbthachta a cheadaítear de réir an Phrótócail (trádáil sceithe san áireamh), agus gearrfar cánacha bunaithe ar chreat a cheapfar le theacht le bearta eile ar an gcostas is ísle. Cuirfear na beartais i bhfeidhm go cothrom ar na hearnálacha ar fad, agus béim ar na roghanna is lú costais. Cuirfear cúrsaí cothroime sóisialaí agus fostaíochta san áireamh chomh maith le cumas iomaíochta na heacnamaíochta agus na n-earnálacha agus na gcuideachtaí is mó a ngoillfidh na beartais seo orthu.

6. Bainfear an leas is mó is féidir as foinsí fuinnimh dochaite trí réimse leathan tionscnamh, roinnt acu ag leibhéal áitiúil nó ag leibhéal an phobail. Cuirfear dlús leis sin de réir mar a cheadaíonn dul chun cinn sa teicneolaíocht a leithéid.

2.11 Talmhaíocht

Aidhmeanna

- A chinntiú go dtagann feabhas ar chaighdeán maireachtála teaghlaigh feirme de réir an ghnáthruda in eacnamaíocht na tíre, arna chur san áireamh:
- go bhfuil laghdú beagnach 20% tagtha ar theacht isteach feirme sa tréimhse trí bliana 1997 go dtí 1999 mar gheall ar an ngéarchéim BSE agus droch-mhargaí idirnáisiúnta; agus
- an tábhacht atá le hioncaim ó fhoinsí seachas an fheirm le caighdeán maireachtála roinnt theaghlaigh feirme a chaomhnú.
- A chinntiú go gcuireann an earnáil talmhaíochta lena cumas iomaíochta trí infheistíocht, athchóiriú struchtúrtha agus feabhsú acmhainní daonna, ionas go mairfidh sí agus go mbeidh rath uirthi sna margaí anróiteacha atá anois san AE agus ar fud an domhain.
- Is iad seo a leanas na gnéithe a bhainfidh le forbairt na talmhaíochta:
- neartú agus forbairt feirmeacha lánaimseartha a bheidh inmharthana ó thaobh ioncaim is ionann agus an gnáthphá tionsclaíochta ar a laghad a sholáthar chomh maith le dóthain airgeadaithe don infheistíocht leanúnach a dhéanfar i ngnó na feirme;
- tuilleadh deiseanna buana le hioncaim taobh amuigh den fheirm a shaothrú;
- feabhas ar struchtúr aoise na bhfeirmeoirí;
- béim ar chéim ard sa slabhra luacha i bhforbairt táirgí agus teacht leis na caighdeáin is airde maidir leis an timpeallacht agus sábháilteacht bia;
- timpeallacht tuaithe de shárchaighdeán;
- cosaint príomhchúrsaí talmhaíochta na hÉireann i gcomhthéacs leathnú ar an AE agus comhchainteanna an WTO;
- na caighdeáin is airde maidir le sláinte agus sochar ainmhithe;
- na caighdeáin is airde maidir le sláinte plandaí; agus
- ardleibhéal éifeachtachtúlachta in obair na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Forbairt Tuaithe (R/TBFT) agus na n-áisínteachtaí taca ag soláthar seirbhíse den scoth dá gcuid cliant ar fad.

Gníomhaíochtaí

AE agus WTO

1. Lorgófar aitheantas na mball nach cuid den AE iad ag comhchainteanna an WTO don pháirt riachtanach atá ag talmhaíocht in eacnamaíocht, pobal agus timpeallacht na hEorpa agus don ghá atá le modh talmhaíochta na hEorpa a chosaint. Is trí chaomhnú an chomhaontaithe *Agenda 2000* is fearr is féidir sin a bhaint amach agus, go háirithe, trí choinneáil an chórais íoc díreach, trí chinntiú dóthain cosaint taraifí, agus trí choinneáil na n-aisíoc onnmhairíochta leis an mbearna idir praghas an mhargaidh san AE agus ar fud an domhain a líonadh.

2. Féachfar lena chinntiú go ndéantar dóthain soláthair airgeadais ag leibhéal an AE le freastal ar an tionchar a

bheidh ag leathnú an Aontais ar chúrsaí talmhaíochta.

3. Cuirfear i bhfeidhm an chéim reatha de *Agenda 2000* agus na céimeanna eile atá leagtha amach, a bhaineann leis an tréimhse suas go dtí 2006, de réir mar atá luaite leo. Má thagann ceist comhairle na tíre féin i gceist, leanfar an chomhairle a thacóidh le hiomaíocht, athchóiriú struchtúrtha agus cothroime sóisialta.

Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006

4. Aithníonn cách an suntas a bhaineann le cionroinnt de shuim £3.7 billiún don earnáil talmhaíocht-bia sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Beidh tionchar suntasach ag na bearta atá luaite sa PFN ar fhorbairt na feirmeoireachta agus ar fhorbairt feirme, ar chosaint an bhiashlabhra agus na timpeallachta, agus ar spreagadh athraithe struchtúrtha. Tá an Rialtas tugtha do theacht ar aontú le Coimisiún na hEorpa chomh luath agus is féidir maidir lena bhfuil beartaithe sa PFN agus á gcur i bhfeidhm a luaithe is féidir.

5. Cuideoidh bearta a thacóidh le hinfheistíocht i bhfeirmeacha leis an earnáil talmhaíochta cur lena cumas iomaíochta agus feabhas a chur ar chaighdeáin timpeallachta. Díreofar cúnamh infheistíochta ar bhaint amach agus cinntiú inmharthanachta, bunaithe ar choinníollacha níos fearr sna scéimeanna mar a bheidh aontaithe tar éis an phróisis comhairle idir an R/TBFT agus na heagrais feirme atá ag teannadh le deireadh.

6. Ó tharla oiread éileamh ar na príomhbhearta infheistíochta ar fheirmeacha, (.i. bainistiú dhramhaíl feirme, sláinteachas déiríochta, leas na n-ainmhithe agus cúnamh insealbhaithe) is gá a chinntiú go leanfaidh siad ar feadh tréimhse shuntasach. Tá an Rialtas tugtha d'oibriú agus d'airgeadú na mbeart sin gan stad agus pléifear le haon riachtanais bhreise airgeadais a thagann i gceist le linn an Chláir. Chomh maith leis sin, déanfar athbhreithniú chuile bhliain ar na gnáthchostais ar a mbunaítear an leibhéal deontais a íoctar.

7. Déanfar athbhreithniú ar an airgeadú faoin PFN do bhearta a bhaineann le CT - REPS agus an Scéim Luathscoir - in Athbhreithniú Lár-Téarma an PFN, d'fhonn a chinntiú go mairfidh na scéimeanna ar feadh théarma an Phlean.

8. Maidir leis an ngá, de réir na socruithe a haontaíodh in Agenda 2000, atá le scéim nua a fhorbairt d'íoc Liúntais Chúitimh i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste, agus ag cur na n-acmhainní a sholáthraítear sa PFN san áireamh, tá an R/TBTF arna phlé leis na heagrais fheirme, tugtha do thabhairt isteach córais a chosnóidh leibhéal na n-íoc leis na ranna feirmeoirí ar cuid thábhachtach dá dteacht isteach iomlán na híocaí Ceantar faoi Mhíbhuntáiste. Cuirfidh Tascfhórsa ar a bhfuil ionadaithe ón R/TBTF agus na heagrais fheirme críoch leis an obair fhorbartha ar scéim nua faoi dheireadh na Márta 2000.

9. Tabharfar spreagadh do dhaoine le tosú ar thalmhaíocht trí leagan feabhsaithe den Scéim Chúnamh Insealbhú Feirmeoirí Óga agus Clár Fhorbairt Feirmeoirí Óga nua a thabhairt isteach, trína gcuirfear cabhair deontais níos fearr ar fáil le linn an Chláir.

Beostoc agus Táirgí Beostoic

10. Beidh cur chuige an Rialtais maidir leis an earnáil mairteola bunaithe ar an ngá atá le oiread agus is féidir teacht isteach a bheith ag na táirgeoirí agus ag eacnamaíocht na tíre uaidh. Tabharfar isteach struchtúir nua maidir le roinnt ceisteanna tábhachtacha a ligfidh rath ar an earnáil mairteola:

- cuirfear soiléire ó thaobh praghas beithíoch chun cinn trí na praghsanna do gach grád bullán, bodóg agus bó atá á n-íoc ag monarchana ainmnithe feola a bheith á bhfoilsiú ar bhonn seachtainiúil ag an R/TBFT agus trí thorthaí rangú conablach a fhoilsiú; agus
- tabharfar isteach córas soiléire praghas margaí le heolas inchreidte, ábharach maidir le torthaí praghas margaí a chur ar fáil. Déanfar deimhniú neamhspleách ar an gcóras sin.

11. Glacann an Rialtas leis go bhfuil riachtanas le clár margaíochta agus cur chun cinn na mairteola Éireannaí a mbeadh dóthain airgeadaithe á dhéanamh air.

12. Leanfaidh an Rialtas air ag déanamh áise don trádáil onnmhairíochta beostoic agus féachfaidh sé le bheith istigh a fháil arís sna margaí atá cosctha orainn faoi láthair.

13. Tabharfaidh an Rialtas tús áite d'athbhreithniú ar chóras caoireola an AE, d'fhonn córas tacaíochta a chinntiú

a chuireann an difríocht idir teacht isteach tháirgeoirí na hÉireann agus tháirgeoirí eile an AE san áireamh.

14. Le gur féidir leanacht den fheabhsú ar struchtúr na táirgíochta bainne, is é an phríomhaidhm a bheidh leis an gcóras nua cuóta bainne, tús áite a thabhairt do tháirgeoirí gníomhacha bainne agus cuótaí á ndáileadh agus costas na gcuótaí a laghdú trí níos mó acu a bheith ar fáil.

Díothú Ghalair Ainmhithe

15. Tá gach dream a bhfuil baint acu leis an gcás ar aon intinn gur gá beart a dhéanamh d'fhonn an leibhéal brúsalóise, eitinne, agus galraí eile ar ainmhithe na tíre a laghdú agus a dhíothú. Déanfar na bearta seo a leanas le laghdú 50% a chur ar líon na gcásanna eitinne agus le dul ar aghaidh shuntasach a dhéanamh i ndíothú na brúsalóise taobh istigh de thréimhse ceithre bliana:

- ó tharla gurb é an bac is mó atá ar rialú agus díothú na heitinne, an tobar suntasach infhabhtaithe atá i measc an fhiadhúlra, tá i gceist ag an Rialtas:
- acmhainní daonna áirithe i ngach Oifig Tréadliachta Áitiúil a chur ag plé le hobair fhiosrúcháin maidir le cúis leis an gcliseadh; agus
- chomh maith leis na socruithe atá ann faoi láthair maidir leis an bhfiadhúlra, cur chuige gníomhach a bheith i ngach ceantar OTA ag baint úsáid as 75 duine ó fhoireann na Roinne agus ó fhoireann an Fhaoisimh Seirbhíse Feirme le gach foinse infhabhtaithe a ghlanadh as an 20% den tír ina dtarlaíonn 50% de fhreasaitheoirí eitinne; socrófar scaipeadh na n-acmhainní sin i gcomhairle leis na heagrais fheirme.

16. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar struchtúr an R/TBTF de réir mholtaí an Ghrúpa Stiúrtha maidir le hAthbhreithniú Córais agus socrófar cás bhainistíocht an scéim dhíothú galair lena linn. Socrófar dáileadh acmhainní foirne agus dualgais éagsúla na nOTA faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéiseach atá á chur i bhfeidhm ar fud na Roinne faoi láthair.

17. Tuigeann an Rialtas an cruatan airgeadais atá i gceist d'fheirmeoirí a dtagann galar ar a gcuid stoic agus tuigtear freisin an míshásamh i leith ghnéithe den chóras cúitimh atá ann faoi láthair, agus glactar leis gur cheart cúiteamh ceart a íoc le feirmeoirí. Dá bhrí sin, aontaítear córas luachála de réir margaidh a thabhairt isteach ar an bhfeirm féin. Aontófar na socruithe, mionsocruithe an chórais san áireamh, i gcomhar leis na heagrais fheirmeoireachta agus bainfear leas as saineolas neamhspleách. An chéad lá de mhí Mheán Fómhair an dáta tosaigh atá molta.

- Cuirfear bearta eile maidir le rialú gluaiseachta san áireamh i gcomhthéacs an Fhóram Sláinte Ainmhithe.
- B'fhéidir go mbeadh bearta eile á ndéanamh, i gcomhairle leis an bhFóram Sláinte Ainmhithe i gceantair ina bhfuil leibhéil arda eitinne.
- Cuirfear coiste monatóireachta ar a mbeidh ionadaithe Roinne, tréadliachta agus feirmeoireachta ar bun i ngach ceantar OTA le súil a choinneáil ar dhul chun cinn an Chláir Dhíothú Galair ag an leibhéal áitiúil.
- Bheadh páirt dhíreach ag eagrais fheirme sa mhonatóireachta ar chur i bhfeidhm an Chláir ag leibhéal náisiúnta tríd an bhFóram Sláinte Ainmhithe agus na fochoistí éagsúla a bhaineann leis.

18. Déanfar bearta cuí le srian a chur le galair shuntasacha eile ar ainmhithe na tíre agus lena ndíothú.

19. Déanfar aithbhreithniú ar an gcás i 2003 agus socrófar spriocanna nua don tréimhse dár gcionn.

Seirbhís don Chustaiméir

20. Ag cur le feabhas an Chairt Cearta Feirmeoirí agus an Plean Gníomhaíochta do Sheirbhís don Chustaiméir, agus mar gheall ar thábhacht na n-íoc ioncaim díreacha, na bearta a thagann le CT san áireamh, do chás airgid na bhfeirmeoirí, cuirfidh an R/TBFT tuilleadh feabhais ar na seirbhísí a chuireann sí ar fáil dá custaiméirí agus déanfar dul chun cinn maidir le e-Rialtas a bheith ar fáil. Tá sé socraithe ag an Roinn:

- prótócal nua a thabhairt isteach faoi 30 Meitheamh 2000 maidir le híoc díreach a bhainfidh go díreach le hiarratais, cigireacht, riarachán, píonóis agus a rangú, spriocanna íocaíochta, achomhairc, agus monatóireacht. Glacann an R/TBFT de dhualgas uirthi féin a theacht leis na sceidil íocaíochta sa Phrótócal. Tabharfaidh an Rialtas tús áite do sholáthar na ndaoine agus na n-acmhainní ICT is gá le theacht leis na spriocanna sa Phrótócal, ar mhodh éifeachtach;

- uathoibriú agus néatacht a bheith ag baint oiread agus is féidir le cáipéisí agus nósanna imeachta na scéimeanna FEOGA agus, ar mhaithe leis sin, an leas is fearr a bhaint as an eolas a bailíodh faoin gCóras Monatóireachta ar Ghluaiseacht Beithíoch (CMGB) ionas go mbeifear in ann íocaíocht chúnta uathoibríoch a dhéanamh nuair is féidir sin, nuair a thagann sé le rialacha an AE agus nuair atá buntáiste ann don chustaiméir;
- oibriú sa chaoi is go mbeidh na cáipéisí uilig a bhaineann le hábhar ar fáil i bhfoirm leictreonach agus glacadh ar ais leo san fhoirm sin, chomh fada is a cheadaítear sin faoin dlí;
- Aonad Achomhairc neamhspleách a mbeidh dóthain acmhainní aige agus teacht air a bhunú ar bhunús reachtúil a mbeidh cúram air, i measc rudaí eile, maidir leis na scéimeanna FEOGA ar fad a mbíonn íoc díreach le feirmeoirí aonair i gceist leo agus a chuirfidh píonóis agus a rangú san áireamh de réir an phrótócail atá aontaithe;
- brú a chur ar Choimisiún na hEorpa le scrúdú a dhéanamh arís ar an gcóras píonóis agus go háirithe ar na píonóis choisc a chuirtear i bhfeidhm i gcás na scéimeanna íoc díreach, agus an coibhneas is mó a iarraidh agus píonóis á gcur;
- coiste monatóireachta a bhunú, cathaoirleach neamhspleách air chomh maith le hionadaithe ó na heagrais fheirme atá ina Comhpháirtithe sóisialta, le hathbhreithniú a dhéanamh ar thoradh na hoibre i gcomparáid leis an sprioc a bheidh leagtha amach, spriocanna cigireachta san áireamh;
- plé a dhéanamh le Coimisiún na hEorpa maidir lena dtitfeadh amach dá gcaillfí an phréimh leathnaithe i gcás tréada a bhíonn faoi ghlas mar gheall ar rialacháin sláinte ainmhithe;
- úsáid a bhaint as na deiseanna atá i rialacháin an AE a bhaineann leis an gcás le freastal ar fheirmeoirí a bhfuil sé cosctha orthu cur isteach ar an bPréimh Bó Diúil i rith na gnáththréimhse iarratais de bharr an tréad a bheith bánaithe ag tús na tréimhse sin; agus
- gan aon táillí nua maidir le feirmeoireacht a thabhairt isteach gan dul i gcomhairle roimh ré leis na heagrais fheirmeoireachta.

Cáin Feirmeoirí

21. Cuirfidh an Bille Airgeadais 2000 na bearta ginearálta éagsúla faoisimh sa Bhuiséad sna cóid cáin ioncaim, cáin ar fháltais chaipitiúla agus cáin ar ghnóthachain chaipitiúla i bhfeidhm. Rachaidh na bearta faoisimh ginearálta sin chun sochair go mór d'fheirmeoirí. Ina theannata sin, déanfaidh an Bille Airgeadais foráil do dhreasachtaí cánach sonracha feirme. Is iad sin:

- méadú ar bhreis CBL ráta comhréidh feirmeoirí ó 4% go 4.2% ó 1 Márta 2000;
- leanacht ar aghaidh ar feadh trí bliana eile chuig an 5 Aibréan 2003 leis an scéim liúntas caipitil speisialta do rialú thruailliú feirme mar aon le méadú ó £30,000 go £40,000 ar an teorainn caiteachais tríd is tríd don scéim;
- leanacht ar aghaidh chuig an 31 Nollaig 2002 leis an bhfaoiseamh speisialta dleachta stampála ar aistriú thalamh agus foirgnimh thalmhaíochta chuig feirmeoirí óga oilte; agus
- cead a thabhairt d'fheirmeoirí ioncorpartha an rogha a bheith acu cáin ar ghnóthachain chaipitiúla a mheas faoi na forálacha faoisimh gnó 90% nó na forálacha faoisimh talmhaíochta 90%, cibé ceann acu sin is tairbhiúla.

22. Cuirfear na moltaí cánach nua speisialta d'fheoirmeoirí san áireamh sa Bhille Airgeadais 2000:

- an faoiseamh speisialta dleachta stampála ar aistriú talún agus foirgnimh thalmhaíochta chuig feirmeoirí óga oilte a mhéadú ó dhá thrian go 100%;
- faoiseamh spriocdhírithe speisialta a chur le chéile do cheannach cuótanna bainne faoi threoirlínte a eiseoidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Forbairt Tuaithe agus ag an am céanna leanacht ar aghaidh leis an cóireáil chánach reatha do dhíolachán cuótanna bainne; agus
- an teorainn caiteachais tríd is tríd don scéim liúntas caipitiúil speisialta do rialú thruailliú feirme a mhéadú ó £40,000 go £50,000, agus ag an am céanna an tréimhse díscríofa iomlán a laghdú ó 8 mbliana go 7 mbliana agus ag ligean do níos mó solúbhthachta maidir leis an éileamh eilimint 50% thar an tréimhse ná mar atá cúrsaí faoi láthair.

23. Gan amhras rachaidh an pacáiste mór de laghduithe móra cánach chun sochair feirmeoirí thar na trí bliana amach romhainn, pacáiste a bhfuil imlíniú déanta air sa Chlár seo.

2.12 Bia, Muir agus Foraoiseacht

(a) Bia

Aidhmeanna

De bharr thuairiscí an Ghrúpa Forbartha don Tionscal Bia (GFTB), is é móraidhm an Rialtais oiread buntáiste agus is féidir a bheith á baint as an tionscal bia, agus buntáiste dá réir ag an eacnamaíocht, trí bhéim a bheith ar dhíriú ar an margadh agus ar chumas iomaíochta.

Gníomhaíochtaí

Grúpa Forbartha don Tionscal Bia (GFTB)

1. Déanfar réimse beart infheistíochta maidir le príomh-mholtaí an GITB, go háirithe i leith an méid seo a leanas:
   - an ró-bhrath ar tháirgí tráchtearraí agus a laghad dul chun cinn atá déanta maidir le hathrú go dtí táirgíocht earraí bhreis-luacha;
   - na deacrachtaí mar gheall ar chúrsaí scála san earnáil;
   - an gá atá le cloí leis na caighdeáin is airde sábháilteachta agus cáilíochta bia agus le dóthain eolais maidir leis sin a bheith ar fáil go tráthúil don phobal ó na háisínteachtaí cuí;
   - an gá atá le leanacht ag díriú ar na rannóga san earnáil a bhfuil borradh fúthu, ar nós comhábhair bia, agus ar mhiondíol bia; agus
   - an tacaíocht chuí a chur ar fáil leis an earnáil a fhorbairt i dtéarmaí infheistíocht chaipitil, taighde, teicneolaíocht agus tionscantacht, margaíocht agus cur chun cinn, agus forbairt a dhéanamh ar na hacmhainní daonna atá ar fáil don earnáil. Ó tharla go bhfuiltear tugtha do chothú páirtnéireachta ag an leibhéal fiontraíochta, beidh an tacaíocht dírithe, i gcomhar leis na ceardchumainn agus bainisteoirí, ar fhorbairt scileanna na bhfostaithe san earnáil agus ar an gcaidreamh ar an láthair oibre a fheabhsú.

2. Chomh maith leis na bearta infheistíochta sin:
   - cothófar caidreamh níos dlúithe idir na táirgeoirí, próiseálaithe, miondíoltóirí agus tomhaltóirí lena chinntiú go mbaintear amach feabhas, sábháilteacht agus inaimsitheacht bhia den chaighdeán is airde síos tríd an tionscal ar fad; agus
   - spreagfar barainneachtaí scála níos fearr trí chuíchóiriú agus comhdhlúthú nuair is cuí sin.

Athruithe san Earnáil Miondíola Bia

3. De bharr na n-athruithe móra san earnáil Mhiondíol Bhia a eascraíonn ón laghdú ar líon na n-úinéiri san earnáil ar fud an domhain, féachfaidh an Institiúid Náisiúnta um Iompar agus Cóiríocht le forbairt straitéis chomhoibrithe a chur chun cinn i measc ionadaithe na dtáirgeoirí bia. Beidh d'aidhm aige seo déileáil leis an tionchar a bheidh ag dáileadh lárnaithe sa mhargadh dúchasach agus leis an dúshlán a bhaineann le méadú an chumais onnmhairíochta do tháirgí bia bhreis-luacha, trí fheachtais bholscaireachta, cumarsáid agus malartú eolais, chomh maith le teacht a bheith ar chomhairle ón taobh amuigh ag leibhéal cuideachta.

4. Mar gheall ar na hathruithe móra atá luaite thuas, is den riachtanas é chomh maith go leanfadh coinníollacha córa trádála i réim sa mhargadh.

Onnmhairí Bia

5. Ó tharla os cionn 30% d'onnmhairí Talmhaíocht-Bia na hÉireann á dhéanamh le tíortha taobh amuigh den AE, déanfaidh an Rialtas gach dícheall an leibhéal tacaíochta onnmhairíochta do tháirgí bia bhreis-luacha a chosaint ag leibhéal an AE. Chomh maith leis sin, leagfar béim ar inshroichteacht mhargaí an domhain i gcomhthéacs bhabhta Seattle de chomhchainteanna an WTO.

(b) Cúrsaí Mara

Aidhmeanna

- Cothromaíocht a fháil idiri aidhmeanna agus paraiméadair Chomhbheartas Iascaireachta an AE agus an deis atá ann forbairt a dhéanamh ar an earnáil i gceantair chósta nach bhfuil mórán deis ar mhalairt fostaithe iontu.
- An leas is fearr a bhaint as an deis bhreis-luacha a bhaineann leis an acmhainn iascaigh i ngach cuid den slabhra soláthair/éilimh.
- An deis shuntasach foráis a bhaineann le huisceshaothrú a thapú ar mhaithe le forbairt inmharthana.
- Bainistíocht iomlán, caomhnú agus forbairt an acmhainn iascaigh intíre ar an gcaighdeán is airde a chinntiú ionas go mbaintear lánbhuntáiste aisti i dtéarmaí leasa shóisialaigh agus eacnamaíochta do na réigiúin, do phobail feirmeoireachta agus do phobail tuaithe áitiúla.

Gníomhaíochtaí

6. Tabharfar oiread deis agus is féidir do thionscal na hiascaireachta san Athbhreithniú ar an gComhbheartas Iascaireachta (CI) 2002, agus cuirfear dlús leis an iarracht atá á déanamh le fada méadú suntasach a chur ar sciar cuóta na hÉireann agus cur le héifeacht na gcóras bainistíochta iascaigh taobh istigh de chreat an CI, trí rún éifeachtach straitéiseach a bheith againn ag na comhchainteanna, bunaithe ar thaighde agus thuairim an Ghrúpa Athbhreithnithe Náisiúnta maidir leis an gComhbheartas Iascaireachta.

7. Forbrófar cumas taighde agus monatóireachta den scoth maidir le sláinte éisc agus sliogéisc ar bhonn náisiúnta le seirbhís den chaighdeán is airde a chur ar fáil don earnáil iascaigh, le táirgí sábháilte den scoth a chinntiú don tomhaltóir de réir riachtanais an Údaráis Sábháilteacht Bia agus riachtanais onnmhairíochta agus le stádás ard na hÉireann maidir le sláinte éisc a chothú agus a chosaint.

Uisceshaothrú

8. Cuirfear leathnú inmharthana an tionscal uisceshaothraithe chun cinn d'fhonn toirt chriticiúil a bhaint amach ó thaobh táirgíochta, éagsúlachta, cáilíochta, teicneolaíochta agus cumas iomaíochta maidir le costas agus d'fhonn cur leis na deiseanna margála san AE agus ar fud an domhain.

Próiseáil Éisc

9. Tacófar leis an earnáil próiseála éisc le cumas iomaíochta bhreis-luacha toirtiúil a chruthú ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta trí tháirgí nua a fhorbairt, leas a bhaint as teicneolaíocht agus scála, cruthú gréasáin éifeachtacha i measc na FBM san earnáil próiseála san áireamh.

10. Beidh straitéisí tacaíochtaí infheistíochta don fhadtéarma agus don mheántéarma bunaithe ar athbhreithniú cuimsitheach ar an earnáil phróiseála a dhéanfar go luath sa bhliain 2000.

Iascaigh Intíre

11. Forbrófar modhanna oibre a chinnteoidh páirt chothrom ag gach a bhfuil geall acu ann, lucht feirmeoireachta san áireamh, maidir le forbairt inmharthana na n-iascach intíre.

12. Beidh ionadaíocht ag lucht feirmeoireachta ag na príomhleibhéil chomhchainte agus cinnidh taobh istigh de na struchtúir bhainistí abhantrach.

13. Déanfar tuilleadh forbartha ar phrótócail, ar chomhoibriú agus chomhairle idir feirmeoirí agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha agus tiocfar ar aontú maidir leo ionas gur féidir na leasanna eacnamaíochta agus sóisialta atá as caomhnú agus forbairt na n-iascach intíre a chinntiú.

(c) Foraoiseacht

Aidhmeanna

- Oiread forbartha stuama a dhéanamh ar an bhforaoiseacht agus a fhágfaidh an buntáiste is fearr aisti ag

an leas náisiúnta, eacnamúil agus sóisialta, ar bhonn inmharthana agus é sin ag teacht le cosaint na timpeallachta agus le geallúintí maidir le hathrú aeráide.

- Méadú a dhéanamh ar an gcumas próiseála agus/nó breis úsáide a bhaint as an gcumas atá cheana ann ionas gur féidir próiseáil a dhéanamh ar an méadú suntasach sa soláthar atá tuartha.
- Sciar den mhargadh dúchais a fháil ar ais agus leas a bhaint as na deiseanna onnmhairíochta, chuig an Ríocht Aontaithe go háirithe, de bharr a ghaire atá an margadh sin agus an méid a allmhairítear ann.

Gníomhaíochtaí

14. Leanacht le cur i bhfeidhm an Phlean Straitéise don Fhoraoiseacht, agus dreasachtaí airgid níos mealltaí ann do bhreis foraoiseachta. Beidh béim ar leith á chur ar fhoraoiseacht feirme.

15. Tacaíocht d'fhorbairt na foraoiseachta, dírithe ar bhearta straitéiseacha ar nós trealamh bainte, bóithre foraoise, feabhúcháin coillearnaigh, forbairt tionscnaimh iarfháis agus bolscaireacht d'fhonn an leas is fearr a bhaint as foraoiseacht i gcúrsaí forbairt réigiúnda.

16. Déanfar airgeadú ar chláir oiliúna áirithe d'earnáil na foraoiseachta, ar mhaithe le feabhas a chur ar scileanna an líon daoine (a bhfuil méadú ag teacht i gcónaí air) atá ag obair san earnáil, go háirithe i measc feirmeoirí, chomh maith le hairgeadú ar thaighde foraoiseachta. Beidh an taighde sin dírithe ar fheabhas a chuirfí ar fhorbairt táirge agus ar mhargaíocht, ar eolas níos cruinne ar chúrsaí timpeallachta, ar fhoraoiseacht feirme, ceisteanna socheacnamaíochta, cumarsáid agus teicneolaíocht an eolais. Leanfaidh CTFF (An Chomhairle Taighde agus Forbartha Foraoiseachta) ag déanamh comhordú ar obair thaighde agus ar aistriú teicneolaíochta agus eolais.

17. Díreofar ar fhorbairt táirge agus ar mhargaíocht trí straitéisí Enterprise Ireland le T&F a spreagadh agus le tuilleadh caidrimh taobh istigh den earnáil, rud a tharraingeoidh próisis nua agus tionscantacht, agus trí dheiseanna i margaí thar lear a lorg agus trí chur leis an bhfreastal ar riachtanais lucht úsáidte na dtáirgí trí earraí nua bunaithe ar adhmad a fhorbairt.

18. Leanfar den chóras fógraíochta poiblí ar beart praiticiúil é le méadú ar an nglacadh atá le foraoiseacht i bpobail tuaithe.

19. Déanfaidh an Rialtas athbhreithniú in éineacht le Coimisiún na hEorpa ag an Athbhreithniú Lár-Téarma ar chur i bhfeidhm rialacháin an AE maidir le foraoiseacht a fhágann nach bhfuil Coillte i dteideal préimh fhoraoiseachta. Idir an dá linn, leanfaidh Coillte dá bheartas ar son na bhfeirmeoirí trí na Scéimeanna Comhpháirtíochta Feirme.

Pleanáil

20. Tagann díolúine maidir le tanúchán, leagan agus athchur crann, foraoisí, coillearnaigh agus oibreacha teagmhasacha in áit na díolúine ginearálta faoin mBille um Phleanáil agus Forbairt, 1999. Níl díolúine i gceist nuair a chuirtear cineál cónaiféarach in áit foraois leathanduilleach. Leanfar ag tabhairt na díolúine i leith foraoiseachta as an nua i rialacháin phleanála a dhéanfar de réir an Achta, lena chinntiú nach gcuirfear isteach ar scéimeanna foraoiseachta beaga ar fheirmeacha.

2.13 Beartas Timpeallachta

Aidhmeanna

- Forbairt inmharthana a chur chun cinn trí chothromaíocht a chinntiú idir na gnéithe timpeallachta, eacnamaíochta agus sóisialta den phróiseas forbartha.
- Timpeallacht den scoth a a chothú a bheadh ina bhuntáiste iomaíochta ag tionscail bia agus turasóireachta na tíre, trí chéim chun tosaigh a thógáil maidir le teicneolaíocht timpeallachta agus trí Éire a bheith ina háit a mheallfadh daoine ina gcónaí agus ag obair ann.

Gníomhaíochtaí

Straitéis Náisiúnta le Gásanna Teascheaptha a Laghdú

1. Nuair a bheidh glactha leis ag an Rialtas, cuirfear Straitéis Náisiúnta le Gásanna Teascheaptha a Laghdú i bhfeidhm ionas go bhféadfaidh Éire a cuid dualgas de réir Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh. Ainmneofar bearta maidir leis na hearnálacha seo a leanas: fuinneamh, iompar, tionscal, gnó, seirbhísí, tithíocht, talmhaíocht, foraoiseacht agus maidir le dramhaíl. Cuirfear beartais agus socruithe na Straitéise i bhfeidhm ar gach earnáil ar bhealach cothrom, cóir.

2. Díreoidh an Straitéis ar na bearta is lú costas, ina measc úsáid níos éifeachtaí ar fhuinneamh, trádáil sceithe aagus bearta solúbtha eile agus gearradh cánach. Cuirfidh an Rialtas cúrsaí iomaíochta agus riachtanais eacnamaíochta agus sóisialta eile agus tuairimí na gComhpháirtithe Sóisialta san áireamh agus na hionstraimí beartais sin á ndréachtadh agus á gcur i bhfeidhm.

Bainistíocht Dramhaíola

3. Déanfar athnuachan ar bhainistíocht dramhaíola le hinfrastruchtúr iomlán, saor agus éifeachtach ó thaobh na timpeallachta de a chur ar fáil a chinnteoidh cosaint d'ardchaighdeán d'achmhainní timpeallachta agus nádúrtha (táirgíocht bia san áireamh), a chinnteoidh oiread athghabhála agus is féidir ar ábhar agus ar fhuinneamh agus a thacóidh le forbairt eacnamaíochta de réir bheartais an AE agus sárchleachtais.

4. Forbrófar tionscnaimh bheartais a thacóidh le méadu ar athchúrsáil agus feabhas ar obair athghabhála dramhaíola.

Bearta Eile

5. Déanfar réimse leathan bearta eile leis an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú ag iarraidh forbairt inmharthanaach a bhaint amach. Áireofar orthu sin:

- infheistíocht in infrastruchtúr timpeallachta de réir an Phlean Forbartha Náisiúnta;
- éic-iniúchadh ar bheartais Rialtais;
- dlús leis an obair le feabhas a chur ar uisce agus forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí uileghabhálacha bainistíochta ar abhantracha mar chuid de;
- cur i bhfeidhm chlár leanúnach in aghaidh truailliú bruscair ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil i gcomhar le páirtithe ar spéis leo an obair;
- rannpháirtíocht ghníomhach i fora an AE agus i fora idirnáisiú lárionad i dteannta leis na Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí ábhartha a bhfuil ról acu i bhforbairt fheidhmiú na fiontraíochta . Breathnófar freisin, sa chomhthéacs seo ar róil na n-eagras eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach ar aon a chuireann le forbairt na comhpháirtíochta, agus breathnófar ar aon cheisteanna cistithe a ardaítear chomh maith.

Forbairt Inmharthana

6. Beidh tábhacht le COMHAR mar fhóram ina gcuirfear chun cinn an agenda náisiúnta maidir le forbairt inmharthana tríd an gcomhpháirtíocht shóisialta agus trí shlánú cheisteanna timpeallachta i mbeartais eacnamaíochta agus sóisialta a chur chun cinn.

7. Spreagfar Údaráis Áitiúla agus tacófar leo i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm bearta áitiúla Agenda 21 a fhéachfaidh le forbairt inmharthana a bhaint amach ina gcuid ceantar féin.

An Rialachán IPPC

8. Cuirfidh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil tuairimí na n-eagras feirmeoireachta maidir le tairsigh dianfheirmeoireachta san áireamh i gcomhthéacs aistriú an Rialacháin IPPC. Leanfaidh sí de na cainteanna lena chinntiú go gcomhlíonfaidh na tairsigh ceadúnais a shocrófar an aidhm chosanta timpeallachta, agus tabharfar ag an am céanna an-aird ar cheist na gcoibhneas idir riachtanais tairsigh an

Rialacháin agus an struchtúr slánbhunaithe atá faoi earnáil muc na hËireann.

Tuilte

9. Féachfaidh an Rialtas le teacht ar shlite le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar na huiscebhealaí intíre, d'fhonn laghdú ar an damáiste a tharraingíonn tuilte.

GMOs

10. Tá sé beartaithe ag an Rialtas déanamh de réir beartas náisiúnta maidir le scaoileadh GMO sa timpeallacht atá deimhnitheach ach cúramach ag an am céanna, bunaithe ar mheasúnóireacht baoil eolaíoch agus ar bhainistíocht..

Creat III
um Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Cothroime

3.1 Uilechuimsitheacht Shóisialta

Beidh aird sa chreat a dhéileálann le bochtaine agus eisiachas sóisialta ar Thuarascáil Straitéiseach an NESC *Opportunities, Challenges and Capacities for Choice*. Deirtear i dTuarascáil an NESC: *"Ní hiad na cearta agus na dualgaisí polaitiúla amháin atá i gceist le cearta saoránach ach na cearta agus dualgaisí sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha atá mar dhlúthchuid den chultúr polaitiúil agus ina mbunús le cothroime deiseanna agus le beartais maidir le insroichteacht oideachais, fostaíochta, sláinte, tithíochta agus seirbhísí sóisialta. Baineann dualgais saoránach le dualgais ar nós cáin a íoc agus dualgais a chomhlíonadh mar gheall ar insroichteacht seirbhísí agus leasa. Tá argóint láidir ann i bhfabhar uilechuimsitheacht shóisialta a thabhairt chun tosaigh maidir le caiteachas poiblí.Ag teacht leis na haidhmeanna sin, molann an Chomhairle sa tuarascáil Straitéise seo déileáil le fadhbanna bochtaine agus eisiachais faoi thrí cheannteideal, leas sóisialach, gnáthchláir chaiteachais phoiblí agus pacáiste speisialta infheistíochta".*

- Le linn an Chláir, tabharfaidh an Rialtas isteach bearta uilechuimsitheachta shóisialta de réir a chéile a mbeidh costas iomlán £1.5 billiún leo sa bhliain 2003.
- Le linn an Chláir, tabharfaidh an Rialtas isteach de réir a chéile bearta uilechuimsitheachta shóisialta seachas bearta leasa shóisialaigh agus cúram leanaí, mar gheall ar na háiteanna a leagtar béim sa Chreat seo. Cosnóidh siad sin suim nach lú ná £200 milliún sa bhliain 2003.

Aidhmeanna

- Déanamh de réir Beartas a laghdaíonn bochtaine agus eisiachas sóisialta, a chothaíonn sochaí fháilteach, a laghdaíonn imeallú agus a neartaíonn tuiscint ar dhualgais saoránach sa chomhthéacs sin, laistigh den chreat fioscach is taca don Chlár.
- Na cúinsí a chruthú a ligeann do dhaoine neamhspleáchas eacnamaíochta a bhaint amach.
- Forbairt a dhéanamh ar an bpróiseas Sheachaint Bhochtaine mar bhealach le ceisteanna bochtaine a thabhairt i lár an aonaigh agus neartú a dhéanamh ar na socruithe institiúide atá ann le tacú le NAPS.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna faoin gcéad chreat NAPS.
- Bearta idir-rannacha a chur chun cinn agus a thabhairt le chéile le tabhairt faoi cheisteanna bochtaine ar bhealach cuimsitheach, agus leas a bhaint as an bpróiseas SMI le cláir oibre cheangailte a fhorbairt.
- An t-eolas cuí agus córais bhailithe eolais a chur ar fáil le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhochtaine, córais san áireamh a dhéanfadh measúnú ar an mbochtaine i measc grupaí nach gcuirtear san áireamh faoi láthair (e.g. daoine a bhfuil cónaí orthu in institiúidí, an Lucht Siúil agus daoine gan dídean) and staidéir nua a chuirfeadh leis na Suirbhéanna reatha *Living in Ireland* agus *Household Budget Surveys*, agus déileáil le taobh na hinscne i gcás bochtaine.
- Tuiscint níos leithne a chothú ar na ceisteanna a dtabharfaí fúthu sa phróiseas seachanta - e.g. bochtaine, éagothroime, éagothroime inscne, agus cúrsaí tuaithe.

Gníomhaíochtaí

Straitéis Náisiúnta in éadan na Bochtaine

- I gcomhairle leis na daoine agus na heagrais chuí, déanfar leasú ar an National Anti-Poverty Strategy (NAPS), déanfar athbhreithniú ar na modhanna oibre, déanfar athbhreithniú ar na spriocanna atá leagtha amach agus leasófar iad mar is gá, agus déanfar plé maidir le spriocanna nua i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le bochtaine leanaí, bochtaine ban, sláinte, daoine aosta agus tithíocht/lóistín. Tabharfar an próiseas sin chun críche taobh istigh de na chéad 18 mí den Chlár.
- Déanfar leasú ar an anailís NAPS le cúiseanna nua le bochtaine (e.g. ciníochas) a thabhairt san áireamh.
- Tiocfaidh an Plean Gníomhaíochta maidir le Fostaíocht, an Plean Forbartha Náisiúnta agus cáipéisí beartais eile leis na straitéisí a leanfar ag tabhairt faoin mbochtaine.
- Leanfar den airgeadú do na Anti Poverty Networks agus déanfar athbhreithniú maidir lena mhéid. Déanfar scrúdú sa Pháipéar Bán atá le foilsiú maidir leis an gCeangal idir an Earnáil Phobail agus Dheonach agus Earnáil an Stáit ar na slata tomhais maidir le hairgeadú agus an chaoi ina soláthrófar airgeadú maidir le riachtanais nua san áireamh.
- Déanfar plé ar bhearta le páirt na gcomhpháirtithe sóisialta sa NAPS a neartú.

Seachaint Bochtaine

- Déanfar athbhreithniú luath sa bhliain 2000 ar na socruithe píolótacha maidir le seachaint bochtaine in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta, agus leathnófar seachaint bochtaine de réir a chéile chuig an leibhéal áitiúil trí na hÚdaráis Áitiúla agus na Boird Sláinte.
- Déanfaidh cúig Údarás Áitiúil tástáil phíolótach ar aonaid uilechuimsitheacht shóisialta le linn an Chláir.

Forbairtí Eile

- Déanfar athbhreithniú ar na torthaí straitéiseacha maidir leis an gcreat uilechuimsitheachta agus cothroime d'fhonn ábhair eile ba cheart a tharraingt ann a aithint - e.g. mí-úsáid substaintí, foréigean in aghaidh ban agus féinmharú.
- Aimseofar deiseanna nua le baint a bheith ag pobail áitiúla le próiseas an daonlathais agus a bheith rannpháirteach ann. Cruthófar na deiseanna sin.
- Tacófar le moltaí Chomhairle Spóirt na hÉireann cláir áitiúla spóirt agus caitheamh aimsire a fhorbairt trí pháirtnéireachtaí áitiúla spóirt a bhunú, agus déanfar airgeadú lena n-aghaidh. Cothóidh na comhpháirtithe sin forbairt an spóirt agus an chaitheamh aimsire agus forbrófar comhordú agus treoir ceannasaíochta, i gceantair faoi mhíbhuntáiste go mór mhór. Rachaidh Comhairle Spóirt na hÉireann agus na moltaí seo á bhforbairt aige, i gcomhairle leis na Gníomhaireachtaí reachtúla agus na heagrais phobail agus deonacha cuí maidir leis na nithe ar gá tabhairt fúthu a aithint.

3.2 Dóthain Ioncaim

Aidhmeanna

- Dóthain ioncaim a sholáthar do gach duine gur féidir leo an saol a chaitheamh gan náire.
- A chinntiú go gcoinnítear an luach céanna dáiríre le híocaíochtaí Leasa Shóisialaigh agus go gcuirtear leo nuair is féidir sin lena chinntiú go roinntear toradh an fháis eacnamaíochta ar chách.
- Moltaí maidir le hindibhidiúlú na n-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a thabhairt chun cinn i gcomhthéacs leanacht ar aghaidh leis an gcómheasúnú maoine.
- Deireadh a chur leis na gaistí bochtaine, d'oibrithe ar phá íseal go háirithe, agus cur le hioncaim dáiríre na bhfostaithe.

Gníomhaíochtaí

1. Oibreofar i dtreo dóthain ioncaim trí:

- bhearta áirithe a fhorbrófar taobh istigh den Chreat seo;

- na socruithe maidir le pá a dhíríonn orthu siúd ar ioncam íseal;
- íosmhéid tuarastail náisiúnta reachtúil a thabhairt isteach; agus
- socruithe cánach de réir aidhmeanna an Chláir seo a mbeidh buntáiste acu siúd atá ar ioncaim incháínithe íseal astu.

2. I gcomhthéacs an ardaithe ar chaighdeáin mhaireachtála atá i gceist sa Chlár seo, déanfar dul chun cinn suntasach le linn an Chláir le sprioc £100 in aghaidh na seachtaine a bhaint amach do na rátaí leasa shóisialaigh is ísle. Déanfaidh an Grúpa Oibre (mar atá luaite thíos) atá á bhunú le scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna slata tomhais agus innéacsaithe scrúdú ar cheist bochtaine ioncaim choibhneasta freisin. Dá dtarlaíodh fás eacnamaíochta ar ráta is airde ná na rátaí a bhfuil súil leo agus an Clár seo á ríomh agus dá bhfágfadh sin breis acmhainní, bheadh tús áite ag rátaí níos airde a bhaint amach.

Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

3. De bharr na gceisteanna casta atá i gceist le slata tomhais a fhorbairt maidir le dóthain íocaíocht leasa shóisialaigh do dhaoine fásta agus do leanaí, a mbeadh i gceist de bharr cur chuige amháin i leith ardú leanúnach agus innéacsú ar íocaíochtaí san áireamh, táthar le Grúpa Oibre a bhunú faoi Chathaoirleach neamhspleách le scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna, an tionchar fadtéarmach ar an eacnamaíocht, buiséad, ranníocachtaí ÁSPC, dáileadh agus dreasachtaí san áireamh, i bhfianaise phátrúin eacnamaíochta, deiméagrafacha agus margadh oibre. Tabharfaidh an Grúpa Oibre tuairisc roimh Aibreán 2001.

4. Tiocfaidh ardú suntasach ar Sochar Linbh atá ina bheart tábhachtach le leibhéil bochtaine linbh a mhaolú agus le tacaíocht ioncaim i leith leanaí a chur ar fáil, le linn an Chláir agus díreofar go háirithe ar £100 in aghaidh na míosa i leith an tríú páiste agus aon pháiste ina dhiaidh sin.

5. Beidh Liúntais Leanaí Cleithiúnacha iníoctha le gach duine a fhaigheann leas shóisialaigh le linn an Chláir agus an leanbh faoi aois 22 agus ag tabhairt faoin oideachas go lánaimseartha.

6. Tiocfaidh ardú ar gach ráta leasa shóisialtaigh i dtéarmaí réadacha le linn an Chláir. Bainfidh ráta an ardaithe leis na hacmhainní a bheidh ar fáil agus tabharfar tús áite d'ardú rátaí má tharlaíonn go mbíonn breis acmhainní ar fáil de bharr fás eacnamaíochta ar ráta níos airde ná atá súil leis agus an Clár seo á ullmhú.

Córas Árachais Sóisialta

7. Bunófar Grúpaí Oibre:
- le moltaí a dhéanamh maidir le hindibhidiúlú riaracháin a chur i bhfeidhm taobh istigh den chóras Leasa Shóisialaigh, agus
- le moltaí a dhéanamh maidir le córas uilechuimsitheach árachais sóisialta a fhorbairt a ligfeadh do dhaoine dualgais oibre agus teaghlaigh a chomhlíonadh i gcomhthéacs athruithe ar phátrúin oibre agus sóisialta.

8. Aithnítear tábhacht an Chóras Árachais Shóisialta sa soláthar cosanta sóisialta go ginearálta. Déanfar scrúdú ar an gceist maidir le Bord Maoinithe Árachais Shóisialta a bhunú agus ionadaíocht air ag na comhpháirtithe sóisialta.

Lucht Cúraim

9. Cuirfear i bhfeidhm Sochar Cúraimeoirí nua bunaithe ar árachas sóisialta agus cosaint dá réir ar chearta fostaíochta mar a fógraíodh i mBuiséad 2000. Tá tacaíocht á tabhairt d'obair fhiúntach an Lucht Cúraim trí arduithe sna Deontais Sealchúraim, airgeadú breise ar an gCumann Cúraimeoirí agus ar na Boird Sláinte ar mhaithe leis an Lucht Cúraim.

Liúntas Breisitheach Leasa Shóisialaigh (LBLS)

10. Mar chuid den athbhreithniú atá le déanamh ar an gCóras LBLS, tabharfar amach foilseachán soléite ina leagfar amach treoirlínte CWO maidir le breithiúnas.

11. Cuirfear ceist na n-aisghlamthaí in íocaíochtaí breisitheacha leasa shóisialaigh (áit a gciallaíonn ardú in íocaíochtaí leasa shóisialaigh laghdú ar liúntais agus íocaíochtaí eile) san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar LBLS.

Eile

12. Déanfar leasú ar an reachtaíocht Leasa Shóisialaigh sa bhliain 2000 le ligean dóibh siúd a bheadh i dteideal níos mó ná cineál amháin íocaíocht dífhostaíochta an íocaíocht is mó buntáiste dóibh a roghnú iad féin.

3.3 Míbhuntáiste Uirbeach

Aidhmeanna

- Tabhairt faoin dlús dífhostaíochta, bochtaine agus eisiachas i bpobail uirbeacha.
- Feabhas a chur ar an saol ag daoine a bhfuil cónaí orthu i bpobail uirbeacha faoi mhíbhuntáiste trí chuidiú leo scileanna a fhoghlaim agus leas a bhaint as na tacaíochtaí is gá leis na deiseanna fostaíochta agus forbartha a thapú.
- Cumas agus tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla, go háirithe pobail a ngoilleann bochtaine agus eisiachas sóisialta orthu, in athnuachan a gcuid ceantar féin.
- Feabhas a chur ar infrastruchtúr fisiciúil agus sóisialta na gceantar uirbeach faoi mhíbhuntáiste trí chlár infheistíochta le spriocanna cinnte.

Gníomhaíochtaí

Forbairt Áitiúil

1. Bunófar clár iomlánaithe forbairt áitiúil ar ar foghlamaíodh ó Fo-Chlár 2 den Operational Programme for Local Urban and Rural Development 1994-1999. Tá airgeadú curtha ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta lena chinntiú go dtarlaíonn aistriú réidh ón Operational Programme for Local Urban and Rural Development go dtí na Cláir Réigiúnacha nua.

2. Tabharfar isteach tionsnamh URBAN II, a mbeidh airgeadú AE de 75m ag dul leis, agus a bhainfidh leas as sárchleachtas an tionscnamh URBAN atá ann faoi láthair.

3. Déanfar airgeadú ar na ceithre Socruithe Fostaíochta Limistéar Éireann le linn an Chláir. Tá na Comhaontuithe tugtha do ghríosadh thacaíocht na gcomhpháirtithe sóisialta le tabhairt faoi dhífhostaíocht ag leibhéal áitiúil.

Drugaí

4. Leanfar den airgeadú a dhéantar ar Thascfhórsaí Drugaí Áitiúla le tabhairt faoi thionscnaimh le troid in aghaidh mh-íúsáid drugaí ina gceantar féin. Chomh maith leis sin, cuirfear airgeadú ar fáil i leith ceantair uirbeacha taobh amuigh de cheantair na dTascfhórsaí Áitiúla ar léir fadhb drugaí a bheith ag teacht chun cinn iontu.

5. Cuirfear airgeadú ar fáil ón gCiste do Shaoráidí agus Seirbhísí don Óige le saoráidí a chur ar fáil agus seirbhísí tacaíochta leanúnacha do dhaoine óga a bhfuil an baol ann go dtosóidh siad ar mhí-úsáid a bhaint as drugaí.

6. Cuirfidh an Springboard Initiative, faoi scáth na Roinne Sláinte agus Leanaí, airgeadú ar fáil do thograí le tacú le teaghlaigh agus leanaí atá i mbaol, mura dtagann athrú air sin tar éis measúnú a dhéanamh ar an tréimhse píolótach den togra.

7. Déanfar athbhreithniú agus measúnú ar oibriú ginearálta na Straitéise Náisiúnta Drugaí le linn an Chláir. De réir mar a thagann méid ar an líon mí-úsáideoirí drugaí atá ag dul faoi chóireáil, tiocfaidh fás freisin ar an ngá atá le deiseanna oiliúna agus fostaíochta a chur ar fáil le cuidiú leo teacht uaidh go hiomlán. Cuirfear san áireamh tionscnaimh sa láthair oibre maidir le mí-úsáid drugaí i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Straitéis Náisiúnta

Drugaí.

8. Leanfaidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóiriú Dlí, i gcomhar leis an nGarda Síochána agus an tSeirbhís Promhaidh agus Leasa Shóisialaigh, ag forbairt cláir do dhaoine óga atá i mbaol coir a dhéanamh.

Próiseas Seirbhísí Iomlánaithe

9. Cuirfear a bhfuil foghlamtha ón bPróiseas Seirbhísí Iomlánaithe san áireamh agus beartais á bhforbairt agus bainfear leas as agus socruithe á ndéanamh maidir le soláthar seirbhísí do phobail i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Clár Fhorbairt Pobail

10. Cuirfear airgeadú breise ar fáil le cur leis an líon grúpaí atá páirteach sa Chlár Fhorbairt Pobail faoi scáth na Roinne Gnóthai Sóisialaigh, Pobail agus Teaghlaigh.

Scéimeanna Athnuachan Uirbeach agus Bailte

11. Leanfaidh an Scéim Athnuachan Uirbeach ag cur go straitéiseach le hathnuachan an infrastruchtúir i gceantair atá ainmnithe faoin scéim. Tá scéim nua d'athnuachan bailte á tabhairt isteach a spreagfaidh athnuachan ar bhailte beaga.

Iomlánú Córais Rialtais Áitiúil agus Forbartha Áitiúla

12. Tá creat leagtha amach ag Tuarascáil an Tascfhórsa maidir le hIomlánú ar Rialtas Áitiúil agus Forbairt Áitiúil do struchtúir níos iomláine. Tá Boird Forbartha Contae/Cathrach ag tabhairt faoi mhíbhuntáiste uirbeach faoi láthair trí straitéisí a leagan amach maidir le forbairt eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha ina gceantar féin.

Gníomhaireachtaí Stáit

13. Cuirfidh an tÚdarás Forbartha Tionscal agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile riachtanais na bpobal uirbeach faoi mhíbhuntáiste san áireamh agus iad ag féachaint lena n-aidhm ghinearálta maidir le forbairt réigiúnach chothrom a bhaint amach.

Eile

14. Cuideoidh straitéisí atá leagtha amach in áiteanna eile sa Chlár (straitéisí maidir le fostaíocht, tithíocht inacmhainne, cúram linbh agus dóthain ioncaim san áireamh) le tabhairt faoi mhíbhuntáiste uirbeach.

15. Beidh lorg i gcónaí ag prionsabail na comhpháirtithe agus bhaint na comhpháirtithe sóisialta, na nGníomhaireachtaí Stáit ar fad agus na bpobal áitiúil ar fhorbairt agus chur i bhfeidhm tionscnamh le tabhairt faoi mhíbhuntáiste uirbeach.

3.4 Bochtaine Tuaithe

Aidhmeanna

- Tabhairt faoi bhochtaine agus eisiachas sóisialta i gceantair thuaithe ar bhealach cuimsitheach, leanúnach.
- Forbairt eacnamaíochta agus sóisialta na bpobal tuaithe a chur chun cinn ionas gur féidir spriocanna ginearálta NAPS a bhaint amach i gceantair thuaithe.
- Cumas agus tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla, go háirithe pobail a ngoilleann bochtaine agus eisiachas sóisialta orthu, in athnuachan a gcuid ceantar féin.
- Leanacht ag feabhsú an infrastruchtúir fhisiciúil agus shóisialta i mbailte beaga agus i sráidbhailte de réir mar is acmhainn don Phlean Forbartha Náisiúnta.

Gníomhaíochtaí

Páipéar Bán maidir le Forbairt Tuaithe

1. Tugann an straitéis a leagtar amach sa Pháipéar Bán maidir le Forbairt Tuaithe an bunús ar a mbainfear amach na haidhmeanna thuasluaite.

Díonú Tuaithe agus Teacht ar Sheirbhísí

2. Tá nósanna imeachta maidir le díonú tuaithe i leith gach beartas náisiúnta curtha ar bun agus neartófar sin trí threoirlínte sonracha do Ranna Rialtais a eisiúint go luath i dtréimhse an Chláir. Nuair a chuirtear sin agus socruithe díonú beartas eile san áireamh (díonú bochtaine agus díonú cothroime go háirithe), beidh cúrsaí bochtaine tuaithe dá dtabhairt i lár an aonaigh ar bhealach follasach.

3. Cuirfear feabhas ar an teacht atá ar sheirbhísí poiblí tábhachtacha (oideachas, iompar agus cúram sláinte san áireamh).

Leasuithe Rialtais Áitiúil

4. Déanfaidh na straitéisí maidir le forbairt eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha atá á ndréachtadh ag na Boird Fhorbartha Contae/Cathrach creat le tabhairt faoi bhochtaine tuaithe ag leibhéal an chontae.

5. Beidh páirt an phobail i gCoistí Beartas Straitéiseach (CBS) de réir leasú an Rialtais Áitiúil, chomh maith le bunú an Fhóram Fhorbairt Tuaithe mar atá leagtha amach sa Pháipéar Bán maidir le Forbairt Tuaithe ar chuid de na bearta le rannpháirtíocht agus cumas na bpobal tuaithe a chur chun cinn.

Creat Forbartha Áitiúil

6. Bunófar clár iomlánaithe forbairt áitiúil ar ar foghlamaíodh ó Fo-Chlár 2 den Operational Programme for Local Urban and Rural Development 1994-1999. Tá airgeadú curtha ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta lena chinntiú go dtarlaíonn aistriú réidh ón Operational Programme for Local Urban and Rural Development go dtí na Cláir Réigiúnacha nua.

7. Tacóidh an Clár LEADER agus tionscnaimh fhorbartha áitiúla na gComhpháirtithe Ceantair tuaithe a bheith ag leanacht ar aghaidh le forbairt na heacnamaíochta faoin tuath. Cuirfear acmhainní ar fáil do bhearta áirithe, fiontar pobail, forbairt pobail, seirbhísí do dhaoine dífhostaithe agus méadú cumas pobail san áireamh, de réir an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Clár Fhorbairt Pobail

8. Coinneofar ag leathnú líon tograí an Chlár Fhorbairt Pobail i gceantair tuaithe.

Cúnamh Feirme

9. Soláthraítear tacaíocht ioncaim do theaghlaigh feirme ar ioncam íseal tríd an Scéim Cúnaimh Feirme agus í dírithe go mór mhór ar fheirmeoirí ar ioncam íseal a bhfuil clann orthu. Beidh buntáiste i gcónaí ag an scéim ó arduithe ginearálta ar rátaí leasa shóisialaigh. Cuirfear leis an scéim agus déanfar athbhreithniú maidir leis an gcaoi a n-oibríonn sí le linn an Chláir lena chinntiú go gcoinníonn sí ag comhlíonadh a cuid aidhmeanna.

Scéim Athnuachan Bailte

10. Cuirfidh an Scéim Athnuachan Bailte go straitéiseach le hathnuachan an infrastruchtúir i gceantair ainmnithe agus cothóidh sé athnuachan ar bhailte beaga.

Ginearálta

11. Beidh tionchar nach beag ag straitéisí atá á leanacht maidir le hábhair eile sa Chlár ar bhochtaine tuaithe, go háirithe i gcás fhorbairt tuaithe, foghlaim saoil, fostaíocht, cúram sláinte, tithíocht inacmhainne, fiontar, iompar agus oideachas.

3.5 Rialtas Aitiúil

Aidhmeanna

- Rannpháirtíocht pobal áitiúil sa phróiseas daonlathach agus an bhaint a bhíonn acu leis an bpróiseas sin a mhéadú trí athchóiriú leanúnach struchtúir agus próisis an Rialtais Áitiúil.
- Ról déanamh polasaithe ionadaithe áitiúla a chur chun cinn.
- Trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr maidir le seachadadh an Rialtais Áitiúil a chinntiú ag gach leibhéal.
- A chinntiú go dtógann lánpháirtiú an Rialtais Áitiúil agus struchtúir forbartha áitiúla ar luachanna an dá chóras.
- Deis a thabhairt do leasanna earnálacha áitiúla, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, a bheith rannpháirteach le hais ionadaithe tofa i bhforbairt polasaí dá n-Údarás Áitiúil trí Choiste Polasaithe Straitéiseacha.
- Leanacht ar aghaidh le clár athnuachana don Rialtas Áitiúil, leis an daonlathas áitiúil a láidriú agus díriú ar sheirbhís custaiméirí ar ardchaighdeán agus luach airgid.
- Ról an Rialtais Áitiúil san fhorbairt eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir áitiúil a chur chun cinn, go háirithe trí obair na mBord Forbartha Contae áitiúil nua.
- An Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine a ionchorparú i ngníomhaíochtaí, i bpolasaithe agus i dtionscnaimh an Rialtais Áitiúil.

Gníomhaíochtaí

1. Tabharfaidh Coistí Polasaithe Straitéiseacha nua an Rialtais Áitiúil deis do leasanna earnálacha áitiúla a bheith rannpháirteach le hais comhairleoirí tofa áitiúla i bhforbairt polasaithe.

2. Cuirfidh gach Bord Forbartha Contae/Cathrach Straitéis d'Fhorbairt Eacnamaíochta, Shóisialta agus Cultúir le chéile. Beidh na straitéisí sin, a bheidh i bhfeidhm faoi 2002, mar chreat don Údarás Áitiúil, d'fhorbairt áitiúil agus do ghníomhaíochtaí gníomhaireachtaí Stáit ag an leibhéal áitiúil.

3. Beidh fócas sonrach uilechuimsitheacht sóisialta ag na Boird Forbartha Contae/Cathrach ina gcuid straitéisí d'fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus cultúir maraon le fócas soiléir ar fhorbairt fhadtéarmach a gceantar.

4. Leanfaidh an Tascfhórsa um Lánpháirtiú an Rialtais Áitiúil agus Córas Forbartha Áitiúil ag déanamh monatóireachta ar phróiseas na mBord Forbartha Contae/Cathrach mar aon le spreag a chur faoi.

5. Tabharfaidh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh agus an Combat Poverty Agency an tionscnamh NAPS isteach le chéile sna hÚdaráis Áitiúla.

6. Leanfaidh Údaráis Áitiúla orthu ag leathnú a ról san uilechuimsitheacht shóisialta.

7. Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas athchóirithe Rialtais Áitiúil, ar bhonn polasaí, rannpháirtíocht ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta a bheith san áireamh ina meicníocht pléite trí Choistí Polasaithe Straitéiseacha agus trí Bhoird Forbartha Contae/Cathrach. Beidh sé mar aidhm ag an bpróiseas comhshocruithe comhchomhairle a fhorbairt idir na comhpháirtithe sóisialta agus na coistí monatóireachta a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bPleananna Ceantair Lánpháirtithe.

3.6 Infheistithe Spriocdhírithe sna Ceantair faoi Mhíbhuntáiste

Aidhmeanna

- Fócas polasaí lánpháirtithe sonrach a fhorbairt, thar na bearta Uilechuimsitheachta Sóisialta a haithníodh sa Phlean Forbartha Náisiúnta, dírithe ar na grúpaí sóisialta a bhí fágtha ar lár, go háirithe áit a bhfuil míbhuntáiste charnach sa treis.
- Aghaidh a thabhairt ach go háirithe ar chomhchruinnithe spáisiúla dífhostaíochta, bochtaine agus eiseachais ag leanacht critéir roghnaithe oibiachtúla sna 25 pobal tuaithe agus uirbeach is mó míbhuntáiste, lena n-áirítear eastáit tithíochta an Rialtais Áitiúil a bhfuil an gá is mó forbartha de dhíth

orthu.

- Costais shóisialta agus eacnamaíocha eiseachais shóisialta a chosc trí réimse de bhearta lánpháirtithe a fhorbairt sa tslí is go ndéantar forbairt ar infrastruchtúr fisiciúil, sóisialta, agus pobail ainmnithe d'fhonn a chur ar a gcumas leas a bhaint as an gcaipiteal agus an acmhainn shóisialta riachtanach d'fhorbairt eacnamaíochta agus pobail.

Gníomhaíochtaí

1. Bunófar Coiste Idir-Ranna chun réimse na mbearta uilechuimsitheachta reatha agus beartaithe sa Phlean Forbartha Náisiúnta a aithint agus a shoiléiriú ónar féidir bearta idirghabhála spriocdhírithe lánpháirtithe a fhorbairt.

2. Féachfaidh an Coiste, i ndiaidh mionchomhchomhairlí leis na comhpháirtithe sóisialta, agus iad ag cur a gcuid moltaí le chéile ar thaithí agus impleachtaí na nithe seo a leanas:

- an Creat Forbartha Áitiúil;
- an Próiseas Seirbhísí Lánpháirtithe agus An Próiseas Phlean Ceantair Lánpháirtithe;
- an Tionscnamh URBAN (go háirithe na sásraí comhchomhairle agus seachadta arna bhforbairt ag Údaráis Áitiúla chun an tionscnamh sinn a chur i bhfeidhm;
- na Socruithe Fostaíochta Limistéar
- an Straitéis Náisiúnta Drugaí (lena n-áirítear Ciste Shaoráidí agus Seirbhísí Daoine Óga);
- an Clár Fhorbairt Pobail;
- Tionscadal Seirbhísí Teaghlaigh
- Lánpháirtiú An Rialtais Áitiúil agus Córas Forbartha Áitiúla; agus
- amchláir comhchomhairle, pleanála agus tógála na dtionscnamh infrastruchtúrtha.

3. Cuirfidh an Coiste moltaí faoi bhráid an Rialtais faoi Nollaig 2000, a éascóidh liosta bearta tosaíochtaí is féidir a chur i bhfeidhm taobh istigh de fhráma ama trí bliana a ainmniú do na 25 ceantar.

4. Beidh sé de dhualgas ar an gCoiste gach bealach agus gníomhaíocht is féidir a chur amach chun tosaigh taobh istigh dá dtreorainneacha buiséid, ag an 25 ceantar ainmnithe, i ndiaidh a n-ainmnithe, a iniúchadh. Ní mór cúram cuí a dhéanamh de shásra seachadta pleanáilte agus reatha. Adhmhaítear go bhfuil méaduithe suntasacha cistíochta pleanáilte do bhearta uilechuimsitheachta sóisialta faoin PFN. Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas seo a chinntiú go mbeidh na cistí agus na gníomhaíochtaí comhordaithe agus spriocdhírithe ar na ceantair is mó gá.

3.7 Cóiríocht agus Tithíocht Inacmhainne agus Shóisialta

Aidhmeanna

- A chinntiú go mbeidh teacht ag gach líon tí ar thithíocht shlán, inacmhainne ar cháilíocht mhaith a oireann dá riachtanais.
- An soláthar tithíochta sóisialta (Earnáil an Rialtais Áitiúil agus an Earnáil Dheonach araon) agus tithíocht inacmhainne a mhéadú d'fhonn freastal ar éilimh atá ag méadú, de réir an spriocanna atá leagtha amach sa PFN.
- Bail fhisiciúil an stoc tithíochta sóisialta reatha a fheabhsú.

- Aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar fhadhb an easpa dídine.
- Freastal a dhéanamh ar riachtanais cóiríochta grúpaí sonracha eile i.e. An Lucht Siúil, daoine aosta, daoine faoi mhíchumais agus mná a fhulaingíonn foréigean sa bhaile.
- An earnáil chónaitheach chíosa phríobháideach a athchóiriú ag glacadh moltaí an Choimisiúin um an Earnáil Chónaitheach Chíosa Phríobháideach san áireamh.

Gníomhaíochtaí

Tithíocht Nua

1. Leathnófar clár tithíochta an Rialtais Áitiúil d'fhonn iomlán 22,000 tosú teach nua a sholáthar sna ceithre bliana 2000-2003.

2. Tá Aonad Tithíochta Deonaí bunaithe ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil chun gach gné den earnáil a fhorbairt. Beidh sásra de chomhchomhairle ghníomhach le soláthróirí tithíochta deonaí agus le leasanna ábhartha eile ag an Aonad. Leathnófar clár tithíochta deonaí d'fhonn iomlán 5,400 aonad nua a sholáthar sa tréimhse ceithre bliana 2000-2003.

3. Déanfaidh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil iniúchadh ar mhúnlaí nua tithíochta deonaí lena n-áirítear tithíocht fostóirí agus leathnú ar shainmhíniú na tithíochta deonaí.

4. Bainfear amach na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta le haghaidh tithíocht inacmhainne a sholáthar do cheannaitheoirí ar mheánioncam nó ar ioncam íseal faoi Scéim Tithíochta Inachmainne an Rialtais Áitiúil agus an Scéim Chomhúinéireachta. Tacófar le Rialtais Áitiúla maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha tithíochta inacmhainne agus sóisialta arna leagadh amach i gCuid V den Bhille Pleanála agus Forbartha nuair a dhéanfar an Bille sin a achtú.

5. Coinneofar feidhmiú na Scéimeanna Ceannaigh Tionóntaí agus Chomhúinéireachta faoi athbhreithniú ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

Earnáil Chíosa Phríobháidigh

6. Beidh tuarascáil an Choimisiúin um an Earnáil Chónaitheach Chíosa Phríobháidigh, tuarascáil a bhfuiltear ag súil léi sar i bhfad, mar bhonn d'athchóiriú na hearnála agus, go háirithe, d'aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna lena n-áirítear urrús tionachta rialachán agus feidhmithe cuí; cothromaíocht a bhaint amach idir cearta agus oibleagáidí na dtiarnaí talún agus na dtionóntaí; bearta chun infheistíocht sa chóiríocht cíosa a mhéadú mar aon le méadú ar sholáthar na cóiríochta sin agus deireadh a chur leis na srianta a bhaineann le forbairt na hearnála.

Easpa Dídine

7. Déanfar iniúchadh láithreach ar mholtaí na tuarascála atá le teacht ón bhFoireann Idir-Ranna um Easpa Dídine, tuarascáil a dhéileálfaidh le conas réimse seirbhísí cóiríochta agus seirbhísí eile arna soláthar ag gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha araon a bhunú, chun cúram leanúnach a chur ar fáil, ag féachaint do riachtanais éagsúla agus difriúla daoine gan dídean.

Bearta Feabhsaithe Tí

8. Tá méadú cistíochta á chur ar fáil chun forbairt níos mó a dhéanamh ar réimse na mbeart feabhsaithe tí spriocdhírithe. Áirítear sna bearta sin Scéimeanna Deontas do Dhaoine Míchumasaithe agus do Dheisithe Riachtanacha, an Tascfhórsa um Chúnamh Tithíochta Speisialta do Dhaoine Scothaosta, agus scéim na n-oibreacha feabhsaithe in áit thithíocht an Rialtais Áitiúil.

9. Leanfar ar aghaidh le feabhsuithe ar stoc tithíochta an Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear athbhorradh faoi Bhaile Munna agus coimpléacsanna árasán i lár na cathrach agus le cistíocht don Scéim Oibreacha Feabhais.

Cóiríocht Mac Léinn

10. Déanfaidh an Rialtas luacháil ar thionchar na ndreasachtaí a tugadh isteach sa Bhille Airgeadais 1999 faoi sholáthar cóiríochta do mhic léinn agus déanfaidh siad measúnú ar bhreis gníomhaíochta i bhfianaise thorthaí na luachála.

Cóiríocht don Lucht Siúil

11. Déanfar monatóireacht ar cláir Chóiríocht áitiúil don Lucht Siúil a nglacfar leo le linn shaolré an Chláir seo, lena n-áirítear an sprioc le haghaidh Chóiríocht shonrach don Lucht Siúil arna leagadh amach ag gach Rialtas Áitiúil agus déanfar measúnú ar na nósanna imeachta i bhfianaise a n-éifeachtachta chun freastal ar liosta feithimh an tsoláthair cóiríochta don Lucht Siúil.

Bainistiú Tithíochta/Eastáit

12. Coinneofar bearta chun bainistiú Eastáit Tithíochta/coimpléacsanna árasán an Rialtais Áitiúil a fheabhsú, lena n-áirítear rannpháirtíocht níos éifeachtaí ag tionóntaí agus ag áitritheoirí leis an hÚdaráis Áitiúla chuí faoi athbhreithniú ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil. Glacfar le cur chuige idir-ghníomhaireachtaí, ag tógáil ar thaithí an Phróisis Seirbhísí Lánpháirtithe, lena chinntiú go ndéanfar gnéithe forbartha pobail níos leithne a ionchorparú.

13. Déanfar iniúchadh ar fhorbairt chaighdeáin creidiúnaithe ghairmiúla do bhainistiú tithíochta.

Rialacháin Foirgníochta

14. Déanfaidh an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil leasú ar Chuid M de na Rialacháin Foirgníochta Náisiúta faoi lár 2000. Is é fócas an leasaithe ar na Rialacháin go mbeadh ar chumas daoine le míchumais cuairt a thabhairt ar thithe. Éileofar ar thithe a chaithfidh iarratas a dhéanamh ar chead pleanála déanamh de réir Cuid M arna leasú.

15. Is céim shuntasach a bheidh i sainordú tithe nua inchuarta an 1 Eanáir nó dá éis chun Tithíocht Inoiriúnaithe Saoil (LAH) a baint amach.

16. Coinnofar faoi athbhreithniú dul chun cinn i leith LAH iomlán ar fud an tí lena n-áirítear na leibhéil (an leibhéal) uachtaracha ag cur san áireamh an taithí maidir le feidhmiú na Rialachán Foirgníochta atá pleanáilte.

Fóram Tithíochta

17. Déanfaidh an Fóram Tithíochta, dá dtagraítear in mír 7 de Roinn 2.9 i gCreat II, mar chuid dá dtéarmaí tagartha, monatóireacht ar chur i bhfeidhm na mbeart tithíochta atá leagtha amach i gCreat II agus i gCreat III den Chlár seo.

Eile

18. Tabharfar aghaidh ar an ngá a bheidh le straitéisí a fhorbairt d'fhonn tacaíocht phobail áitiúil do sholáthar tithíochta agus cóiríochta le haghaidh grúpaí a ndéantar leathcheal orthu.

19. Cuirfear infrastruchtúr comhairle agus eolais tithíochta ar fáil.

3.8 Eacnamaíocht Shóisialta

Aidhmeanna

- Teacht chun cinn agus comhdhlúthú na heacnamaíochta a chur chun cinn.
- Cur chomh mór agus is féidir le hacmhainn na heacnamaíochta sóisialta chun fostaíocht inmharthana ar ardchaighdeán a chruthú, faoi réir srianta an mhargaidh saothair.
- Chun pobail tuaithe agus uirbeacha a athbhunú trí sheirbhísí áitiúla riachtanacha, deiseanna fostaíochta agus taithí oibre do dhaoine a bhí gearrtha amach as margadh na fostaíochta a sholáthar.

Gníomhaíochtaí

Clár Eacnamaíochta Sóisialta

1. Tabharfar iseach Clár Eacnamaíochta Sóisialta aonchuspóra bunaithe ar phrionsabail agus mholtaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar an Eacnamaíocht Shóisialta, bunaithe faoi Chomhpháirtíocht 2000, ar a bhfuil na Comhpháirtithe Sóisialta tiomanta.

2. Nuair a bheidh sé go hiomlán á oibriú soláthróidh an Clár Eacnamaíochta Sóisialta d'infheistíocht bhliantúil de £41 milliún. Cuirfear ar fáil acmhainní ó PFN chun ligean láithreach do thionsnaimh Eacnamaíochta Sóisialta. Déanfar é a mhaoiniú go páirteach tír athleithroinnt ar bhonn chéimneach ar chuid de mhaoiniú atá tiomanta faoi láthair don Scéim Fostaíochta Pobail (CE). Áirítear ann athleithroinnt rannpháirtithe agus foireann maoirseactha atá ag obair ar CE faoi láthair. Beidh maoiniú a thiocfaidh ó athleagan amach Chlár Fiontraíochta Pobail FÁS ar fáil. Coinneofar an maoiniú faoi athbhreithniú.

3. Soláthróidh an Clár seo réimse seirbhísí, spreagfaidh cineálacha nua seirbhíse agus soláthróidh sé fostaíocht go leanúnach idir soláthar seirbhísí statúideacha agus tráchtála.

4. Beidh an Clár dírithe go speisialta ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus ar phobail faoi mhíbhuntáiste.

5. Déanfar Creat Oibríochta don Chlár, arna fhorbairt ag an gCoiste Monatóireachta, a fheidhmiú ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil araon, ag glacadh san áireamh leasanna agus eagraíochtaí pobail i bpleanáil, i bhfeidhmiú agus i monatóireacht ag an leibhéal áitiúil.

6. Cuirfidh an Clár Eacnamaíochta Sóisialta maoiniú ar fáil do thrí chineál fiontar:

- Gnóthaí Pobail, a gheobhaidh maoiniú sa deireadh ó ioncam trádála amháin agus a mbeidh súil go rachaidh sé i dtreo inmharthanacht féinchothaitheach sa mheántéarma;
- Fiontair Eacnamaíochta Sóisialta Tearcéilimh, nuair nach mbíonn na hacmhainní leordhóthanacha ann chun íoc as an éileamh a bhíonn ar sheirbhísí agus earraí áirithe sa phobal de bharr míbhuntáiste nó easpa dlúis pobail; agus
- Fiontair bunaithe ar chonarthaí earnála poiblí sa chás go mbíonn caiteachas earnála poiblí i limistéir agus i bpobail faoi mhíbhuntáiste faoi fhochonarthaí chuig fiontair eacnamaíochta sóisialta áitiúla.

3.9 Ag Tacú le hObair Dheonach agus Rannpháirtíocht

Aidhmeanna

- Cur le cáilíocht na beatha do shaoránaigh agus don tsochaí shibhialta trí gach cineál deonachais agus rannpháirtíochta a chur chun cinn, a spreagadh agus a chothú.
- Rannpháirtíocht daoine ó ghrúpaí íseal-ioncaim agus daoine óga i bpróisis dhaonlathacha ionadaíocha a chur chun cinn.
- Cumas pobail atá faoi mhíbhuntáiste (cibé de chineál geógrafach nó earnálach) chun a gcuid comhleasanna a chur in iúl a chur chun cinn agus chun cuidiú lena rannpháirtíocht i ngníomhaíocht pobail i gcomhpháirteacht le húdaráis phoiblí.
- Sásraí oiliúna agus tacaíochta a fhorbairt le go bhféadfaidh daoine aonair, pobail agus eagraíochtaí ethos inmharthana bunaithe i ndeonachas a fhorbairt agus le go bhféadfaidh siad baint a bheith acu lena gcuid pobal agus leis an tsochaí tríd is tríd.
- Tacú leis an earnáil Phobail agus Dheonach agus eolas a bheith ar a gcuid tuairimí agus a gcuid taithí nuair a bheidh straitéisí a gceapadh agus á gcumadh chun tabhairt faoi mhíbhuntáiste, eisiachas agus an bhochtaineacht.

Gníomhaíochtaí

Páipéar Bán

1. Foilseofar Páipéar Bán faoin ngaol idir an Earnáil Phobal agus an Earnáil Dheonach agus an Earnáil Stáit in Aibreán 2000. Aithneoidh sé ról na hEarnála Pobail agus Deonaí i bhforbairt polasaí, i soláthar seirbhísí agus

gníomhaíochtaí forbartha agus soláthróidh sé níos mó cinnteachta maidir le maoiniú na hearnála deonaí agus pobail. Déanfar soláthar ann freisin do bhunú choiste monatóireachta/feidhmithe le hionadaíocht ón earnáil.

2. Déanfar an sásra institiúidiúil is bunús le gach foirm de rannpháirtíocht shibhialta a neartú agus a chothú go háirithe an chuid sin a dhírionn ar mhíbhuntáiste agus rannpháirtíocht lag.

3. Soláthrofar réimsí de a bheidh bunaithe san earnáil phobail agus dheonach chun obair dheonach agus rannpháirtíoch a chur chun cinn, a chothú agus a fhorbairt i gcomhthéacs an Pháipéir Bháin.

Bliain NA an Deonaí

4. Soláthróidh Bliain NA an deonaí fócas do ghníomhaíocht chun tacú le deonachas. Roimhe sin bunófar Coiste Náisiúnta Deonachais ar a mbeidh ionadaíocht ó na leasanna cuí agus a cheapfaidh straitéisí agus gníomhartha chun cuidiú agus tacú le deonachas.

Bunsraith d'Infheistiú i bPobail

5. Bainfidh gníomhartha nuálacha de chuid na hearnála príobháidí le gníomhartha "Gnó sa Phobal" de chuid Bhunsraith Infheistiú i bPobail agus as sin tiocfaidh breis infheistíochta ó ghnónna agus a gcuid fostaithe. Díreoidh sé sin acmhainní airgeadais agus acmhainní eile chuig tionscadail a bheith pobalbhunaithe agus cinn dheonacha i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

Ag Spreagadh Rannpháirtíocht Vótóirí i dToghcháin

6. Bunófar Tionscnamh Rannpháirtíochta Toghchánaíochta nua chun uas-rannpháirtiocht vótóirí i dtoghcháin a spreagadh lena n-áirítear clár oideachais vótóirí. Díreoidh an tionscnamh seo ach go háirithe ar phobail atá faoi mhíbhuntáiste agus ar dhaoine óga.

3.10 Cúram Sláinte

Aidhmeanna

- Chun cuidiú le staid sláinte an phobail teacht i dtír ar an leathnú mór ar acmhainní seirbhísí sláinte le roinnt blianta.
- Feabhas a chur ar an teacht ar sheirbhísí ardchaighdeáin sláinte chun uilechuimsitheacht agus tathú shóisialta a neartú agus chun mí-ionannas sláinte socheacnamaíochta a fhaire.
- Modúil cúram sláinte bunchúraim/cúram pobail a chur chun cinn.
- Sláinte ghinearáta agus folláine a chur chun cinn trí pholasaithe sláinte níos láidre, trí thaighde sláinte agus trí comhshaol tacúil a chruthú le béim faoi leith ar ghrúpaí i mbaol mar a léirítear i suirbhéanna modh saoil nó ainmnithe i NAPS.
- Cur le héifeachtacht na seirbhíse sláinte ag baint leasa as na harduithe sách mór atá pleanáilte i sláinte thar thréimhse an Chláir seo.

Gníomhaíochtaí

Straitéisí Sláinte a Chur i bhFeidhm

1. Déanfar dul chun cinn mór maidir le feidhmiú na straitéisí atá leagtha amach sa Stráitéis Náisiúnta Sláinte - Shaping a Healthier Future. Tabharfaidh sé san áireamh réimse straitéisí agus polasaithe (lena n-áirítear Straitéis Chur chun Cinn Sláinte, Plean do Shláinte na mBan, Stráitéis Náisiúnta Ailse, Straitéis Cairdiashoithíoch Náisiúnta, Athbhreithniú ar Scéim Cúraim Máithreachais agus Leanaí agus an Straitéis Leanaí atá fós le teacht).

2. Beidh tionchar nach beag freisin ag straitéis atáthar a leanúint in áiteanna eile sa Chlár seo (lena n-áirítear na cinn a bhaineann le neamhdhóthaineacht ioncaim agus bearta comhionannais) ar thorthaí i gcúrsaí sláinte.

Infrastruchtúr Sláinte

3. As an Straitéis Caipitil Sláinte atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta beidh infheistíocht mhór caipitil in infrastruchtúr sláinte le soláthar ar bhonn pleanáilte. Soláthróidh an PFN cumas mór tábhachtach sna seirbhísí sláinte maidir le soláthar saoráidí céim anuas, athshlánú, leapacha téarnaimh agus bearta bainteacha eile. Pleanálfar Aonaid Altrachta Pobail do dhaoine scothaosta chun níos mó lánpháirtithe de sheirbhísí ospidéil a chinntiú.

Athbhreithniú ar Acmhainn Leapacha

4. Déanfaidh an Roinn Sláinte agus Leanaí i gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta an cheist iomlán faoi acmhainn leapacha i suímh ghéarchúraim agus neamhghéarchúraim a fhéachaint láithreach le tagairt faoi leith do na treochtaí maidir leis an éileamh ar sheirbhísí sláinte le deich mbliana anuas. Is éard a bheidh i gcomhchodanna lánpháirtiúla in athbhreithniú na hacmhainne seo ná scrúdú ar:

- an obair a dhéantar in ospidéil féachaint le leordhóthaineacht saoráidí cúram lae a mheas agus féachaint cé chomh cuí is atá siad ag féachaint don ardú 9-10% sa ghníomhaíocht lae le blianta beaga; agus
- eagrú agus oibriú saoráidí obrádlanna féachaint an bhféadfaí cur le héifeachtacht sa réimse sin.

Cur chun Cinn Sláinte

5. Tá dréachtú Straitéis Chur cinn Sláinte 2000-2005 go maith chun cinn. Déanfar tuilleadh forbartha ar chur chun cinn sláinte agus gníomhaíochta oideachais i gcomhpháirtíocht leis an bpobal agus beidh sé dírithe ar réimsí faoi leith fearacht chaitheamh tobac, ithe folláin, agus athruithe i stíl saoil. Leanfaidh gach Bord Sláinte ag leagan amach maoiniú go sonrach do chur chun cinn sláinte agus do bhearta a dhéanfar a sheachadadh ag an ionad oibre. Déanfar forbairt ar chláir chun cinn sláinte agus ar chláir scríneála sláinte fianaise- bhunaithe i gcomhar leis na páirtnéiri sóisialta. Áirítear sa straitéis nua réimse gníomh sonrach dírithe ar ghrúpaí agus ar phobail i mbaol le fócas ar chur chuige fhorbairt phobail ó thaobh sláinte agus ábhar chur chun chinn a bhíonn tuisceanach maidir le litearthacht.

Cártaí Leighis

6. Tá PríomhOifigigh na mBord Sláinte ag iniúchadh fheidhmiú scéim na gcártaí leighis agus beidh siad i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta faoi dheireadh 3000. Leagfar béim faoi leith ar riachtanas teaghlach a bhfuil leanaí acu agus ar dheireadh a chur le haimhrialtachtaí agus constaicí in aghaidh leas a bhaint as seirbhísí lena n-áirítear easpa eolais.

Seirbhísí Drugaí

7. Déanfar leathnú ar sheirbhísí cóireála agus athshlánaithe d'andúiligh drugaí. Déanfar struchtúir agus córais eolais an Bhoird sa réimse sin a neartú.

Meabhairshláinte

8. Déanfar reachtaíocht a achtú chun na dlíte ar mheabhair shláinte a leasú chun caighdeáin níos airde a chur chun cinn agus a chothú agus cleachtais níos nua-aimseartha i seachadadh seirbhísí meabhairshláinte lena n-áirítear seirbhísí pobail a chur chun cinn. Tacóidh an Roinn Sláinte agus Leanaí le tionscnaimh chun seirbhísí neamhspleácha dlí a sholáthar do dhaoine a dhéantar a choiméad go neamhdheonach faoi fhorálacha an Bhille Meabhairshláinte nua.

Sláinte na mBan

9. Tá Comhairle Sláinte na mBan curtha ar bhonn riaracháin ceart. Tá stiúrthóir agus foireann taca ceaptha le hacmhainní airgeadais leordhóthaineacha. Tá an Chomhairle sa chaoi anois le go bhféadfaidh sí a Plean Straitéiseach a thabhairt i bhfeidhm, plean a bhfuil sé mar thosaíocht aige monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú Phlean do Shláinte na mBan.

10. Déanfar an Plean do Shláinte na mBan a luacháil chun súil a choinneáil ar a fheidhmiú. Bainfidh gníomhartha agus spriocanna sonracha lena luacháil agus lena fheidhmiú maidir le mná a fhulaingíonn míbhuntáiste.

Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

11. Déanfaidh an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Leasa Shóisialaigh agus Gnóthaí Teaghlaigh agus an Roinn Airgeadais grúpa oibre a bhunú agus beidh siad páirteach ann agus rachaidh siad i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Sóisialta chun féachaint an bhféadfaí Íocaíoch Míchumais Costais a thabhairt isteach.

12. Leathnófar agus forbrófar tuilleadh seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil, intleachtúil nó céadfaíoch ag féachaint do Thuairisc an Choimisiúin um Stádas Daoine faoi Mhíchumas agus do mheasúnachtaí riachtanas arna ndéanamh ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Maidir le daoine faoi mhíchumas intleachtúil agus autachas tá gá fós le seirbhísí aíochta, cúram lae agus sealchúraim. Tá an Roinn Sláinte agus Leanaí tiomanta ar an scuaine feithimh sin a ghlanadh sna trí bliana atá le teacht.

13. Beidh an maoiniú caipitil d'fhorbairt sna réimsí sin bunaithe ar an maoiniú sa Phlean Forbartha Náisiúnta lena n-áirítear soláthar saoráidí cúram cónaitheacha, sealchúram agus cúram lae substaintiúla. I gcomhthéacs bunachar sonraí náisiúnta a fhorbairt maidir le seirbhísí míchumais fhisiciúla agus chéadfaíocha déanfar iniúchadh ar riachtanais an ghrúpa sin.

14. Tá an Rialtas tiomanta ar réimse sheirbhísí lena n-áirítear tacaíochtaí baile a sholáthar chun a chur ar chumas daoine faoi mhíchumas maireachtáil i measc an phobail leis an méid neamhspleáchais agus is féidir. Cinnteoidh an Roinn Sláinte agus Leanaí agus seirbhísí á bhforbairt chun an tuarascáil Towards an Independent Future á fheidhmiú go dtabharfar tús áite do shealchúram lae agus do thacaíochtaí baile ar a mbeidh cúnamh baile, cúntóirí cúram baile agus cúntóirí pearsanta.

15. Neartófar seirbhísí cosanta leanaí lena n-áirítear oiliúint agus pearsanra a sholáthar bunaithe ar na Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí - Children First. Nuair a bheidh an Straitéis Náisiúnta Leanaí i bhfeidhm, beidh sí mar bhunsraith do chosaint leanaí agus do sheirbhísí leanaí go ginearálta.

Sláinte Lucht Siúil

16. Tá Coiste Comhairleach Sláinte Lucht Siúil faoi láthair ag dréachtadh straitéis sláinte lucht siúil a fhoilseoidh an tAire Sláinte agus Leanaí go luath sa Chlár. Beidh soláthar sa pholasaí do:

- cheapachán duine cuí i ngach Bord Sláinte chun tionscnamh maidir le sláinte Lucht Siúil a chomhordú sa chás nach a bhfuil a leithéid de dhuine ann cheana féin; agus
- tuarascálacha rialta ó Aonaid Sláinte Lucht Siúil sna Boird Sláinte chuig Coiste Comhairleach Sláinte Lucht Siúil sa Roinn Sláinte agus Leanaí lena n-áirítear sonraí maidir le caitheamh maoinithe leithroinnt chun na Boird do shláinte lucht siúil.

Cosc ar Fhéinmharú

17. Déanfar forbairt ar chláir do chosc ar fhéinmharú i ngach limistéar Bord Sláinte ag teacht le moltaí an Tascfhórsa ar Fhéinmharú. Tabharfar aghaidh ar an mbuairt faoi leith maidir le féinmharú agus daoine óga. Déanfar gach moladh de chuid an Tascfhórsa ar Fhéinmharú a fheidhmiú le linn thréimhse an Chláir seo.

Seirbhísí Sláinte Pobail

18. Laistigh de théarma PFN déanfar clár athchóirithe agus uasghrádú ar ionaid sláinte pobail a chur i gcrích le linn thréimhse an Chláir. I gcomhthéacs bhreithniú agus phleanáil na mBord Sláinte ar ionaid nua sláinte tá sé i gceist ag an Roinn Sláinte agus Leanaí a mholadh do na Boird Sláinte go mbeadh ionaid den sórt sin, nuair is cuí, ilfheidhmitheacha agus iad ag soláthar réimse cuimsitheach seirbhísí do ghrúpaí cúraim éagsúla.

19. Déanfar ar a laghadh ceithre scéim phiolóta de mhodúil seirbhísí bunchúraim a thriail a fhéachfaidh ar bhealaí éagsúla chun dul i dtreo bunchúram 24 uair a chloig seacht lá na seachtaine. Déanfar na piolótaí sin a mhonatóireacht agus a luacháil i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus tabharfar tuairisc orthu le linn an Chláir seo. Tá sé dírithe ar fhorbairt bhreise ar sheirbhís sláinte bunaithe sa phobal a bheadh freagrach le linn uaireanta a chloig tar éis ama, agus ceann de na haidhmeanna a bheadh leis ná an líon daoine a chaitear a thabhairt isteach in ospidéil géarchúraim a laghdú agus seirbhís chuí a sholáthar chun freastal ar a gcuid riachtanas.

20. Bunófar fóraim chomhairleacha ag leibhéil réigiúnach in áiteanna tuaithe, coinneofar leis na geallúintí a tugadh sa Pháipéar Bán ar Fhorbairt Tuaithe. Áireofar sna hionaid sláinte a sholáthrófar faoin PFN saoráidí do thacaíocht theicneolaíocht eolais agus tacaíocht oiliúna do lucht gairme sláinte i limistéir thuaithe.

21. Agus aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le rochtain ar chúram sláinte i limistéir thuaithe coinneofar leis an tiomantacht atá sa Pháipéar Bán ar Fhorbairt Tuaithe. Áirítear sna Ionaid Sláinte Áitiúla a chuirfear ar fáil faoin PFN saoráidí do thacaithe theicneolaíocht an eolais agus taca oiliúna do lucht gairme sláinte i limistéir thuaithe.

Riachtanais Scileanna Seirbhíse Sláinte

22. Bunófar Grúpa Scileanna Seirbhísí Sláinte lena mbainfidh na comhpháirtithe sóisialta, na Ranna Rialtais cuí agus gníomhaireachtaí agus forais tríú leibhéal le Grúpa Stiúrtha ionadaíoch. Is é an ról a bheidh ag na ngrúpa sin:

- na scileanna a theastaíonn ó earnálacha éagsúla sa tseirbhís sláinte a aithint ar bhealach córasúil lena n-áirítear pearsanra obrádlanna, agus comhairle a thabhairt faoin ngníomh is gá chun freastal ar na riachtanais sin;
- teicníochtaí measúnaíochtaí a fhorbairt chun teacht roimh riachtanais amach anseo agus roimh na riachtanais acmhainní a bhainfidh leo;
- comhairle a thabhairt ar an oideachas agus ar an oiliúint is gá chun freastal ar riachtanas scileanna na hearnála;
- comhairle a thabhairt faoi mbealach le tuiscint a méadú i measc lucht lorgtha post agus lucht fágála scoile faoi na deiseanna i bhfostaíocht oilte san earnáil sláinte; agus
- i gcomhthéacs na seirbhísí pobalbhunaithe atá ag teacht chun cinn ról agus scileanna oibrithe cúraim a iniúchadh.

Leas Oibrithe Seirbhíse Sláinte

23. Tabharfaidh an Roinn Sláinte agus Leanaí isteach scéim leas phiolótach d'oibithe seirbhíse sláinte tar éis díospóireachta agus aontú le fostóirí oibrithe sláinte agus ceardchumainn.

24. Déanfaidh an Roinn Sláinte agus Leanaí athbhreithniú ar shocruithe slándála in aonaid Taismí agus Éigeandála in Ospidéil i gcomhar le bainistíocht ospidéal agus ceardchumainn. Cuirfear ar fáil breis ioncaim chun torthaí an athbhreithnithe sin a chur i bhfeidhm.

Taighde Sláinte

25. Cuirfear acmhainní ar fáil do thaighde sláinte mar chuid de chur chuige cuimsitheach chun pleanáil leordhóthaineach mheántéarmach agus fhadtéarmach a chinntiú maidir le soláthar sláinte. Déanfar córas sonraí a oiriúnú chun rochtain sláinte agus torthaí trasna spriocghrúpaí NAPS a scaipeadh . Déanfar na sonraí sin a mhonatóireach agus a thuairisciú ar leibhéal náisiúnta.

26. Bunófar Grúpa Oibre i 2000 chun an scóp d'fhorbairt chreatlach NAPS laistigh d'earnáil na sláinte a aithint.

Eile

27. Cuirfear ar fáil tuarascálacha dul chun cinn ar fheidhmiú mholtaí an Choimisiúin ar Altrachas tríd na sásraí monatóireachta arna mbunú faoin gClár seo.

3.11 Daoine scothaosta

Aidhmeanna

- Ba cheart go mbeadh ioncam leordhóthaineach ag gach duine scortha le go bhféadfaidís maireachtáil le dínit agus leas a bhaint as buntáistí an fháis eacnamaíoch.

Gníomhaíochtaí

1. Le linn thréimhse an Chláir seo, feabhsófar leibhéil an Phinsin Seanaoise ag teacht le tiomantachtaí a tugadh in Athbhreithniú ar Chlár Gnímh an Rialtais don Mhílaois.

2. Déanfar indibhidiúlú riaracháin íocaíocht seanphinsin a scrúdú ag Grúpa Oibre a fhéachfaidh an bhféadfaí indibhidiúlú riaracháin laistigh den Chóras Leasa Shóisialaigh a dhéanamh.

3. Sa chás go mbíonn na coinníollacha rannícoca comhlíonta acu beidh buntáiste ag daoine a bheidh ag tabhairt aire do dhaoine scothaosta ón Sochar Cúramóirí atá bunaithe ar árachas sóisialta nua mar a fógraíodh i mBuiséad 2000.

4. Is athbhreithniú cuimsitheach ar seirbhísí cúnta baile Tuarascáil Chomhairle Náisiúnta ar Dhul an Aois agus Daoine Scothaosta, The Future Organisation of Home Help Services. Tá an tuarascáil sin á cur i bhfeidhm agus déanfar a feidhmiú a fhaire agus a thuairisciú le linn an Chláir.

5. Tá Coiste Comhairleach bunaithe ag an Údarás Comhionannais chun déileáil le cearta daoine scothaosta. Féachfaidh na comhpháirtithe sóisialta moltaí a thiocfaidh ón Údarás Comhionannais maidir le daoine scothaosta féachaint cén chaoi lena gcur chun cinn.

6. Ag teacht leis an ngeallúint i gComhpháirtíocht 2000, leanfaidh an Rialtas ag breithniú liúntas cánach agus teorantaí díolúintí do dhaoine os cionn 65 d'fhonn chun cuidiú le staid daoine scothaosta.

3.12 Comhionannas

Aidhmeanna

- Sochaí chothrom agus uilechuimsitheacht a chruthú trí chreatlach straitéiseach a bhunú do ghníomh ar chomhionannas de réir Cháipéis Straitéiseach NESC.
- Infrastruchtúr comhionannais éifeachtach a fhorbairt a thacóidh le haidhmeanna comhionannais a bhaint amach sna naoi gcatagóir atá clúdaithe ag reachtaíocht comhionannais.
- A chinntiú go bhfuil an infrastruchtúr institiúideach bunaithe agus go bhfuil deis acu ról a bheith acu chun deireadh a chur le hidirdhealú agus chun comhionannas a chur chun cinn.
- Comhshocruithe a fhorbairt lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin chun ceisteanna comhionannais a chur os comhair an phobail.
- Réimse tacaíochta a chur ar fáil do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus faoi easpa comhionannais.

Gníomhaíochtaí

Siúd is go soláthróidh an Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí tacaíocht agus comhairle ar chomhionannas, beidh ról lárnach ag gach Roinn agus gníomhaireacht maidir le tacú le comhionannas deiseanna agus le hathruithe dearcaí a éascú.

Creat Reachtúil

1. Tá creat reachtúil leagtha amach a chuirfidh dlús le gníomhaíocht agus le polasaí sa réimse Comhionannais a chlúdaíonn na catagóirí seo a leanas: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creidimh, aois, míchumas, cine agus daoine den lucht siúil. Cuirfidh forálacha an Bhille um Stádas Comhionananis leis an gcreat seo nuair a achtófar é.

Tacaíocht Institiúide

2. Bunaíodh roinnt institiúidí nua, lena n-airítear an tÚdarás Comhionannais, Oifig Stiúrthóir Fiosrúchán Comhionannais agus an tÚdarás Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumais agus a bhfuil sé de dhualgas orthu cabhrú le réimsí Comhionannais. Caithfidh an Coiste Náisiúnta ar Chiníochas agus Eadarchultúrais cuidiú chomh maith.

3. Tá dlúthcheangal ag na straitéisí atá leagtha amach in áiteanna eile sa Chlár seo, go háirithe na cinn a bhaineann le cúram leanaí agus cúram sláinte le ceisteanna Comhionannais agus tabharfar fúthu seo ar

bhealach lánpháirtiúil.

Profáil Comhionannais

4. Tabharfaidh Tuairisc Chomhpháirtíocht 2000 ar Phrofáil Chomhionannais treoir maidir le forbairt phrofáil Chomhionannais. Tosófar ar an gcéad chéim den phrofáil le linn 2000 agus beidh eilimintí lárnach na céime sin ag freagairt do mholtaí atá sa tuairisc. Éascófar rannpháirtíocht na ngrúpaí atá ainmnithe san Acht Comhionannais agus Fostaíochta, 1998 maidir le próiseas an Phrofáil Comhionannais.

5. Beidh tionchar suntasach freisin ag an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine ar chúrsaí a bhaineann le Comhionannas, ina ndéanfar tagairt ar leith do phrofáil Comhionannais a lánpháirtiú le córais phrofalá eile.

Monatóireacht

6. Ó thaobh an chomhionannais de, is príomhriachtanas a bheidh ann monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí. Tá sásraí monatóireachta lena n-áirítear roinnt coistí cuí agus socruithe institiúide curtha i bhfeidhim chun déileáil leis an gceist sin.

Comhionannas ag Leibhéal Fiontair

7. Leagann an creat idir IBEC, ICTU agus Fostóirí Seirbhíse Poiblí mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn III de Chreat I béim ar an tábhacht atá le deiseanna Comhionannais a fhorbairt ag leibhéal fiontair.

Coistí Comhairleoirechta

8. Ta Coistí Comhairleoireachta bunaithe ag an Údarás Comhionannais chun déileáil le cearta dhaoine atá níos sine agus ceisteanna comhionannais maidir le claonadh gnéis. Tógfaidh comhpháirtithe sóisialta na moltaí a thagann ón Údarás Comhionannais maidir leis na Coistí seo san áireamh nuair a bheifear ag teacht ar bhealach chun iad a thabhairt chun cinn.

Comhionannas Inscne

Comhionannas Inscne a chur sa Phríomhshruth

9. I bhfianaise na moltaí i dTeoirlínte Phrofáil Inscne atá leagtha amach i dTuairisc Chomhpháirtíocht 2000 agus tiomantais an Phlean Náisiúnta Forbartha, cuirfidh an Rialtas ceisteanna a bhaineann le comhionannas inscne sa phríomhshruth i ngach Clár Oibríochta sa Phlean Forbartha Náisiúnta. San áireamh beidh measúnú tionchar inscne agus forbairt treoracha chun deiseanna comhionannais a chur cinn i measc fear agus ban maidir le gach Clár Oibríochta agus bearta, lena n-áirítear uilechuimsitheacht sainordaitheach deiseanna comhionannais i measc critéir roghnaithe tionscadal do gach beart.

10. Oibreoidh an tÚdarás Comhionannais le gníomhaireachtaí Stáit chun comhionannas inscne a chur chun cinn.

11. Déanfar athbhreithniú ar na strúchtúir ar an iomlán atá ann chun monatóireacht a dhéanamh ar na tiomantais faoi Beijing Platform for Action, CEDAW, agus mholtaí an Dara Coimisiún ar Stádas na mBan agus ar na struchtúir atá ann chun iad a chur i bhfeidhim.

Sonraí Neamhchomhlánaithe

12. Déanfaidh straitéis comhordaithe lena n-áirítear na Ranna Rialtais cuí, an tÚdarás Comhionannais agus an Lár-Oifig Staidrimh forbairt ar chóras chun sonraí neamhchomhlánaithe a bhailiú faoi mhná agus maidir le sláinte oideachas agus traenáil, don lucht siúil.

Difearálacha Pá

13. Déanfaidh grúpa comhairleach faoi chaothaoirleacht na Roinn Dlí, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí agus lena n-áirítear an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus beidh ar comhpháirtithe sóisialta:

- maoirsiú ar leagan deireanach Thuairisc an ESRI ar Thuarastal Fear/Ban ar tugadh faoi tar éis tiomantais

i gComhpháirtiocht 2000;

- moltaí lena n-áirítear an cás atá déanta chun anailís earnála a dhéanamh sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha a bhreathnú; agus
- moltaí do ghníomhaíocht/gníomhaíochtaí chun tabhairt faoi cheisteanna atá aitheanta sa tuairisc ar cheart don Rialtas breathnú orthu a fhorbairt.

14. Bearta a aimsiú chun deileáil le deighilt inscne sa mhargadh fostaíochta. Déanfar é seo faoi Ghíomhaíochtaí Dearfacha Comhionannais an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Baint Ban le Cinnithe

15. Le linn an Chláir seo agus i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, scrúdóidh an Roinn Dlí, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí an líon íseal ban a bhíonn páirteach ag leibhéal ghlacadh cinnithe. Bainfear leas as an obair atá á dhéanamh faoin bpróiseas SMI chun cur le stádas na mban atá i ról bainistíochta sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

Ag Déileáil le Foréigean in aghaidh na mBan

16. Cinnteoidh obair an Choiste Stiúrtha d'Fhoréigean in aghaidh na mBan agus na coistí Réigiúnacha atá bunaithe go gcuirfear i bhfeidhim bearta chun tacaíocht a thabhairt do mhná a d'fhulaing foréigean agus oibreoidh siad ar phróiseas chun deireadh a chur le gach cineál foréigin ina aghaidh ban. Go sainiúil, dá bharr seo beidh cisteoireacht níos fearr ar fáil chun serbhísí a chur ar fáil do dhaoine a d'fhulaing, chun dídean éigeadála agus cláracha oideachais a chur ar fáil, chun taighde a dhéanamh agus chun tabhairt faoi Fheachtas Aire an Phobail, chun Líne-Cabhrach Náisiúnta agus chun cláir lucht foréigin a bhunú. Leagfar amach critéir shoiléire maidir le roinnt an chiste i gcomhar Choiste Stiúrtha d'Fhoréigean in aghaidh na mBan. Cuirfidh an Roinn Dlí, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí agus an Roinn Sláinte agus Leanaí na bearta seo chun cinn.

17. Déanfar athbhreithniú ar na strúchtúir atá ann chun montatóireacht a dhéanamh ar na moltaí atá sa Tuairisc an Tascfhórsa ar Fhoréigean in aghaidh na mBan agus ar na struchtúir atá ann chun iad a chur i bhfeidhm roimh dheireadh 2001.

Míchumas

Athchóiriú Reachtúil

18. Réiteofar agus foilseofar Bille do Dhaoine faoi Mhíchumais le linn thréimhse an Chláir seo. Cuirfidh sé bunús reachtúil ar fáil chun dlús a chur le rannpháirtíocht dhaoine faoi míchumais sa tsochaí agus rachfar i mbun comhairleoireachta leis na comhpháirtithe sóisialta.

Rochtain na Seirbhísí Poiblí

19. Cinnteoidh gach Roinn Rialtais go dtógfar céimeanna chun go mbeidh daoine faoi míchumais ábalta teacht ar a gcuid seirbhísí agus ar sheirbhísí ghníomhairí na seirbhísí sin. Chun gníomhaíocht éifeachtach agus caighdeáin inghlactha maidir leis seo a éascú, eiseoidh Údarás Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumais treoirlínte de réir chleachtais idirnáisiúnta agus bronnfaidh siad siombal rochtana ar oifigí poiblí a chloífidh leo. Déanfaidh Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí gach ar féidir leo chun cáiliú laistigh de chúig bhliana.

20. Cuirfear na hachmhainní oiriúnacha ar fáil don Údarás Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumais agus don Roinn Dlí, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo an tiomantas seo a bhaint amach.

Riachtanais Staitisticí

21. Cuirfidh an Roinn Dlí, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí socruithe i bhfeidhm chun príomhriachtanais staitisticí maidir le daoine faoi mhíchumais a aithint agus a athbhreithniú nó catagóirí daoine faoi mhíchumais chun eolas a chur ar fáil faoi pholasaí, pleanáil agus seachadadh seirbhísí.

Athrú chuig Struchtúir Nua

22. Tar éis na struchtúir atá leagtha amach i dTuairisc Ghrúpa Bunaithe an Údaráis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumais agus Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine faoi Míchumais a bheith curtha i bhfeidhm, glactar leis gur idirbhliain í an bhliain 2000. Cinnteoidh na Boird Sláinte agus eagraíochtaí cuí eile go mbeidh pleananna láidre oiliúna, oibre agus fostaíochta ann do dhaoine faoi mhíchumais réidh le cur i bhfeidhm le linn an tréimhse 2001-2003. Beidh bealaí tionscantacha soiléire do dhaoine faoi mhíchumas ó obair fhothainithe, ó obair faoi thacaíocht, agus ó fhostaíocht fhothainithe chuig roghanna fostaíochta sa mhargadh saothair oscailte ag baint le comhshocruithe nua fostaíochta agus oiliúna.

23. Le linn na hidirbhliana 2000:

- díreoidh an Roinn Sláinte agus Leanaí ar fhorbairt dhoiciméad oiliúna cuí h do dhaoine atá faoi mhíchumais, i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta agus le daoine atá faoi mhíchumais, agus ag glacadh le moltaí cuí Thuairisc NACTE agus Chód Chleachtais do Cheardlanna Fothainithe;
- sa chomthéacs seo rachaidh an Grúpa Oibre ar Chód Chleachtais do Cheardlanna Fothainithe i mbun oibre láithreach. Pléifidh an cód le coinníollacha agus le caidreamh oibre agus go sainiúil le stádas conarthach agus le luach saothair; agus
- déanfaidh an Roinn Sláinte agus Leanaí athbhreithniú ar mhaoiniú do cheardlanna fothainithe agus tuairisceofar ar ais i bhFómhar 2000.

Oiliúint Gairme

24. Déanfaidh FÁS athbhreithniú ar chláracha oiliúna gairme atá ann faoi láthair do dhaoine atá faoi mhíchuamais agus é ar intinn acu teacht ar chur chuige atá níos lánpháirtiúil agus níos mó sa phríomhshruth. Cuirfear níos mó béime ar dhaoine atá faoi mhíchumais agus atá faoi oiliúint gairme leanúint ar aghaidh chun fostaíocht a fháil.

25. Déanfaidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus FÁS athbhreithniú ar an mheicníocht maoinithe atá ann faoi láthair d'oiliúnt do dhaoine atá faoi mhíchumais agus beidh sé mar chuspóir acu an córas a chur sa phríomhshruth agus cur chuige leanúnach a bhaint amach le rannpháirtithe eile ar chúrsaí FÁS.

26. Leanfaidh FÁS orthu ag feabhsú bealaí rochtana ar a n-áitribh do dhaoine atá faoi mhíchumais agus cuirfidh siad áiseanna teicniúla ar fáil nuair is gá chun oiliúint gairme, comhairleoireacht agus treoir a chur ar fáil.

Fostaíocht do Dhaoine atá faoi Mhíchumais

27. Déanfaidh gach Roinn na gníomhartha oiriúnacha chun a chinntiú go mbainfidh gníomhaireachtaí atá faoina stiúir amach an sprioc de 3% daoine atá faoi mhíchumais a fhostú sa tSeirbhís Phoiblí.

28. Déanfar athbhreithniú ar fhostaíocht dhaoine faoi mhíchumais sa Státseirbhís chun a fháil amach go bhfuiltear ag cloí go leanúnach leis an gcuóta fostaíochta 3%.

29. Is mórchuspóir de chuid na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta go mbeadh daoine faoi mhíchumais go lánpháirtiúil sa mhargadh fostaíochta ar mhaithe le uilechuimsitheacht agus soláthar saothair.

30. Tá mór- ról le glacaidh ag comhpháirtithe sóisialta maidir le haird a tharraingt ar fhostaíocht do dhaoine atá faoi mhíchumais agus chun an tuiscint sin a chur chun cinn san earnáil phríobháideach. Mar sin tabharfar faoi na tiomantais seo:

- cuirfidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta maoiniú ar fáil do chomhpháirtithe sóisialta chun a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí/ dtionscnaimh chun tuiscint a mhéadú faoi fhostaíocht dhaoine faoi mhíchumais i bhfiontar agus chun an tuiscint sin a chur chun cinn;
- cuirfidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta an Scéim Tacaíochta Fostaíochta chun cinn go láidir. Méadófar ar mhaoiniú le linn shaolré an Chláir seo agus é mar sprioc 1,000 áit a bhaint amach;
- méadófar ar mhaoiniú d'fhostóirí thar shaolré an Chláir seo faoin Scéim Deontas d'Oiriúnú Ionad Oibre /Trealaimh chun ionaid oibre a chur in oiriúint do dhaoine atá faoi mhíchumais;
- chun cabhrú le lánpháirtiú dhaoine faoi mhíchumais sa lucht oibre cuirfear deontais ar fáil d'fhiontair a mbeidh cláracha thuiscint oiliúint acu;

- cuirfear deontais ar fáil d'fhostóirí chun oiliúint nó athoiliúint a chur ar fhostaithe a dtarlódh míchumas dóibh le linn a saol oibre;
- neartóidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta in éineacht le FÁS phróifíl na Scéime Positive to Disability Scheme a thugann aitheantas d'Fhiontair a mbíonn chur chuige dearfach acu maidir le fostaíocht a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíchumais.
- scrúdóidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta na neamhdhreasachtaí atá ann do dhaoine atá faoi mhíchumais maidir le fostaíocht a ghlacadh agus pléifidh siad leis na neamhdhreasachtaí seo i gcomhairle le Ranna eile; agus
- déanfar tuilleadh forbartha ar Chlár Náisiúnta Tacaíochta Fostaíochta thar thréimhse an Chláir seo i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí cuí. Beidh mar phríomhthosaíochtaí go mbeidh ardchaighdeáin ag baint le feidhmiú an Chláir Fostaíochta agus go dtabharfar lánstádas fostaíochta agus cearta do dhaoine faoi mhíchumas.

Fostaíocht Fhothaineach

31. Déanfaidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta athbhreithniú ar na múnlaí fostaíochta fothaineach atá ann agus breathnóidh siad ar an ról agus ar an gcumas atá acu chun deiseanna fostaíochta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumais.

Teifigh

32. Cuirfear Acht na dTeifeach, arna feidhmiú i bhfeidhm lena n-áirítear agus ceapfar an Coimisinéir Iarratas Teifeach agus Cathaoirleach Bhinse Achomhairc na dTeifeach agus chomh maith leis bunófar Bord Comhairleach na dTeifeach. Tá an Rialtas fós tugtha dá sprioc tréimhse ama próiseála iarratas a laghdú go 6 mhí.

33. Déanfar forbairt ar straitéis chuimsitheach chomh luath agus is féidir chun teifigh a lánpháirtiú chomh maith le déileáil le ceisteanna fostaíochta agus oiliúna.

34. Déanfar forbairt ar pholasaí chun freastal ar riachtanais lucht lorgtha tearmann i gcomhairle le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, NGOanna agus comhpháirtithe sóisialta.

35. Cuirfear oiliúint oiriúnach ar fáil d'oibrithe san earnáil phoiblí, go háirithe iad sin a bhfuil baint acu le seirbhís a chur ar fáil do dhaoine ó chúlraí ilchultúr.

36. Beidh ionadaíocht ag Grúpaí Leasa Teifeach in éineacht le Ranna Rialtais chuí ar Bhord Comhairleach na dTeifeach a mbeidh sé mar dhualgas orthu comhairle a chur ar an Aire Dlí, Comhionnais agus Athchóiriú Dlí ar gach gné den pholasaí tearmainne.

37. Déanfar athbhreithniú ar ról agus ar mhaoiniú na NGOanna agus na n-eagraíochtaí pobail agus roinnfear aon mhaoiniú a bheidh ar fáil ar bhealach comhtháite agus comhordaithe de réir a ról ag tacú le lucht lorgtha tearmann agus le teifigh agus chur chun cinn sochaí uilechuimsitheacht caoinfhulaingeach.

Cinedheighilt

38. Méadófar an maoiniú a chuirfear ar fáil don Choiste Náisiúnta Comhairleach ar Chinedheighilt agus Eadarchultúr chun go mbeidh sé ábalta tabhairt faoi bhearta breise chun déileáil le cinedheighilt, chun chur chun cinn dearfach a dhéanamh ar uilechuimsitheacht mhionghrúpaí eitneacha agus chun bearta chun cur le tuiscint an phobail a fhorbairt go náisiúnta agus go háitiúil.

39. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar líon na ndaoine nach náisiúntóirí Éireannaacha iad atá ag fáil fostaíochta anseo, tá sé an-tábhachtach go gcuirfidh cosc ar chinedheighilt san ionad oibre. Bunaithe ar chód cleachtais IBEC agus ICTU in aghaidh cinedheighilt san ionad oibre, déanfaidh IBEC agus ICTU i gcomhairle leis an Roinn Dlí, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí agus tÚdarás Fostaíochta agus an tÚdarás Comhionannais forbairt ar bhearta sonraitheacha mar is cuí.

An Lucht Siúil

40. Le hachtú an Bhille Stádas Comhionannais in éineacht le hAcht Comhionannais,1998, beidh cosaint reachtúil ag an Lucht Siúil in aghaidh leatroma.

41. Tá an tábhacht atá le feabhas a chur leis an gcaidreamh idir an lucht siúil agus an lucht lonnaithe aitheanta agus leanfar leis go háirithe tríd an Straitéis Cumarsáide Lucht Siúil.

42. Leanfaidh coiste a mbeidh Ranna Rialtais, Leasa Lucht Siúil agus comhpháirtithe sóisialta ag déanamh monatóireachta ar mholtaí Thasc Fhórsa an Lucht Siúil. Tá tuairisc ar dhul chun cinn na moltaí á chur le chéile faoi láthair agus cuirfear eolas ar fáil faoi pholasaí agus ghníomhaíochtaí maidir leis an Lucht Siúil.

Creat IV

Titim isteach leis an Síorathrú

4.1 Foghlaim Saoil

Tugann an CNES de shainmhíniú ar Fhoghlaim Saoil, a bheith ag foghlaim ar feadh an tsaoil. Baineann gach cineál foghlamtha leis, bíodh sí foirmeálta nó neamhfhoirmeálta, atá dírithe ar chur le heolas nó scileanna, nó ar shásamh pearsanta. Tagann an sainmhíniú sin leis an gcur chuige atá ag eagrais idirnáisiúnta ar nós an OECD nó an AE.

Aidhmeanna

- Córas tacaíochta a chur ar fáil a dhéanfaidh éascaíocht do bhaint amach litearthachta agus uimhirtheachta ag an uile dhuine trí chríochnú an bhunoideachais agus a chinntiú go mbeidh litearthacht agus uimhirtheacht an uile dhuine mar chuid lárnach i ngach beartas fhoghlaim saoil.
- A chinntiú go mbeidh páistí atá i mbaol páirteach san oideachas agus leas acu as agus an bealach a réiteach ionas go gcríochnaítear cúrsa sinsearach oideachas dara leibhéal.
- Soláthar leanúnach oideachais a bheith ar fáil ón naíonra go dtí an tríú leibhéal agus é ag tabhairt faoi aon mhíbhuntáiste oideachasúil agus ag cothú cothroime deise agus páirtíochta.
- Baint amach ardchaighdeán a chothú do gach mac léinn, cuma cé hé nó hí féin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar pháirtíocht ghrúpaí éagsúla sa chóras oideachais ar aithin an NAPS gurbh iad is mó a bhí i mbaol agus straitéisí gnímh a chur i bhfeidhm de réir mar is gá.
- Deireadh a chur le fágáil scoile gan cháilíocht agus oiread páirtíochta agus is féidir sa chóras oideachais agus oiread buntáiste agus is féidir as, a chur chun cinn agus go háirithe cur leis an méid a chríochnaíonn a gcuid scolaíochta dara leibhéal.
- A chinntiú go gcuirtear an dara deis oideachais agus oiliúna ar fáil dóibh siúd a d'fhág an scoil go luath agus do dhaoine fásta ar mian leo dul ar ais sa chóras oideachais.
- A chinntiú go mbíonn teacht ag daoine i gceantair thuaithe ar chláir agus ar sheirbhísí oideachais.
- Cur leis an gcumas iomaíochta agus leis an leibhéal fostaíochta trí chur leis an bhforbairt scileanna ag gach leibhéal den saol oibre agus trí fhreastal ar an tsolúbthacht a theastaíonn sa mhargadh oibre mar gheall ar na hathruithe tobann a thagann ar chúrsaí teicneolaíochta agus struchtúir.
- Feabhas, solúbthacht agus cruinneas an chórais oideachais agus oiliúna, foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, san fhreastal a dhéantar ar riachtanais phearsanta, shóisialta agus eacnamaíochta, i gcothú saorántachta, cuimhsitheacht shóisialta agus forbairt pobail a chur chun cinn.
- Ardleibhéal páirtíochta (i gcomparáid le tíortha eile) in oideachas iar-dara leibhéal, in oideachas agus in oiliúint leanúnach a chur chun cinn.
- Ardú suntasach a chur ar leibhéal páirtíochta na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste in oideachas tríú leibhéal.
- An taobh pobail den oideachas agus an pháirt atá aige ag plé le míbhuntáiste oideachais a chur chun cinn ag gach leibhéal den chóras.
- Ceangal agus comhoibriú níos dlúithe a bheith idir gnó agus oideachas, cur le chéile curaclaim agus dáileadh acmhainní san áireamh.
- Forbairt agus tógáil na struchtúr cuí le tacú le creat straitéiseach le Foghlaim Saoil a chur chun cinn.
- Cultúr Fhoghlaim Saoil a fhorbairt i saol na hoibre.
- A chinntiú go gcuirtear deiseanna oideachais ar fáil ar feadh a saoil a cheadódh do shaoránaigh páirt a ghlacadh sa saol sóisialta agus eacnamaíochta, agus na deiseanna díríthe orthu siúd nach bhfuil oideachas dara leibhéal sinsearach bainte amach acu, d'fhonn freastal ar riachtanais a thagann ón athrú eacnamaíochta agus teicneolaiochta.
- Cur le heolas dhaoine ag gach leibhéal den phobal maidir le gníomhaíochtaí foghlamtha agus a chinntiú

go mbíonn teacht acu orthu.

- Tuilleadh próiseas oiliúna bunaithe ar fhiontraíocht a fhorbairt le freastal ar riachtanais iomaíochta agus acmhainní daonna.
- A chinntiú go ndéantar dáileadh ar acmhainní de réir mar is mó atá gá leo.

Gníomhaíochtaí

Luathoideachas Leanaí

1. Cuirfear i bhfeidhm de réir a chéile na moltaí atá sa Pháipéar Bán maidir le Luathoideachas Leanaí Réidh le Foghlaim. Beidh i gceist leis sin, bunú an Fhoras Luathoideachas Leanaí, forbairt creatlaigh den scoth do Luathoideachas Leanaí, cur chun cinn marc Feabhais san Oideachas do sholáthróirí na hearnála, agus córas le freastal ar pháistí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó a bhfuil riachtanais ar leith acu le linn an Luathoideachas Leanaí.

2. Déanfar beart comhordaithe maidir le litearthacht don óige trí fheachtas bolscaireachta leis an bpobal, tionscnamh náisiúnta léitheoireachta a chur chun cinn, leasuithe maidir le héifeachtúlacht sheirbhís feabhais na scoileanna trí mholtaí athbhreithniú na bliana 1998 ar an tseirbhís a chur i bhfeidhm, tacaíocht chuí chultúir a fhorbairt, comhoibriú baile/scoil/pobal san áireamh, ábhar tacaíochta a fhorbairt agus monatóireacht rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn.

3. Bainfidh réimse beart ag an mbunleibhéal agus an dara leibhéal leis an straitéis le daltaí a stopadh ón scoil a fhágáil luath agus le tacú le hoiread rannpháirtíochta agus is féidir go mbíonn an cúrsa sinsearach dara leibhéal críochnaithe:

- feabhas de réir sprioca a chur ar sholáthar foirne i scoileanna;
- cuirfear béim ag an mbunleibhéal ar fheabhas a chur ar líon na ndaltaí sna ranganna ísle;
- beidh baint ag leasuithe ag an dara leibhéal le saothar an Ghrúpa Saineolaithe a bhunaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta le ceisteanna maidir le dáileadh agus imscaradh múinteoirí a mheas;
- cur leis na scéimeanna ceangail baile/scoil/pobal agus seirbhísí feabhais;
- leanfar den leathnú agus den fhorbairt ar an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachasúil de réir Thuarascáil na bliana 1998 chuig an Aire Oideachais - beidh de sprioc ann go mbeidh teacht ag gach scoil ar an tseirbhís faoi dheireadh na bliana 2004;
- bunófar Seirbhís Leasa Oideachais Náisiúnta, agus ionadaíocht uirthi ón bpiléar Pobail agus Deonach, le tinreamh scoile a chur chun cinn agus le cuidiú leis na páistí atá i mbaol fanacht ar scoil;
- *The New Deal – A Plan for Educational Opportunity*, an plean iomlán le tabhairt faoi mhíbhuntáiste oideachasúil a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil ar an dul chun cinn maidir le haidhmeanna an chláir a bhaint amach;
- bunófar Coiste Míbhuntáiste Oideachais a mbeidh páirt thábhachtach aige ag cur leis an tuiscint is gá agus mionsonraí an Phlean thuas á gcur i bhfeidhm;
- cur chun cinn na gceangal leis an bpobal, ról na hearnála pobail agus deonaí san áireamh;
- forbairt a dhéanamh de thoradh obair óige;
- an tseirbhís threoir oideachais sna scoileanna a threisiú agus na ceangail idir í agus eagrais na gcomhpháirithe sóisialta a neartú;
- bearta cinnte a fhorbairt a thacódh le rannpháirtíocht an Lucht Siúil agus pháistí faoi mhíchumas; agus
- straitéis a ligfeadh do thuistí óga páirt a ghlacadh i gcúrsaí oideachais agus oiliúna a chur san áireamh.

Gairm na Múinteoireachta

4. Mí na Nollag 1999, d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta a bhí ann ag an am go raibh 1,000 post múinteoireachta le cois dá gcruthú le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2000/2001. Mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le soláthar múinteoirí oilte bunscoile faoi láthair, beidh 800 post iar-bhunoideachais i gceist agus 200 oide bunscoile. Sa Chlár seo, moltar go gcruthófaí 1,500 post múinteoireachta eile agus i ngeall ar an roinnt a bhí ar an gcéad míle, bainfidh 900 de na poist seo le bunscoileanna agus 600 le scoileanna iarbhunoideachais.

Cruthófar 200 post iarbhunscoile in aghaidh na bliana le linn an Chláir. Cruthófar na postanna bunscoile de réir an chumas soláthair a bhíonn ann sna blianta beaga romhainn. Socrófar dáileadh na bpostanna sin i gcomhar lenár gcuid gComhpháirtithe san Oideachas.

5. Cuirfear i bhfeidhm moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre maidir le Ról an Phríomhoide Bunscoile le linn an Chláir chomh fada is a bhaineann leis na leibhéil foirne a fhágann an príomhoide ina phríomhoide riaracháin, an t-am a theastaíonn ó phríomhoidí teagaisc le tabhairt faoi chúraimí riartha, oiliúint inseirbhíse do phríomhoidí agus soláthar seirbhísí cléireachais agus cothabhála i scoileanna.

Bord Leasa Oideachais

6. Moltar sa Bhille Oideachais (Leas) go n-ardófaí aois fágála na scoile go dtí 16, nó críochnú an chúrsa sóisearach oideachas dara leibhéal, cibé acu is moille a thagann. De réir forála de chuid an Bhille, bheadh ógánaigh idir 16 agus 18 a bhfuil i gceist acu an scoil a fhágáil roimh cheann cúrsa le clárú leis an mBord Leasa Oideachais. Dréachtfaidh an Bord plean maidir le hoiliúint agus oideachas an duine sin feasta agus éileofar go ndéanfaidh an té atá i gceist gach dícheall déanamh de réir an phlean. Is ar an mbunús sin a eiseoidh an Bord teastas a déarfaidh go bhfuil an duine sin i dteideal dul ag obair. Ní bheifear in ann ógánach idir 16 agus 18 a fhostú d'uireasa teastais. Tá soláthar £4.25 milliún á dhéanamh as seo go ceann trí bliana maidir le bunú an Bhoird agus cur i bhfeidhm an Bhille tar éis a achtaithe.

Riachtanais Speisialta Oideachais

7. Cuirfear acmhainní breise ar fáil le forbairt a dhéanamh ar sheirbhís tacaíochta chuimhsitheach le measúnóireacht a dhéanamh ar riachtanais speisialta oideachais agus le freastal orthu. Tá Grúpa Pleanála curtha ar bun le déileáil leis na struchtúir agus na beartais a theastaíonn chuige sin. Rachaidh an Grúpa i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus tabharfar san áireamh na moltaí atá i dtuarascáil choimisiúin maidir le stádas dhaoine faoi mhíchumas.

8. Ceapfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta oifigeach ardleibhéil faoi leith a ghlacfaidh cúram maidir le comhordú fhorbairt réimse leanúnach tacaíochtaí a chothóidh rannpháirtíocht an lucht siúil ag gach leibhéal den chóras oideachais.

Oideachas le Freastal ar Riachtanais Nua

9. Cuirfear le feabhas na scolaíochta agus le freastal an oideachais ar riachtanais nua sóisialta agus eacnamaíochta trí:

- chláir forbartha foirne níos fearr;
- chur i bhfeidhm leasuithe curaclaim;
- béim láidir ar phleanáil agus forbairt sna scoileanna;
- straitéisí maidir le bacanna foghlama a chur chun cinn;
- athbhreithniú a dhéanamh ar na cúrsaí sóisearacha agus sinsearacha maidir lena n-éifeacht ag cur príomhaidhmeanna oideachais chun cinn, ina measc caighdeáin arda do gach dalta agus deireadh a chur le fágáil scoile roimh cheann cúrsa agus béim ar leith ar an Ardteistiméireacht Ghairme agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach;
- teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a chur chun cinn i mbun teagaisc agus foghlamtha; agus
- infheistíocht shuntasach a dhéanamh in athchóiriú agus tógáil foirgneamh scoile ionas go dtagann gach scoil le caighdeáin an lae inniu.

Constaicí maidir le Rannpháirtíocht sa Chóras Oideachais

10. Déanfar athbhreithniú ar oibriú an scéim díolúine táille scrúdaithe dara leibhéal d'fhonn cur lena cuid éifeachtúlachta do theaghlaigh agus do dhaoine aonair atá ar ioncaim íseal in am do Scrúduithe Teistiméireachta 2001.

11. D'fhonn tabhairt faoi na constaicí maidir le rannpháirtíocht, déanfar dul chun cinn i bhfeabhsú an Liúntas Éadaigh agus Bróg ag Dul ar ais ar Scoil ó thaobh caolú, ráta liúntais agus tairsigh ioncaim. Déanfar dul chun

cinn freisin lena chinntiú go mbeidh gach páiste faoi mhíbhuntáiste in ann leas a bhaint as scéim níos fearr béile scoile.

Eolaíocht agus Teangacha

12. Cuirfear i bhfeidhm tionscnaimh áirithe a chuirfidh le taobh na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na dteangacha den soláthar. Beidh san áireamh ansin, leathnú ar fhócas teangacha na mbunscoileanna, díriú ar sholáthar teagascóirí, agus cothú teagasc na hIodáilise, na Spáinnise agus teangacha eile ag an dara leibhéal. Tabharfar faoi straitéisí le cur leis an méid daltaí a thugann faoin eolaíocht. Beidh forbairt foirne, infheistíocht chaipitil, leasú curaclaim agus mealladh airgeadais do scoileanna i gceist.

Oideachas agus Eadarchultúrachas

13. Cuirfear acmhainní faoi leith ar fáil le haghaidh oideachas teifeach agus lucht lorgtha tearmainn. Beidh soláthar post breise múinteoireachta ar bhonn sealadach ar feadh tréimhse suas le dhá bhliain i gceist i gcás bunscoile nó scoil iarbhunoideachais a bhfuil 15 nó níos mó dalta nach labhrann Béarla iontu d'fhonn an soláthar cuí don teanga Béarla a chinntiú. Beidh athbhreithniú á dhéanamh ar na socruithe sin. Chomh maith leis sin, beidh buiséad timpeall is £1.2m á sholáthar i rith thréimhse an Chláir don Refugee Language Support Unit a bunaíodh faoi scáth Choláiste na Tríonóide le comhordú a dhéanamh maidir le teagasc teanga do theifigh le cuidiú leo maireachtáil go neamhspleách. Cuirfidh an tSeirbhís Litearthachta Daoine Fásta cúnamh ar fáil freisin maidir leis seo.

14. Cuirfear chun cinn tionsnaimh le headarchultúrachas agus frithchiníochas a chur chun cinn i ngach scoil trí na cláir *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte* agus *Oideachas Saoránach Sóisialta agus Pearsanta*. Pléifear leis an gceist seo freisin sna réimsí eile, foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, den chóras oideachais.

An Dara Deis Oideachais agus Oiliúna

15. Cuirfear an dara deis oideachais agus oiliúna cuí ar fáil dóibh siúd a d'fhág an scoil luath trí threisiú agus neartú a dhéanamh ar na cláir Youthreach agus Senior Traveller Training Centre.

Coiste Comhairleach Náisiúnta maidir leis an Óige

16. Cuirfear go mór le rannpháirtíocht na hóige in oideachas neamhfhoirmeálta trí obair óige déanfar forbairt air trí:

- chur i bhfeidhm an Acht Leasaithe um Obair Óige;
- cuirfear stiúir straitéiseach faoi fhorbairt obair óige tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta maidir le hObair Óige atá á chur le chéile faoi láthair ag an gCoiste Comhairleach Náisiúnta maidir le hObair Óige a chur i bhfeidhm; agus
- a chinntiú go leantar le forbairt an tSeirbhís Óige go dtí go gcuirtear i bhfeidhm an Plean Forbartha Náisiúnta maidir le hObair Óige.

An Tionscnamh Fhilleadh ar an Oideachas

17. Déanfar leathnú mór ar sholáthar chúrsaí oideachais do dhaoine óga agus do dhaoine fásta tríd an Tionscnamh Fhilleadh ar an Oideachas taobh istigh den Earnáil Bhreis Oideachais ar mhaithe le deiseanna a chur ar fáil dóibh siúd nach leor an leibhéal oideachais ná na scileanna atá acu le fáil a bheith acu ar dheiseanna foghlamtha den scoth. Cuirfear sin i gcrích trí mhéadú mór ar na roghanna páirtaimseartha faoi na cláir VTOS, Youthreach agus IAT. Leanfar den líon áiteanna atá ar fáil faoi láthair dóibh siúd atá dífhostaithe le fada agus do ghrúpaí eile atá curtha de leataobh. Tabharfar faoi straitéis fhorbheartach le lánrannpháirtíocht na ngrúpaí sin a chinntiú go háirithe iad siúd atá dífhostaithe le fada. Beidh infheistíocht de shuim iomlán £425m i gceist le linn an Chláir ar mhaithe le méadú 11,900 áit pháirtaimseartha in aghaidh na bliana. Beidh tábhacht leis sin ó thaobh deiseanna a thabhairt dóibh siúd atá fostaithe le cur lena gcuid scileanna.

Scileanna ICT

18. Beidh béim faoi leith ar fheabhsú scileanna dhaoine fásta i measc an daonra nach bhfuil oideachas sinsearach dara leibhéal orthu. Déanfar soláthar mar chuid den tionscnamh do chlár Scileanna Bunúsacha ICT

do dhaoine fásta.

Oiliúint Talmhaíochta

19. Tá Tascfhórsa maidir le hOiliúint Talmhaíochta bunaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna na ndaoine a bhfuil baint acu le talmhaíocht. Pléifidh an Tascfhórsa le gach ní a bhaineann le hábhar, ina measc teistiméireacht, dul chun cinn agus riachtanais infheistíocht chaipitil ionaid Teagaisc, chomh maith leis na coláistí talmhaíochta agus gairneoireachta príobháideacha. Scrúdóidh an Tascfhórsa chomh maith na riachtanais fhorbartha a bheidh ann amach anseo don Scéim Printíseachta Feirme.

Seirbhís Treorach do Dhaoine Fásta

20. Cuirfear clár náisiúnta i bhfeidhm de réir a chéile bunaithe ar thorthaí an tSeirbhís Threorach do Dhaoine Fásta píolótach a cuireadh ar bun sa bhliain 2000, agus beidh ceangail chomhordaithe idir é agus na seirbhísí fostaíochta ar a n-áirítear an tionscnamh treorach, comhairleoireachta agus siceolaíochta do dhaoine a d'fhág an scoil luath i Youthreach, Ceardlanna Oiliúna Pobail agus na Senior Traveller Training Centres. Déanfar infheistíocht £6.9m sa réimse seo le linn an Chomhaontaithe.

21. Déanfar athbhreithniú ar Youthreach agus cláir oideachais eile nach cláir bhunúsacha iad lena chinntiú go bhfuil éifeachtúlacht ag baint leo.

An Foras Náisiúnta do Litearthacht Daoine Fásta

22. Déanfar leathnú gan mhoill ar na seirbhísí litearthachta do dhaoine fásta agus fífear forbairt litearthachta/uimhireachta trí na cláir oideachais agus oiliúna eile de réir mar is gá. Déanfar infheistíocht £30m in iomláine sa tseirbhís litearthachta do dhaoine fásta i rith thréimhse an Chláir, i gcomparáid le bunsholáthar £5.665m sa bhliain 1999. Fágfaidh sin go bhféadfaidh suas le 46,000 duine leas a bhaint as an gclár. Chomh maith leis sin, forbrófar sraith teilifíse litearthachta i gcomhar le Litearthacht do Dhaoine Fásta agus RTÉ. Cuirfear béim le cois ar áiteanna ar an leibhéal Bunúsach agus ag Leibhéal 1 den tionscnamh Filleadh ar an Oideachas ionas go mbeidh ar chumas mic léinn litearthachta dul ar aghaidh chuig roghanna foghlamtha páirtaimseartha a ngabhann teastais leo. Oibreoidh an Roinn go dlúth le fostóirí agus ceardchumainn le litearthacht a chur chun cinn ina measc siúd sa saol oibre.

Rannpháirtíocht IarDara Leibhéal, Mic Léinn Aibithe san áireamh

23. Leanfar agus cuirfear leis an infeistíocht ionas go mbeidh Éire ard go maith sa cheathrú is airde de thíortha an OECD i dtéarmaí rannpháirtíocht an daonra in oideachas agus oiliúint iardara leibhéal agus chaighdeán an oideachais agus na hoiliúna sin.

24. Beidh athbhreithniú ar struchtúir riaracháin, teicniúil agus bainistíochta agus seirbhísí treorach, mac léinn agus coimhdeacha san earnáil IAT mar chuid den Straitéis.

25. Cuirfear áiteanna ar fáil le tacú le mic léinn aibithe agus iad ag teacht ar oideachas tríú leibhéal, agus cuirfear beartais a chun cinn a dhéanann áisiúlacht do dhaoine fásta.

26. Cuirfear Grúpa ar bun, ar a mbeidh ionadaíocht chuí ó na comhpháirtithe sóisialta, le scrúdú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt mar gheall ar na constaicí a choscann ardoideachas ar mhic léinn aibithe. Déanfaidh an Grúpa moladh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le forbairt chreat comhordaithe le hinsroichteacht oideachas tríú leibhéal ag mic léinn aibithe agus mic léinn faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn, bunaithe ar a mbeidh foghlamtha ó thionscnaimh eile go dtí seo.

27. Spreagfar rannpháirtíocht ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste san oideachas tríú leibhéal trí infheistíocht shuntasach bhreise. Beidh solúbthacht maidir le hiontráil, soláthar agus socruithe creidiúnaithe, ceangal le scoileanna dara leibhéal, bearta le rannpháirtíocht mac léinn aibithe agus cúrsaí amuigh a spreagadh, oideachas pobail agus cláir thacaíochta ina gcodanna den chur chuige. Cothófar insroichteacht, aistriú agus dul chun cinn taobh istigh de chomhthéacs an Chreat Cáilíochtaí Náisiúnta.

28. Beidh tacaíochtaí breise airgeadais ann do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste, mic léinn aibithe faoi mhíbhuntáiste san áireamh agus iad dírithe orthu siúd is mó a bhfuil gá acu leo.

29. Tabharfar Staidéar chun críche maidir leis an ráta críochnaithe sna hOllscoileanna agus sna hInstitiúidí Teicneolaíochta ina mbeidh moltaí maidir leis an gcaoi is fearr le feabhas a chur ar an rannpháirtíocht agus ar chríochnú cúrsaí san earnáil tríú leibhéal. Beidh tionscnaimh san áireamh anseo le mná a spreagadh le tabhairt faoi chúrsaí nach é an gnáthnós traidisiúnta é go leanfadh mná iad. Lorgófar tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta maidir le torthaí an tsuirbhé.

30. Rinne an Coimisiún Pointí agus an Coiste Athbhreithnithe ar Áiteanna Oideachais IarDara Leibhéal agus Oiliúna araon tagairt don easpa eolais maidir leis an éileamh ó mhic léinn aibithe. Tá iarrtha ar an Údarás um Ard-Oideachas tabhairt faoi thaighde margaíochta le leibhéal agus cineál an éilimh ó mhic léinn aibithe a mheas. Leagfar amach bearta a dhéanfadh freastal ar éileamh na mac léinn aibithe agus a chinnteodh solúbthacht agus tionscantacht san fhreastal sin le cur faoi bhráid an Rialtais nuair a bheidh toradh na taighde sin ar fáil. Beidh na bearta bunaithe ar mholtaí an Choimisiúin Pointí agus ar Thuarascáil an Choiste Athbhreithnithe.

31. Déanfaidh coláistí iarracht a chinntiú go mbeidh 15% de na mic léinn a thógtar isteach gach bliain ó 2005 amach ina ndaoine a bhfuil 23 bliain slán acu. Cuirfear cur chuige eadar-dhámhach chun cinn agus socrófar spriocanna do gach dámh i bhfianaise thoradh na taighde thuasluaite. Ag teacht le moltaí an Choiste Athbhreithnithe, bainfidh soláthar breis cúrsaí páirt-aimseartha agus roghanna solúbtha eile ar nós deiseanna foghlamtha gan teacht i láthair le méadú a chur ar an líon mac léinn aibithe a thógtar isteach as seo go ceann 5 bhliana.

Taobh an Phobail

32. Tabharfar tacaíocht do thaobh an phobail den oideachas agus baint an phobail le soláthar oideachais trí:

- cheangal níos dlúithe a fhorbairt idir oideachas agus páirtnéireachtaí atá bunaithe ar limistéir, chomh maith le feabhas a chur ar chomhordú agus iomlánú bheartais oideachais, leasa shóisialaigh, sláinte agus dlí agus cirt agus tuilleadh deise a thabhairt don phobal agus don earnáil dheonach páirt a ghlacadh ann;
- cur leis an gceangal baile/scoil/pobal;
- rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i gcinneadh scoile a chur chun cinn chomh maith le straitéisí le tacú le foghlaim a gcuid páistí;
- ceangal idir pobail a chothú taobh istigh de chláir scoile ag leibhéal an bhunoideachais agus ag an dara leibhéal;
- córas tacaíochta iarscoile a fhorbairt i gcomhar le heagrais phobail agus eagrais dheonacha mar is cuí;
- seirbhísí óige a chur ar fáil agus leathnú a dhéanamh orthu, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste;
- forbairt a dhéanamh ar pháirt sholáthróirí oideachais pobail in earnáil an oideachais do dhaoine fásta;
- leathnú agus neartú a dhéanamh ar an Tionscnamh Oideachais do Mhná, ina n-áireofaí tacaíocht bhreise do thograí a dhíríonn ar mhíbhuntáiste oideachais na mban agus cruthú tionscnaimh áirithe forbheartacha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Leathnófar den chur chuige seo freisin le freastal a dhéanamh ar riachtanais ghrúpaí eile atá fágtha de leataobh;
- taighde a dhéanamh maidir le stíleanna éagsúla foghlamtha agus riachtanais éagsúla na bhfear agus na mban agus an méid atá i gceist dá bharr sin do sholáthar oideachais agus oiliúna;
- Fo-Ghrúpa Eorpach a bhunú a fhreagródh don Choiste Stiúrtha Náisiúnta maidir le Foréigean i gcoinne na mBan; agus
- acmhainní a sholáthar le hoideachas agus oiliúint a fhorbairt sa tseirbhis príosún, chomh maith le freastal ar iarphríosúnaigh agus a dteaghlaigh.

Creat Straitéiseach maidir le Foghlaim Saoil

33. Forbrófar Creat Straitéiseach maidir le Foghlaim Saoil trí:

- fhoilsiú Pháipéir Bháin ar Oideachas Daoine Fásta go luath sa bhliain 2000. Bunófar dá réir sin Comhairle Náisiúnta Fhoghlaim do Dhaoine Fásta ar bhonn reachtúil le forbairt na hearnála a spreagadh agus comhordú a dhéanamh air agus le leathnú mór a dhéanamh ar na deiseanna fhoghlaim saoil. Beidh ionadaithe ar an gComhairle ó sholáthróirí oideachais agus oiliúna, foghlaimeoirí, comhpháirtithe sóisialta, eagrais dheonacha agus pobail, rannpháirtithe agus eagrais eisiúint teastas. Beidh cumarsáid le daoine a

bhfuil geall acu sa réimse, monatóireacht ar straitéis aontaithe, chomhordaithe agus tacaíocht d'fhorbairt foirne agus taighde mar chuid den chur chuige. Beidh obair na Comhairle dírithe go háirithe ar theacht a bheith ag daoine faoi mhíbhuntáiste agus faoi mhíchumas ar oideachas daoine fásta chomh maith le cur chun cinn deiseanna foghlamtha do dhaoine ina saol oibre; agus

- beidh tús áite ag bunú Thascfhórsa Fhoghlaim Saoil ag an Roinn Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhthéacs oiriúnú do mhargadh oibre a mbeidh síorathrú ag teacht air. Beidh lánpháirtíocht ag na Comhpháirtithe Sóisialta sa Tascfhórsa agus ag na heagrais fheidhmeacha cuí. Beidh leas ag an Tascfhórsa as acmhainní Ghrúpa Tagartha déanta suas as ionadaithe an phobail fiontraíochta agus an phobail foghlama. Oibreoidh an Grúpa go dian ar feadh sé mhí agus beidh béim láidir ar fhorbairt moltaí a chuirfear faoi bhráid an Rialtais.

Tascfhórsa Fhoghlaim Saoil

34. Is iad na príomhchéimeanna a bheidh le glacadh ag an Tascfhórsa:

- soláthróirí Fhoghlaim Saoil (FS) atá ann faoi láthair agus na cláir a sholáthraítear a aithint;
- an soláthar atá ann faoi láthair a mhapáil de réir fiúntais agus dáilte; agus
- na chéad bhearta FS a aithint, a mholadh agus costas a chur leo, bunaithe ar chur leis an soláthar atá ann cheana féin nó leasú a dhéanamh air nó ar thionscnaimh nua a fhorbairt, ag díriú go mór mhór ar bhaint amach na n-aidhmeanna atá leagtha amach thuas agus ar aithint agus réiteach na gceisteanna feidhmiúcháin a thiocfaidh i gceist.

35. Beidh de phríomhaidhm ag an Tascfhórsa:

- forbairt a dhéanamh gan mhoill ar thionscnaimh áirithe le feabhas a chur ar scileanna oibrithe in earnálacha pá íseal agus iad siúd ar baol dóibh an t-athrú tobann ar chúrsaí teicneolaíochta. Díreoidh na tionscnaimh sin ar chothú agus neartú an teacht atá ar oiliúint, forbairt scileanna nua, gnóthú cáilíochtaí aitheanta agus dul ar aghaidh chuig cúrsaí cáilíochtaí ardleibhéil. Cuirfear acmhainní ar fáil ón gCiste Náisiúnta Oiliúna le hairgeadú a dhéanamh ar na tionscnaimh sin taobh istigh de chomhthéacs an PFN.

36. Ar na ceisteanna móra a ndéanfaidh an Tascfhórsa iniúchadh orthu, beidh siad seo a leanas:

- tacaíocht, ar a n-áirítear eolas agus comhairle, le cuidiú le daoine deiseanna foghlamtha a oireann dá gcuid riachtanas a aithint agus a aimsiú;
- cur leis an teacht atá ar oideachas agus oiliúint agus béim á chur ar cheisteanna airgeadais ar nós táillí agus saoire oideachais agus ar bhearta a thacóidh le foghlaim a dhéanamh gan cur isteach ar shaol an teaghlaigh;
- cur le héagsúlacht agus solúbthacht an tsoláthair agus freastal institiúidí oideachais agus oiliúna ar riachtanais daoine fásta a chur chun cinn, agus béim ar leith orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste;
- tuilleadh forbartha ar na ceangail idir gnólachtaí agus institiúidí oiliúna agus oideachais;
- tionscnaimh le cur go mór le deiseanna oiliúna, foghlamtha agus dul ar aghaidh do dhaoine ar dúshlán dóibh an t-athrú tobann a thagann ar an teicneolaíocht, agus obair an Ghrúpa Saineolais maidir le Riachtanais Scileanna san Am atá Romhainn á dtabhairt san áireamh; agus
- tionscnaimh le cuidiú leo siúd atá taobh amuigh den lucht oibre faoi láthair le feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus/nó scileanna nua a fhoghlaim.

Modhanna Dul chun Cinn agus Creidiúnú

37. Cuirfear deifir leis an obair chun an tAcht Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) a chur i bhfeidhm. Aidhm thábhachtach a bheidh i gcinntiú go bhforbraítear struchtúir chuí dul chun cinn idir oideachas agus oiliúint a fhágfaidh struchtúr faoin dul chun cinn le cáilíochtaí ar leibhéil níos airde a bhaint amach. Beidh bearta maidir le creidiúnas ar son fhoghlaim i mbun oibre agus foghlaim roimh ré mar chuid thábhachtach den chur chuige.

Cumas Iomaíochta agus Fostaíocht

38. Cuirfear cumas iomaíochta agus fostaiocht chun cinn trí:

- scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le tionscnaimh fhiontracha, ar nós an clár píolótach 'Skillnets' agus iad sin a forbraíodh faoi scáth Chreat I (Caidreamh sa Saol Oibre) a dhíríonn ar fhoghlaim scileanna agus a thugann tús áite dóibh siúd atá fostaithe;
- tuilleadh forbartha a spreagadh mar gheall ar cheangail idir gnólachtaí agus gach leibhéal den chóras oideachais. Ba cheart leathnú a dhéanamh ar na ceangail idir lucht gnó agus cláir cheangail oideachais. Aithnítear maidir leis sin an forás a bhaineann le Clár Ceangail Gnó-Oideachas IBEC. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart caidreamh agus cumarsáid idir gnó agus institiúidí tríú leibhéal a chothú, lena chinntiú go ndéantar soláthar solúbtha, cuí ar dheiseanna foghlamtha do dhaoine fásta. Aithnítear maidir leis sin an ról dearfach atá ag na Comh-Chomhairlí IBEC/CHIU agus IBEC/IT;
- tionscnaimh a fhorbairt le tacú le feabhsú scileanna teanga fostaithe. D'fhéadfaí leathnú a dhéanamh ar mhúnlaí ar nós 'European Orientation Programme' IBEC nó aithris a dhéanamh orthu ag fostóirí eile;
- cláir oideachais agus oiliúna cuí a chur ar fáil dóibh siúd a d'fhág an scoil luath agus do dhaoine fásta atá dífhostaithe;
- méadú suntasach a dhéanamh ar chumas taighde, eolaíochta agus teicneolaíochta na n-institiúidí ardoideachais, agus ról na heolaíochta, na dteangacha agus ICT san oideachas bhunaidh agus in oideachas daoine fásta a neartú;
- forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí taca ar nós treoir, comhairleoireacht agus cúram leanaí, in earnáil an oideachais;
- an córas náisiúnta foghlaimeoireachta a fhorbairt tuilleadh d'fhonn cur leis an leibhéal páirtíochta agus le réimse an tsoláthair; agus
- tacú le comhpháirtithe sóisialta i bhfeabhsú rannpháirtíocht na mban i bprintíseachtaí.

Printíseachtaí

39. Cuirfear dlús ar an toirt leis na hiarrachtaí le teacht ar réiteach ar an bhfadhb phrintíseachta d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann gach printíseach a c(h)eart reachtúil oideachais/oiliúna de réir an sceidil agus d'fhonn an riaráiste a ghlanadh. Tabharfar tús áite do dhíriú ar an riaráiste ag céimeanna 4 agus 6 agus dá ghlanadh. Déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn ag deireadh Meán Fómhair 2000.

40. Chomh maith leis sin, tabharfar de chumhacht do Thascfhoireann Speisialta, ar a mbeidh ionadaithe Rialtais, Fostóirí agus ICTU faoi scáth an Chláir seo, iniúchadh a dhéanamh agus moltaí a chur chun cinn a chinnteoidh go ndéanfar freastal ar na riachtanais maidir le hoiliúint phrintíseachta san am atá romhainn.

4.2 Margadh Oibre

Aidhmeanna

- Sochaí a chruthú ina bhfuil teacht ag gach duine ar an margadh oibre.
- An soláthar oibrithe a shlógadh trí tharraingt as toibreacha éagsúla d'fhonn tacú le forás ísealbhoilscithe inchothaithe.
- Cur le méid agus cumas an tsoláthair oibrithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.
- Cur leis na deiseanna atá ag mná (iad siúd atá ag filleadh ar an saol oibre san áireamh) agus ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste le teacht ar an margadh oibre.
- Coinneáil ag díriú ar an nganntan atá ann maidir le scileanna áirithe, go mór mhór i gcás na n-earnálacha a bhfuil deacrachtai faoi leith acu.
- Réimse bearta tacaíochta a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe agus a chinntiú go mbeidh an réimse iomlán Cláir Ghníomhacha maidir leis an Margadh Oibre in ann freastal iomlán a dhéanamh ar riachtanais nua margaidh, sóisialta agus dhaoine aonair, agus iad ar an gcaoi sin ag glacadh le hiomaíocht, infhostaíocht daoine aonair agus uilechuimsitheacht.
- Deireadh a chur le dífhostaíocht fhadtéarmach a bheag ná a mhór agus féachaint chuige nach dtarlaíonn dífhostaíocht fhorleathan arís.

Gníomhaíochtaí

Comhairle maidir le Beartais Ghinearálta

1. Beidh na Pleananna Gníomhaíochta Fostaiochta (PGF) agus na Cláir Oibre faoi an PFN ar na príomhbhealaí le dul ar aghaidh agus beidh comhoibriú substaintiúil agus tráthúil leis na comhpháirtithe sóisialta i gceist ó thaobh ullmhúcháin agus monatóireachta. Déanfaidh FÁS leasú ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Dífhostaíocht Fhadtéarmach i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta.

Rochtain ag Mná

2. Déanfar dul chun cinn gan mhoill ar mholtaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre maidir le Rochtain ar an Mhargadh Oibre ag Mná faoi scáth *Chomhpháirtíocht 2000* agus ar an athbhreithniú ar scéim Fhilleadh ar an Obair FÁS, d'fhonn cur le hinfhostaitheacht agus scileanna na mban atá ag filleadh ar an margadh oibre.

Scéim Fostaíochta Pobail

3. De réir chinneadh an Rialtais laghdú a dhéanamh ar líon na rannpháirtithe i bhFostaíocht Pobail (FP) ó 37,500 go dtí 28,000 faoin mbliain 2003, déanfar airgeadú ar an gClár Eacnamaíochta Sóisialta, a luaitear i alt 3.8 de Chreat III, agus cuid de sin i bhfoirm acmhainní is ionann agus 5,000 áit FP.

4. Bunófar Grúpa Oibre Speisialta ar a mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus Ranna Rialtais go luath sa bhliain 2000 d'fhonn:

- na príomhsheirbhísí riachtanacha atá á soláthar trí FP faoi láthair a aithint; agus
- measúnóireacht a dhéanamh ar thionchar na seirbhísí ar FP i dtéarmaí: (i) buiséad; (ii) líon áiteanna (agus an laghdú 4,500 áit atá beartaithe de réir chinneadh an Rialtais a chur san áireamh); agus (iii) aidhmeanna FP (soláthar seirbhísí pobail san áireamh).

- Cuirfear toradh obair an Ghrúpa Oibre Speisialta faoi bhráid an Rialtais.

Buanchoiste

5. Déanfaidh an Buanchoiste maidir leis an Margadh Oibre, de réir Thuarascáil na Roinne Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta faoi dheireadh Bealtaine 2000, bearta tacaíochta a dhéanann freastal ar riachtanais na ndaoine nach dócha go n-éireoidh leo post a aimsiú agus a choinneáil sa mhargadh oscailte, a scrúdú, a aithint agus a fhorbairt.

Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas

6. Mar atá leagtha amach i alt 3.12 de Chreat III, déanfar réimse bearta a chuirfidh feabhas ar dheiseanna sa mhargadh oibre iomlán do dhaoine faoi mhíchumas. Scrúdófar constaicí in aghaidh dhaoine faoi mhíchumas a theacht isteach sa mhargadh oibre agus déileálfar leo mar chuid den phróiseas seo. Déanfaidh FÁS athbhreithniú ar na cláir ghairmoiliúna atá ann faoi láthair do dhaoine faoi mhíchumas d'fhonn teacht ar bhealach níos iomláine agus níos stuama le cur chuige. Beidh níos mó béime ar dhaoine faoi mhíchumas i gcúrsaí gairmoiliúna agus sa dul ar aghaidh chuig fostaíocht.

Leasú ar an tSeirbhís Fostaíochta Náisiúnta

7. Slánófar na Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla taobh istigh den tSeirbhís Fostaíochta Náisiúnta agus beifear níos gníomhaí ag déileáil le cliaint d'fhonn feabhas a chur ar an seans atá ag daoine dífhostaithe dul ar aghaidh chuig fostaíocht sa mhargadh. Déanfar an fhorbairt ar an tSeirbhís Fostaíochta Náisiúnta, atá faoi chúram FÁS (ag teacht lena chuid dualgaisí reachtúla faoin Acht Seirbhísí Oibre 1987 agus an struchtúr trípháirteach) i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, agus na Tuarascála NESF a bhaineann le hábhar á dtabhairt san áireamh, trí mheán an Chomhairle Náisiúnta Comhairleach maidir le Seirbhís Fostaíochta.

8. Méadófar an soláthar Clubanna Jabanna i gceantair agus i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste.

Measúnú Ginearálta ar Active Labour Market Programmes (ALMPs)

9. Go ginearálta, déanfar an caiteachas a dhéantar faoi láthair ar ALMPs i leith oiliúna ina áit ionas gur fearr a thiocfaidh sé le riachtanais an mhargaidh agus na ndaoine.

10. Chomh maith leis an méid thuas, tabharfar faoi Mheasúnú Ginearálta ar na ALMP i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, arna chur san áireamh na moltaí agus na tuairiscí sna tuarascálacha agus sna staidéir uilig a bhaineann le hábhar ar déanadh coimisiúnú orthu faoi scáth an Chomhaontú *Comhpháirtíochta 2000* agus aon cheann eile a déanadh le linn an Chomhaontaithe sin, chomh maith le toradh an tionscnaimh FIT. Beidh d'aidhm ag an Measúnú Ginearálta:

- a chinntiú go gcuireann siad le cumas iomaíochta na tíre trí mhéadú a dhéanamh ar an soláthar oibrithe, trí tharraingt dhaoine dífhostaithe isteach sa mhargadh oibre;
- réiteach a fháil ar gach cás ina dtagann idirghabhála éagsúla salach ar a chéile agus iad a thabhairt le chéile chomh mór agus is féidir;
- ALMPs, forbairt an chuid oiliúna den Fhostaíocht Phobail san áireamh,a dhíriú i dtreo eile ionas go mbeidh béim ag gach duine ar riachtanais na ngrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste (daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas, Lucht Siúil, teifigh agus lucht lorgtha tearmainn atá i dteideal oibre, agus mná, céilí cleithiúnais agus daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste d'fhonn iad a thabhairt ar aghaidh isteach sa mhargadh oibre oscailte;
- an bhéim a chur ar oiliúint agus dul chun cinn, feabhsú an bhealaigh idir oideachas agus oiliúint agus an saol oibre trí oiliúint i sainscileanna agus cláir réamhoibre san áireamh;
- na costais iomlána a aimsiú (costas marbhualaigh san áireamh) agus an tionchar is dócha a bheadh ag gach idirghabháil ar an mbuntuarastal náisiúnta a mheas;
- spriocanna maidir le rannpháirtíocht agus dul chun cinn ghrúpaí éagsúla atá ar ALMPs faoi láthair a leagan amach, á chur san áireamh chomh hindéanta nó a mhalairt agus atá sé, baineadh sin le hacmhainní an ghníomhaire soláthair nó le teacht a bheith ar dhaoine le haidhmeanna an chláir a chomhlíonadh;
- modhanna níos fearr a fhorbairt le heolas maidir le bearta margadh oibre a chraobhscaoileadh ar na grúpaí cuí; agus
- bealaí eile le tabhairt faoi éagothroime maidir le teacht ar an margadh oibre.

Monatóireacht

11. Déanfar monatóireacht agus measúnóireacht rialta maidir le toradh agus éifeacht na ALMP le linn an Chláir seo agus tomhais an dul chun cinn san áireamh. Bunófar na córais chuí leis an eolas is gá a bhailiú le haghaidh Measúnaithe Ginearálta. Déanfar an Measúnú faoi scáth an Choiste Reachtúil maidir leis an Margadh Oibre.

Lucht Siúil

12. Tabharfaidh an Roinn Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta i gcomhairle le hionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta, eagrais náisiúnta an Lucht Siúil san áireamh, na moltaí i dTuarascáil an Tascfhórsa maidir leis an Lucht Siúil chun cinn.

Inimirce

13. Forbrófar beartas inimirce mar is cuí le freastal ar riachtanais an mhargadh oibre. Rachfar i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta sula socraítear modhanna oibre a leithéid de bheartas - mar atá á fhorbairt faoi láthair ag an gCoiste Eadar-rannach atá bunaithe ag an Rialtas faoi chathaoirleacht na Roinne Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta agus a bhfuiltear ag súil le tuarascáil uaidh le cur faoi bhráid an Rialtais roimh dheireadh Feabhra 2000.

4.3 Cúram Leanaí agus Beartais Teaghlaigh

Aidhmeanna

- Freastal a dhéanamh ar riachtanais éagsúla thuismitheoirí agus pháistí, na príomh spriocghrúpaí san

áireamh, trí thacú le forbairt sheirbhísí cúram leanaí a mbeadh teacht orthu agus iad ar ardchaighdeán.

- Cur leis na deiseanna agus na bacanna a bhíonn ar thuismitheoirí bheith rannpháirteach i gcúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint as trí chóras cuí cúram leanaí.
- Méadú a chur ar líon na n-áiteanna cúram leanaí atá ar fáil san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon.
- Córas cóir a fhorbairt a thacódh o thaobh airgid le tuismitheoirí agus iad ag sásamh a gcuid riachtanais cúram leanaí.
- Cinntiú go ndírítear ar fhobairt agus ar shláinte leanaí san earnáil cúram leanaí, riachtanais oideachais réamhscoile na leanaí san áireamh.
- Feabhas an chúram leanaí a sholáthraítear ar fud na tíre a chinntiú, trí chigireacht, rialú agus córais oiliúna foirne.
- Tacú le saol an teaghlaigh, roghanna a chur ar fáil do theaghlaigh agus na deiseanna céanna a thairiscint d'fhir is do mhná le páirt a ghlacadh i gcúram na clainne.
- Féachaint le beartais a oireann do theaghlaigh a chur chun cinn maidir le fostaíocht, saoire tuismitheoirí, socruithe cúraim, comhroinnt oibre agus socruithe oibre níos solúbtha san áireamh.

Gníomhaíochtaí

Cúram Feidhmeach

1. Is ar an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí a bheidh an cúram ginearálta maidir le comhordú socruithe soláthar seirbhís cúram leanaí.

2. Déanfaidh an Coiste Náisiúnta Comhordaithe do Chúram Leanaí réiteach le straitéisí náisiúnta agus áitiúla cúram leanaí a shlánú le comhordú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí cúram leanaí atá ann cheana féin agus ar sholáthar seirbhísí nua.

Straitéis Náisiúnta maidir le Leanaí

3. Tabharfaidh an Straitéis Náisiúnta maidir le Leanaí atá á ullmhú faoi láthair dearcadh uileghabhálach ar leasanna agus ar riachtanais leanaí. Leagfar amach dá bhrí sin na socruithe do chomhordú agus do sholáthar na mbearta tacaíochta do chúram leanaí i gcomhthéacs na Straitéise agus d'fhéadfadh go ndéanfaí leasuithe orthu ag teacht leis an Straitéis.

Forbairt agus Leathnú ar Shaoráidí Cúram Leanaí

4. Forbrófar agus leathnófar saoráidí cúram leanaí de réir an Phlean Forbartha Náisiúnta:

- leathnófar an Clár Cothroime Deiseanna maidir le Cúram Leanaí sa tréimhse 2000 - 2006, trí chur leis na tionscnaimh cúram leanaí atá ann cheana féin, ionas go soláthrófar:
    - deontais maidir le costaisí foirne do sheirbhísí cúram leanaí phobail;
    - tacaíocht maidir le hoiliúint;
    - tacaíocht le heagrais dheonacha cúram leanaí náisiúnta a neartú; agus
    - bearta nuálacha, solúbtha a chuirfidh forbairt saoráidí do pháistí le riachtanais ar leith chun cinn chomh maith le seirbhísí i gceantair atá faoi mhúbhuntáiste sonrach.
- forbrófar agus cothófar gréasáin áitiúla cúram leanaí le cur le chéile agus le heolas agus ábhar foghlamtha a scaipeadh; agus
- tabharfar isteach Scéim Deontais Chaipitil nua do sholáthróirí neamhspleácha seirbhís cúram leanaí.

5. Cuideoidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh le forbairt seirbhísí cúram leanaí taobh amuigh d'uaireanta scoile ag grúpaí pobail.

6. Tacóidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le forbairt seirbhísí cúram leanaí iarscoile ag bainistíocht scoileanna.

7. Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cabhair ar fáil freisin do scéim a thacóidh le costais cúram leanaí rannpháirtithe Cláir VTOS, Youthreach agus Senior Traveller.

8. Tacóidh an Roinn Sláinte agus Leanaí le forbairt seirbhís comhairle ag na Boird Sláinte.

9. Is cuid den pholasaí é dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le seirbhísí cúram leanaí agus páirt a bheith acu iontu. Déanfar socruithe le páirt a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta sna Coistí Cúram Leanaí Contae.

Creat Rialachán

10. Cuirfear i bhfeidhm an creat rialachán lena chinntiú go bhfuil foireann agus modhanna oibre sásúla ag na saoráidí cúram leanaí.

Próiseas Críochnaithe

11. Mar gheall ar an dul chun cinn a déanadh le linn na gcomhchainteanna seo agus tar éis próiseas críochnaithe cuí a leanacht in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta, ceapfaidh an Rialtas straitéis chóir roimh dheireadh 2000 a thacóidh le tuismitheoirí i gcomhlíonadh a gcuid riachtanais cúram leanaí, agus cuirfear sin i bhfeidhm le linn an Chláir. Díreoidh an próiseas críochnaithe ar mholtaí mar a cuireadh chun cinn le linn na gcomhchainteanna seo, agus moltaí maidir le íocaíochtaí díreach i leith gach linbh san áireamh.

Beartais a Oireann don Teaghlach

12. Forbrófar bearta a chothóidh roinnt níos cothroime idir na fir agus na mná ar na cúraimí a dhéantar sa teach ar mhaithe le leanaí agus cleithiúnaí teaghlaigh.

13. Tá tábhacht na mbeartas a oireann do theaghlaigh follasach ón gCreat Náisiúnta atá aontaithe idir IBEC/ICTU agus fostóirí na hearnála poiblí a bhfuil na sonraí maidir leis tugtha in Iarscríbhinn IV de Chreat I.

Reachtaíocht Chosaint Máithreachais

14. Tá tús curtha ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le hathbhreithniú ar an reachtaíocht Chosaint Máithreachais de réir mar atá sa Chlár Gnímh don Mhílaois. Bunóidh an Roinn Grúpa Oibre ar a mbeidh na Comhpháirtithe Sóisialta go luath sa bhliain 2000 d'fhonn an t-athbhreithniú a thabhairt chun críche faoi Mheán Fómhair 2000.

Saoire Tuismitheoireachta

15. Déanfaidh an an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí athbhreithniú sa bhliain 2001 ar oibriú an Achta um Saoire Tuismitheoireachta, 1998 i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta.

Cúraimeoirí

16. Tabharfaidh an Roinn Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta isteach reachtaíocht a chinnteoidh cearta chosaint fostaíochta go ceann cúig mhí dhéag do dhaoine a ghlacann saoire óna gcuid fostaíochta le cúram na clainne a ghlacadh orthu féin.

Tacaíocht don Teaghlach

17. Tá Aonad Gnóthaí Teaghlaigh bunaithe sa Roinn Gnóthaí Shóisialta, Pobail agus Teaghlaigh ar a bhfuil réimse cúraimí maidir le beartas agus seirbhísí a thacódh le teaghlaigh a fhorbairt. I gcomhthéacs an Chláir seo, athdhearbhaíonn an Rialtas go bhfuil sé tugtha do chosaint an teaghlaigh trí bhearta riaracháin, eacnamaíochta agus sóisialta a thacóidh le neartú an teaghlaigh. Tabharfaidh an Rialtas an chosaint sin ar roinnt bealaí:

- leanfar ag tacú le obair na n-eagras deonach a chuireann seirbhís comhairleoireachta maidir le cúrsaí pósta, leanaí agus báis ar fáil mar chuid tábhachtach d'fhorbairt bheartas an Rialtais le cliseadh an phósta a sheachaint;
- déanfar tuilleadh forbartha ar an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh atá ar fáil faoi láthair i 10 n-ionad

réigiúnach agus cuirfear ar bhonn reachtúil í; agus

- forbrófar agus leathnófar an Clár Píolótach Seirbhísí Teaghlaigh atá le fáil i dtrí oifig áitiúla de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh agus cuirfear ar fáil í do líon níos mó teaghlach ar fud na tíre. Fágann an Clár teacht níos fearr ag teaghlaigh ar eolas tríd an oifig áitiúil a úsáid mar ionad uileghabhálach. Tá i gceist go mbeadh aird ar an duine aonair agus teacht níos fearr ar sheirbhísí agus ar thacaíocht ionas gur fearr an deis a bheadh acu siúd a bhfuil cúinsí anróiteacha teaghlaigh acu agus le feabhas a chur ar a saol féin.

4.4 Sochaí Eolais

Aidhmeanna

- Chun luathú ar aistriú Éireann go Sochaí Eolais d'fhonn cumas iomaíochta, fostaíocht, uilechuimsitheacht agus rannpháirtíocht shóisialta a mhéadú.
- Chun cothromaíocht a bhaint amach idir na haidhmeanna geilleagracha, sóisialta agus sochaíocha a athróidh geilleagar agus sochaí na hÉireann, ionas go bhfeabhsófar coinníollacha maireachtála agus oibre gach uile shaoránach.

Creat Straitéiseach

De réir *Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Shochaí Eolais in Éirinn* a chur i ngníomh, is éard a bheas d'aidhm ag polasaí ná tógáil ar an acmhainn daonna chun an tSochaí Eolais éiritheach a bhainisteoireacht agus a mhúnlú, agus a bheith rannpháirteach i ngnó leictreonach (l-Ghnó), l-Eagrais agus l-Rialtas; chun seirbhísí agus infrastruchtúr na Sochaí Eolais, a bheidh inacmhainne agus uilechuimsitheach, a chothú; agus chun rannpháirtíocht iad siúd atá eisiata faoi láthair a chumasú.

Gníomhaíochtaí

Rochtain do chách

1. Méadófar ar infheistíocht, de réir Phlean Gníomhaíochta an Rialtais agus socruithe cistithe gaolmhara, chun rochtain pobalbhunaithe chuig an tSochaí Eolais a chur ar fáil ar bhonn céimithe, ag tabhairt aird ar leith ar na réimsí Comhpháirtíochta agus na moltaí a thagann as scrúdú An Choimisiún Um Shochaí Eolais ar *IT access for all*.

2. Cuirfear acmhainní ar leataobh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an *Schools IT 2000 Programme* agus tionscnaimh ghaolmhara chun a chinntiú go bhfuil teacht ag gach dalta scoile ar áiseanna ICT de réir a riachtanas oideachasúil. Is é an sprioc atá ann ná leibhéal comhpháirtiúlachta de 8:1 a bhaint amach ag an bhunleibhéal agus 5:1 ag an mheánleibhéal ar bhonn céimithe. Athbhreithneofar an sprioc go rialta de réir forbairtí idirnáisiúnta.

3. Déanfaidh An Choimisiún um Shochaí Eolais tuilleadh forbartha ar a chuid oibre i gcothú comhionannais rochtain chuig an tSochaí Eolais, lena n-áirítear béim ar chostais rochtain a laghdú.

Oideachas agus an tSochaí Foghlama

4. Tionscnófar Clár Náisiúnta Litearthachta, a mbeidh teacht ag gach duine air, ag baint feidhm as samhla aitheanta idirnáisiúnta ar rátaí réasúnta.

5. Cuirfear acmhainní ar fáil, trí ghníomhaireachtaí ar nós An Choimisiún um Shochaí Eolais agus an Lárionaid Náisiúnta um Chomhpháirtíocht, chun feasacht dírithe i leith na Sochaí Eolais a chothú, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta.

6. Tionscnófar na samhla nua oibre, a bhfuil gá leo chun gur féidir leis na heagrais foghlama teacht chun cinn, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta.

Infrastruchtúr

7. Forbrófar an earnáil chumarsáide Éireannach i dtreo is go n-áireofar í i ndeicíl bhairr na dtíortha ECFE (OECD), *inter alia* trí leanúint ar aghaidh le hinfheistíocht sna hacmhainní teileachumarsáide sárfhorbartha agus trí bhreis iomaíochta agus costais laghdaithe a chothú.

8. Forfheidhmeofar an comhaontú, a cuireadh i gcrích ar na mallaibh leis an soláthróir idirnáisiúnta teileachumarsáide *Global Crossing*, chun cónascathacht idirnáisiúnta ard-toillidh, ísealchostais a chur ar fáil.

9. Leanfar leis an chothú agus an tacaíocht atá á thabhairt do leathnú na cumarsáide sárfhorbartha agus an infrastruchtúir l-thráchtála ar fud na hÉireann chun forbairt réigiúnach a éascú, lena n-áirítear úsáid chuí an chistithe faoin Chreat Tacaíochta um an Phobal.

10. Leanfar le forbairt na Teilifíse Digití, seirbhísí idirghníomhacha agus ilmheánacha agus seirbhísi de chuid na Sochaí Eolais.

Ríomh-Ghnó

11. Bunófar creat dlíthiúil, rialaitheach agus riarthach a chruthóidh timpeallacht fhabhrach agus iomaíoch chun tráchtáil leictreonach agus tionscail digiteacha a fhorbairt.

12. Leanfar leis an bhéim ar fheachtais feasachta agus ar thionsnaimh infrastruchtúr ríomhthráchtála chun tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh ar na mallaibh, mar shampla, san fheachtas IBEC/Coimisiún um Shochaí Eolais le haghaidh SME-anna agus i bhfeachtas Chumainn Tráchtála na hÉireann.

13. Bainfear lántairbhe as creataí cistithe agus tacaíochta ar nós an Cúigiú Clár Creata de chuid an AE agus An Ciste Réamhfhéachána Teicneolaíochta um Thaighde agus Forbairt Theicneolaíoch.

14. Forbrófar cláir agus cuirfear i bhfeidhm iad chun cabhrú le Gnólachtaí Beaga dúchasacha an t-athrú a dhéanamh chuig ríomhthráchtáil agus gnólachtaí bunaithe ar an idirlíon, agus chun tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus eagrais eile ionas go mbainfidh siad sochair as an tSochaí Eolais, agus chun cabhrú leis an timpeallacht oibre a thabhairt cothrom le dáta le hacmhainneacht agus cáilíocht fostaíochta a uasmhéadú.

15. Scrúdóidh meitheal oibre, ar a mbeidh ionadaithe ó na comhpháirtithe sóisialta, bealaí chun úsáid chórais íocaíochta sa gheilleagar a mhéadú.

16. Achtófar reachtaíocht chun forbairt ríomhthráchtála a éascú trí aitheantas a thabhairt do shínithe leictreonacha, agus trí bhailíocht dhlíthiúil a thabhairt do chonarthaí leictreonacha, chun forbairt na ngníomhaireachtaí agus na seirbhísí deimhnithe cuí a éacsú.

17. Achtófar reachtaíocht chun Treoir de chuid an AE, i dtaca le cosaint tomhaltóirí i leith "Conarthaí Imigéiniúla" a chur i bhfeidhm.

18. Forbrófar léirithe cuimsitheacha slat tomhais chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na hÉireann sa tSochaí Eolais i gcoibhneas le tíortha eile.

19. Forbrófar Éire mar phríomhionad domhanda do thionscail ábhar digiteach, ollchumarsáide agus ríomhthráchtála. Lena chois sin forbrófar í, trí bhunú MediaLab Europe i gcomhpháirtíocht le Massachusetts Institute Of Technology (MIT) agus forbairt ‘sráidbhaile ollchumarsáide’, mar lárionad ábhair, giniúna ollchumarsáide agus dáileacháin.

20. Ag cur le tuarascáil Forfás, *E-commerce - The Policy Requirements*, leanfar leis an chlár polasaithe i leith ríomhthráchtála, agus tabharfar aird ar leith ar na bagairtí agus deiseanna os comhair Gnólachtaí Beaga sa gheilleagar digiteach domhanda.

Teilea-obair

21. Forbrófar Éire mar ionad iomchuí le haghaidh teilea-oibre, lena n-áirítear formhuiniú ó na comhpháirtithe sóisialta ar Chód Cleachtais na Comhairle Comhairleach Náisiúnta um Theilea-obair, chomh maith le hathbhreithniú ar na struchtúir fhioscacha agus timpeallachta a bhaineann leis.

22. Cuirfidh an rialtas roghanna teilea-oibre ar fáil i bhfostaíocht sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne, agus forbróidh gach eagras, atá cistithe go poiblí, polasaí teilea-oibre a chuirfear i bhfeidhm faoi 2002.

Ábhar Éireannach

23. Forbrófar réimse leathan seirbhísí Eolais, ábhair agus idirghníomhacha, a mbeidh baint ar leith acu do shaoránaigh Éireannacha, ghnólachtaí agus eagrais eile, nó a mbeidh suim ar leith acu iontu. Beidh baint ag comhlachtaí poiblí san fhorbairt seo chomh maith.

i-Rialtas

24. Cuirfear infheistíocht agus acmhainní ar fáil chun córais TE (Teicneolaíocht an Eolais) agus líonraí an Rialtais agus na ngníomhaireachtaí Stáit a uasghrádú le go gcruthófar seirbhísí Eolais poiblí a bheidh an-éasca a aimsiú agus a úsáid, lena n-áirítear forbairt ar an tionsnamh REACH. Tabharfar aird ar leith ar uasghrádú agus ar fhorbairt na n-acmhainní TE atá ag An Chúirt Oibreachais, An Coimisiún um Chaidreamh le Lucht Saothair agus An Binse Achomhairc Fostaíochta.

25. Cuirfear clár ar bun chun líonláithreáin chúntacha agus ‘so-dheartha’ agus ábhar líonbhunaithe i gcoitinne a chothú agus, chun a chinntiú ach go háirithe go leanfaidh gach líonláithreán Rialtais prionsabail fhónta deartha agus rochtana, agus go gcuirfear eolas atá cuimsitheach agus tráthúil ar fáil.

26. Déanfar a thuilleadh machnaimh ar bhealaí breise chun cearta príobháideachais a chosaint. Beidh baint ag an Choimisiún um Shochaí Eolais sa mhachnamh seo.

4.5 Ag Cothú Comhpháirtíochta Thuaidh/Theas

Aidhmeanna

- Chun comhthuiscint agus athmhuintearas a fhorbairt ar oileán na hÉireann.
- Chun comhchomhairle, comhoibriú agus comhghníomhaíocht a chothú ar bhonn Thuaidh/Theas agus uile-oileáin maidir le gach ábhar comhleasa.
- Chun na cuspóirí náisiúnta i gcoitinne, eadhon, geilleagar dinimiciúil, iomaíoch agus sochaí chóir uilechuimsitheach a chur i gcrích tríd an chomhchomhairle, chomhoibriú agus comhghníomhaíocht seo.
- Chun na bacainní ar idirghníomhaíocht idir an dá dhlínse a laghdú agus, nuair is féidir, iad a chur as an tslí.
- Chun dúbláil iarrachtaí gan ghá a dhíothú agus chun barainneachtaí an mhórscála a bhaint amach trí lánúsáid a bhaint as acmhainní daonna agus airgeadais.
- Chun sineirgíochtaí agus deiseanna nua a chruthú le haghaidh fáis gheilleagraigh agus forbartha sóisialta.
- Chun treisiú ar iarrachtaí le dul i ngleic le riachtanais speisialta limistéir na teorann, ag cuimhneamh ar an tosaíocht fhoriomlán atá ceangailte le forbairt réigiúnach chothrom agus, ar na comhleasa a eascraíonn as comhoibriú níos éifeachtaí ar bhonn trasteorann.
- Chun gach earnáil gheilleagrach agus shóisialta a spreagadh le páirtíocht ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt chomhoibriú Thuaidh /Theas agus uile-oileáin, agus, go sonraíoch, chun na comhpháirtithe sóisialta a thabhairt isteach, oiread agus is féidir in éindí leis an Rialtas agus le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.
- Ba cheart cláir ar nós Chomhchláir Oibre IBEC/CBI/ICTU a mhéadú chun straitéis an fháis gheilleagraigh agus na huilechuimsitheachta sóisialta a chur chun cinn. Beidh tábhacht ar leith ag an earnáil phríobháideach maidir leis an chlár oibre geilleagrach agus gnó a chur chun cinn. Ba cheart samhla ar nós Chomhchomhairle IBEC/CBI agus 'Chamberlink' an CCI/NICCI a mhéadú leis an straitéis seo a chur chun cinn.

Gníomhaíochtaí

1. Tabharfar tacaíocht do fhorfheidhmiú iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta agus oibreofar ar a shon.

2. Déanfar gach rud is féidir chun oibriú rathúil gach institiúid den Chomhaontú a chothú, lena n-áirítear go sonraíoch an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus na sé Chomhlacht Forfheidhmithe.

3. Díreofar go fuineamhach ar na sé réimse ar a bhfuiltear aontaithe le haghaidh chomhoibrithe tosaigh, laistigh de chreat na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (gnéithe den chóras iompair; talmhaíocht, sláinte; comhshaol; oideachas agus turasóireacht).

4. Déanfaidh an Rialtas iarracht a chinntiú go bpléifidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas le gach ábhar comhleasa eile agus dá bharr sin go ndéanfar na cinntí cuí i leith comhoibrithe agus comhghníomhaíochta sa chás gur léir comhleas a bheith ann.

5. Déanfar gach cinneadh de chuid na Comhairle, sa mhéid is go n-éilíonn siad gníomhaíocht ón Rialtas, a fhorfheidhmiú go hiomlán.

6. Leanfar go gníomhach de mheicníochtaí chun comhchomhairliú éifeachtach a chinntiú idir na comhpháirtithe sóisialta Thuaidh agus Theas, an Chomhairle agus na Comhlachtaí forfheidhmithe.

7. Lena chois sin, oibreoidh an Rialtas ar son comhaontú leis an taobh Thuaisceartach i dtaca le luathbhunú agus feidhmiú éifeachtach an Fhóraim Chomhairligh Thuaidh/Theas neamhspleáigh a samhlaíodh i gComhaontú Aoine an Chéasta.

8. Lena chois sin, scrúdófar go grinn na bealaí is fearr chun tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta a riaradh ar na Comhlachtaí Forfheidhmithe agus ar fhormáidí earnálacha na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, agus chun lánúsáid a bhaint as saineolas.

9. Leanfar de na deiseanna comhoibrithe, mar atá leagtha síos i gCaibidil Choiteann an Phlean Forbartha Náisiúnta, lena n-áirítear go sonraíoch sna hearnálacha atá liostáilte ann: Fuinneamh; Cumarsáid agus Tráchtáil Leictreonach; Forbairt Acmhainní Daonna; Talmhaíocht; Turasóireacht; Iompar; Comhshaol; Oideachas agus Sláinte. Tabharfar faoi deara chomh maith an forluí nach beag leis na réimsí comhoibrithe a sainaithníodh le haghaidh machnaimh thosaigh ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas.

10. Bainfear lánúsáid as cistiú leanúnach an AE le haghaidh INTERREG agus na dTionscnamh ábhartha Pobail eile, agus as an Chlár um Shíocháin, chun cabhrú leis na cuspóirí le haghaidh chomhpháirtíocht Thuaidh/Theas a bhaint amach, ag obair leis agus tríd an Chomhlacht AE um Chláir Speisialta.

11. Leanfar leis an obair ar mhionsocruithe i ndáil leis na cláir INTERREG III agus PEACE II, ag cur le láidreachtaí éagsúla na ndreas deireanach de na cláir seo, chun a chinntiú, ach go háirithe, go leanfar leis an bhéim ar athmhuintearas, cuimsiú na ngrúpaí forimeallaithe agus na ngrúpaí is mó a ngoilleann an choimhlint orthu, agus cur le hacmhainneacht an phobail agus na n-earnálacha deonacha, ionas go ndíreofar níos mó ar an bpríomhchistiú struchtúrtha i leith infrastruchtúir agus infheistíochta tairgiúla.

12. Déanfar a thuilleadh forbartha ar an idirghníomhaíocht agus chomhoibriú idir na comhpháirtithe sóisialta, Thuaidh agus Theas, agus idir gnólachtaí agus eagrais aonair, lena n-áirítear comhthéacs an choibhnis Thoir/Thiar.

13. Cothófar cómhachnamh ar cheisteannna chearta daonna agus ar threisiú chultúr na gceart daonna ar oileán na hÉireann, lena n-áirítear cláir oideachasúla agus feasachta i réimse na gceart eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha, rud a chuimseoidh straitéisí frithbhochtaine, agus trí bhunú Chomhchoiste Ionadaithe an dá Choimisiún um Chearta Daonna, Thuaidh agus Theas, dá bhforáiltear i gComhaontú Aoine an Chéasta.

14. Iarrfaidh na comhpháirtithe sóisialta ar a gcomhghleacaithe a bheith páirteach, ar bhonn rialta agus cuí in ábhair chomhshuime. Cothóidh na comhpháirtithe sóisialta, le tacaíocht ón Rialtas, i gcompháirt agus go leithleach, tionscnaimh a dhíreoidh go sonraíoch ar na nithe seo a leanas:

- straitéisí feabhsaithe don mhargadh fostaíochta;
- nósanna imeachta riarthacha i gcóir oibrithe trasteorann agus feidhmiú na reachtaíochta AE cuí;
- tuilleadh comheagar ar oiliúint éifeachtach agus straitéisí chun dul i ngleic le ganntanais scileanna agus lucht oibre;

- foghlaim saoil, ag cur le hobair na gcomhpháirtithe sóisialta go n-uige seo, ag díríu ar infhaighteacht agus rochtain deiseanna foghlama feadh saoil do oibrithe trasteorann; agus
- uilechuimsitheacht shóisialta agus comhionannas a chothú.

15. Déanfaidh na comhpháirtithe sóisialta iarracht oibriú leis an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus na Comhlachtaí Forfheidhmithe chun an ghníomhaíocht iarmartach chuí a chur i gcrích.

4.6 Dualgas i leith an Domhain i gCoitinne

Aidhmeanna

- Deimhin a dhéanamh de go bhfeictear tír a ghlacann páirt san Aontas Eorpach agus i gcomhlachtaí osnáisiúnta eile, agus a dhéanann a cion féin iontu, ar chomhchéim lenár gcomhpháirtithe Eorpacha.
- Chun go bhfeicfear iarmhairtí dearfacha mar thoradh ar chlú na hÉireann agus a cuid saoránach.
- Atosú idirbheartaíocht an WHO a chur chun cinn, laistigh de chreat cothrom.
- Próiseas an agallaimh idir réigiúin na hÁise (ar an Aigean Ciúin) agus na hAfraice a threisiú.
- Chun a chinntiu go mbeidh páirt ghníomhach agus éifeachtach ag Éirinn i gcur chun cinn fhorbairt fhéinchothaitheach dháiríre sna tíortha i mbéal forbartha agus go mbeidh ár bpolasaithe ar aon dul lena leithéid d'fhorbairt - go sonraíoch, go gcoimeádafar an Cúnamh Forbartha Oifigiúil dírithe ar laghdú bochtanais sna tíortha i mbéal forbartha.
- Chun dul i ngleic le riachtanais speisialta na n-eisimirceach sin thar lear atá forimeallaithe go mór nó atá i mbaol mór eisiata.

Gníomhaíochtaí

Ár n-Eisimircigh Thar Lear

1. Cuirfear Tascfhórsa ar bun, faoi chathaoirleacht na Roinne Gnóthaí Eachtracha ar a mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe ábhartha eile, chun cur chuige leanúnach fadthréimhseach a fhorbairt i leith ár n-eisimirceach agus a gcuid riachtanas, rud a chuirfidh leis na tionscnaimh atá á dtabhairt fúthu ag an Roinn sin agus ag an Roinn Fiontar agus Fostaíochta.

2. Tabharfar faoi thionscadal taighde chun líon na bpríosúnach Éireannach thar lear agus na seirbhísí atá de dhíth orthu i bpríosún a shainaithint.

Gaolmhaireacht na hÉireann lenár gComhpháirtithe san AE

3. Glacfaidh Éire páirt ghníomhach san AE agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile, ag cur lena bhfuil bainte amach againn go n-uige seo, agus cuirfear béim ar leith ar na nithe seo a leanas:

- tionchar a imirt ar threo agallaimh pholasaithe an AE ar cheisteanna mar fhostaíocht, chomhpháirtíocht, iomaíocht, uilechuimsitheacht shóisialta, agus an chomhshaol;
- ár bpáirt a ghlacadh sna hullmhúcháin le haghaidh méadaithe agus i bpróiseas an mhéadaithe féin, ag plé lenár gcúraimí fadthréimhseacha féin maille leo siúd ata ag an Aontas trí chéile;
- ról ceannasaíochta a ghlacadh i bhforbairt an chomhoibrithe agus i ndeimhniú cearta saoránachta ag an leibhéal idirnáisiúnta;
- buntáistí ár suímh laistigh den AE a thabairt chun barrmhaitheasa maille lenár rathúlacht maidir le hardleibhéil infheistíochta sa teicneolaíocht is nua-aimseartha a mhealladh ó shuímh eile, SAM ach go háirithe; agus
- eolas a roinnt lenár gcomhpháirtithe AE mar gheall ar na ceachtanna atá le foghlaim ónár dtaithí ar oscailteacht an gheilleagair a chomhcheangal le cur chuige comhpháirtíochta i leith bhainisteoireacht an athraithe agus lorgaireacht na huilechuimsitheachta sóisialta.

4. Cuirfear clár ar bun chun feasacht an phobail i dtaobh chúrsaí AE a stiúradh ó aistrithe díreacha airgid, a rachaidh a dtábhacht i laghad, i dtreo na sochar indíreach nach beag don tir seo a thiocfaidh as forbairt

shóisialta, gheilleagrach agus chultúrtha an AE.

Athchóiriú Chonradh an AE

5. Beidh páirt ghníomhach ag Éirinn i bhforbairt an IGC agus in athchóiriú an phróisis a bhaineann le Conartha an AE.

6. Spreagfaidh Éire tabhairt chun tosaigh Treoracha, bunaithe ar Alt 13 de Chonradh Amstardam, i dtaobh leithcheala agus ciníochais i réimsí na fostaíochta agus rochtain earraí agus seirbhísí, maille le Clár Ghníomhaíochta Pobail um Chur i gCoinne Leithcheala.

7. Lorgófar freagra uaillmhianach ar Alt 137 de Chonradh Amstardam.

8. I gcomhthéacs Chomhairle Eorpach na Liospóine, molfaidh an Rialtas polasaithe forásacha i réimsí na fostaíochta, foghlama saoil agus shochaí an eolais, dírithe ar na cleachtais is fearr chun dul i ngleic le heisiatachas sóisialta.

NGO-anna agus Institiúidí an AE

9. Spreagfar agallamh sibhialta ag leibhéal an AE trí thacaíocht a thabhairt do bhunú cruinnithe níos struchtúrtha idir NGO-anna Eorpacha agus na hinstitiúidí Eorpacha, trí cheangail níos láidre a fhorbairt laistigh dearnáil an NGO féin agus trí chistiú cuí a chur ar fáil don earnáil dá réir.

Idirbheartaíocht an WTO

10. Cothóidh Éire, i dteannta lenár gcomhpháirtithe san AE, dreas forleathan idirbheartaíochta ar thrádáil domhanda, agus ag an am céanna cosnóidh sí na comhréitigh a rinneadh i measc Bhallstáit an AE i leith *Agenda 2000*, agus sa tslí sin déanfar iarracht a chinntiú, i gcomhthéacs aon idirbheartaíochta de chuid an WTO a atósfar, go mbainfear lángharaíocht amach don tsamhail Eorpach i leith na talmhaíochta.

Cúnamh Forbartha Oifigiúil

11. Leanfar leis an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas go dtí go n-aimseofar sprioc eatramhach de 0.45% den Olltáirgeacht Náisiúnta a caitheadh ar Chúnamh Forbartha Oifigiúil (ODA), agus ansin aimseofar sprioc deiridh de 0.7% mar atá leagtha síos ag na Náisiúin Aontaithe.

Fiacha an Tríú Domhan

12. Anois agus í ina ranníocóir chuig an tionscnamh do Thíortha Beaga faoi Fhiacha Troma (HIPC) agus chuig an tSaoráid um Choigeartú Struchtúrtha Méadaithe de chuid an CAI (IMF), leanfaidh Éire, i ngach fóram idirnáisiúnta, ag éileamh freagairt flaithiúil agus solúbtha ó chreidiúnaithe déthaobhacha agus iltaobhacha ar aon ar fhaoiseamh ó fhiacha.

13. Tugann Éire tacaíocht do chomhoibriú dlúth idir na hInstitiúidí Bretton Woods, deontóirí eile, idir dhéthaobhacha agus iltaobhacha, agus Rialtais na dtíortha i mbéal forbartha i gcur chuige nua chun an bhoichtaine a laghdú, i ndúil is go sroichfear sprioc na Náisiún Aontaithe líon na ndaoine atá ag maireachtáil faoi ghéarbhoichtaineacht a laghdú faoina leath roimh dheireadh 2015.

14. Leanfaidh Éire ar aghaidh ag spreagadh an phobail idirnáisiúnta, lena n-áirítear creidiúnaithe déthaobhacha, chun cur chuige flaithiúil agus solúbtha a thabhairt orthu féin i leith na dtíortha bochta faoi fhiacha troma.

Caighdeáin Idirnáisiúnta Saothair

13. Spreagfaidh Éire iniamh'chlásal sóisialta' i gcaighdeáin idirnáisiúnta saothair, chun fostaíocht pháistí a dhíobhadh ach go háirithe.

Creat V
Comhpháirtíocht a Athnucahan

5.1 Ag cur leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh faoi Chomhpháirtíocht 2000

Faoi *Chomhpháirtíocht 2000*, rinneadh dul chun cinn suntasach sa chomhpháirtíocht shóisialta ag leibhéil náisiúnta agus áitiúil, agus ag leibhéil na fiontraíochta agus an eagrúcháin. Dearbhaíonn an dul chun cinn seo éifeacht an chur chuige a toghadh i g*Comhpháirtíocht 2000* agus cuireann sé eolas nua luachmhar ar fáil ar bhunús comhpháirtíochta rathúla agus ar na tosca a a ligeann di forbairt a dhéanamh.

Aontaíonn an Rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta go gcuirfidh siad leis na forbairtí seo trí dhíríu straitéiseach a dhéanamh ar na cuspóirí sa tsraith Chreata Oibríochtúla sa Chomhaontú seo.

5.2 Monatóireacht agus Measúnacht de réir mar a théann an Comhaontú ar aghaidh

Aithnítear monatóireacht agus measúnacht, de réir mar a théann an forfheidhmiú ar aghaidh, mar phríomhchinntithigh ar éifeachtacht an Chomhaontaithe.

Tá sé tábhachtach, mar sin, go ndéanfar socruithe ag leibhéil áirithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i bhforfheidhmiú an Chomhaontaithe agus go mbainfear úsáid as an eolas a ghintear chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phróiseas na Comhpháirtíochta.

Chun tacaíocht a thabhairt don Chomhaontú seo, aontaíonn na comhpháirtithe sóisialta go gcuirfidh siad creat ar bun chun a chinntiú go ndéanfar monatóireacht leanúnach éifeachtach ar ghníomhú chuspóirí an chomhaontaithe. Leagtar síos na socruithe nua atá molta sna hailt seo a leanas agus tagann siad leis na cinn atá leagtha síos cheana féin i gCreat I.

5.3 Comhpháirtíocht a Fhorbairt ag an Leibhéal Náisiúnta

Tá ról lárnach ag comhpháirtíocht, ag an leibhéal náisiúnta, i bhforfheidhmiú an Chomhaontaithe trí chéile. Forbrófar na struchtúir atá ann cheana féin chun díriú ar na príomhcheisteanna straitéiseacha a thagann chun cinn ag an leibhéal náisiúnta, agus ar an mhonatóireacht i gcoitinne a dhéantar ar an chaoi ina bhfuil na Creata Oibríochtúla á gcur i bhfeidhm.

Moltar na socruithe seo a leanas:

- tionólfar cruinniú in aghaidh na bliana le gach páirtí sa Chomhaontú, ina mbeidh an Taoiseach mar chathaoirleach;
- léireoidh an Sásra Lárnach Athbhreithnithe, a fheidhmíonn ar son cheithre chúl taca phróiseas na comhpháirtíochta, na socruithe cuí d’fhonn forfheidhmiú cheithre Chreat Oibríochtúla an Chomhaontaithe a mhaoirseoireacht; d’fhonn dul chun cinn a mheasúnú, agus d'fhonn tabhairt faoi na ceisteanna straitéiseacha a thagann chun cinn, ionas gur féidir deimhin a dhéanamh d'fhorfheidhmiú éifeachtach an Chomhaontaithe;
- tionólfar cruinnithe ráithiúla de chomhaltaí na gceithre chúl taca, faoi choimirce Roinn an Taoisigh, chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht an Chomhaontaithe.
- féadfaidh aon cheann de na Comhpháirtithe Sóisialta ceist a ardú, le Cathaoirleach an tSásra Lárnaigh Athbhreithnithe, maidir le haon ghné d'oibríocht an Chomhaontaithe. Féadfaidh an Cathaoirleach cruinniú speisialta a thionól de na páirtithe sa Chomhaontú, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Sóisialta.
- rachaidh an Rialtas i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Sóisialta - ag cur san áireamh na meicníochtaí atá leagtha amach sa Chreat seo agus na moltaí a cuireadh chun tosaigh i dtuarascáil an NESF, *A Framework for Partnership - Enriching Strategic Concensus through Participation,* agus ansin iarrfaidh sé

ar an NESC tabhairt faoi shlata tomhais a chur i bhfeidhm i leith na ngnéithe cuí de na Creata Oibríochtúla.

5.4 Comhpháirtíocht ag Leibhéal an Chreata

Beidh forfheidhmiú éifeachtach gach ceann de na ceithre Chreata Oibríochtúla ina ghné thábhachtach den Chomhaontú. Is iad seo:

- Creat I: Feabhsú ar Chaighdeáin Mhaireachtála
- Creat II: Rathúnas Leanúnach agus Uilechuimsitheacht Gheilleagrach
- Creat III: Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Comhionannas
- Creat IV: Oiriúnú maith d'athruithe

Aontóidh an Sásra Lárnach Athbhreithnithe ar nósanna imeachta chun measúnacht agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú gach ceann de na ceithre Chreat Oibríochtúla chun a chinntiú go gcuirfear cuspóirí na gCreat i bhfeidhm thar thréimhse an Chomhaontaithe. Feidhmeoidh na nósanna imeachta seo ar roinnt leibhéal:

- ar leibhéal náisíunta leis na Ranna/Eagrais Rialtais;
- i gcomhchoistí oibre, nuair is cuí; agus
- i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla agus pobail áitiúla.

Beidh sé de cheangail ar an Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta cuspóirí na gCreat Oibríochtúil a chur san áireamh nuair a leagann siad amach a gclár saothair.

5.5 Comhpháirtíocht ag Leibhéal na Fiontraíochta

Aithnítear an tábhacht lárnach a bhaineann le comhaontú ag leibhéal na fiontríoachta i bhforbairt leanúnach phróiseas na comhpháirtíochta i gCaidreamh san ionad oibre a fheabhsú trí *Chomhpháirtíocht um Fhiontraíochtaí Iomaíocha agus Timpeallacht an Ionaid Oibre*, mar atá leagtha amach i alt 1.3 de Chreat I den Chlár. Lena chois sin leagann siad amach go soiléir an sainmhíniú, na priosabail agus na topaicí a chuireann taca/a thugann eolas faoin phróiseas seo.

Lena chois sin aontaíonn na Comhpháirtithe Sóisialta go gcuirfear leis an taithí luachmhar atá faighte cheana tríd an Lárionad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht, an tionscadal PACT, an tionscadal SIPTU ADAPT, an tionscadal NOW agus obair eile, chun ceachtanna na comhpháirtíochta a fhoghlaim agus iad a chraobhscaoileadh

Oibreoidh IBEC agus ICTU, agus an Lárionad Náisiúnta Um Chomhpháirtíocht atá molta, as láimh a chéile, chun treoirlínte a fhorbairt d'fhonn cabhrú le fiontraíochtaí chun tosú ar shocruithe comhpháirtíochta a chur ar bun go rathúil. Aithníonn na páirtithe ról tábhachtach na tacaíochta institiúidí sa chomhthéacs seo agus rachaidh torthaí na measúnachta reatha ar fhorbairt chomhpháirtíochta chun sochair do phróiseas na comhpháirtíochta, agus do chineál agus nádúr na cómhonatóireachta agus na cómheasúnachta ar cheart dó a tharlú.

5.6 Comhpháirtíocht sa tSeirbhís Phoiblí

Mar atá leagtha amach in alt 1.4 de Chreat I, tá an dul chun cinn atá déanta sa tSeirbhís Phoiblí go n-uige seo á thiomáint ag straitéisí earnálacha a forbraíodh faoin SMI. Tá na straitéisí seo á gcur ar aghaidh anois tríd na Struchtúir pháirtiúlachta a cuireadh ar bun faoi *Chomhpháirtíocht 2000* chun gach seirbhíseach poiblí a chuimsiú i bpróiseas an athraithe.

Leanfar le forfheidhmiú an chláir nuachóirithe faoi na socruithe comhpháirtíochta a cuireadh ar bun agus a feabhsaíodh faoin Chomhaontú seo chun freastail ar riachtanais agus thoscaí eagrúcháin agus earnálacha atá níos fearr. Forbrófar na táscairí feidhmithe ar leith, ar aontaíodh orthu, mar a léirítear in mír 3 de Chomhaontú Pá na Seirbhíse Poiblí, atá leagtha amach in Iarscríbhinn II de Chreat I, tríd na struchtúir chomhpháirtíochta atá ann faoi láthair.

5.7 Tacaíocht Institiúideach don Chomhpháirtíocht Fiontraíochta/Eagrúcháin - Ról an Lárionad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht agus Feidhmiú (NCPP)

Is léir go mbeidh an príomhról ag fostóirí, fostaithe agus na ceardchumainn i bhforbairt na comhpháirtíochta ina n-eagrais féin ionas go bhfeabhsófar an acmhainneacht eagrúcháin. Is féidir a gcuid oibre a éascú agus a fheabhsú ag comhlachtaí institiúideacha tacúla. Spreagann an cur chuige seo gach eagras chun na caighdeáin is airde is féidir a bhaint amach sa chur chuige atá roghnaithe aige i leith comhpháirtíochta agus páirtíochta. Lena chois sin, spreagann sé compáráidiú gníomhach leanúnach idir:

- samhla comhpháirtíochta agus páirtíochta;

- cleachtais san ionad oibre; agus

- straitéisí chun feidhmiú fiontraíochta agus comhpháirtíocht a fheabhsú.

5.8 An Lárionad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht agus Feidhmiú (NCPP)

Tá sé tábhachtach go gcuirfí na socruithe institiúideacha agus acmhainní cuí in áit chun tacú leis an leibhéal seo comhpháirtíochta. Tá ról tábhachtach ag An Lárionad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht sa phróiseas seo . Chun ár láidreacht iomaíoch a choimeád agus chun timpeallacht na nuálaíochta a chothú beidh gá le díriú nua ar acmhainneacht a fheabhsú i gcás na bhfiontraíochtaí, bíodh siad poiblí nó príobháideach. Cuirfear níos mó béime ar cháilíocht agus ar fheidhmiú an tsaothair dá bharr sin. I dtaca leis seo, ní mór aitheantas a thabhairt don tábhacht méadaitheach a bhaineann le bealaí nua chun obair a eagrú, le hoiriúnú d=athruithe, agus le foghlaim feadh saoil. Chun dul i ngleic leisna dúshláin agus spriocanna nua atá leagtha síos sa Chomhaontú seo, moltar go méadófar ról An Lárionaid Náisiúnta um Chomhpháirtíocht ar a nglaofar anois An Lárionad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht agus Feidhmiú (NCPP). Oibreoidh an lárionad, a lonnófar laistigh den Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Sóisialta i dteannta le NESC agus NESF, in éineacht le IBEC agus an ICTU chun tacaíocht a thabhairt do láidriú na comhpháirtíochta trí:

- dhianmhachnamh, chomhaontú a chothú agus chraobhscaoileadh;

- mhonatóireacht;

- thaighde agus anailís; agus

- oiliúint agus éascóireacht.

Oibreoidh an lárionad i dteannta leis na Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí ábhartha a bhfuil ról acu i bhforbairt fheidhmiú na fiontraíochta . Breathnófar freisin, sa chomhthéacs seo ar róil na n-eagras eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach ar aon a chuireann le forbairt na comhpháirtíochta, agus breathnófar ar aon cheisteanna cistithe a ardaítear chomh maith.

Tar éis comhairle a ghlacadh le IBEC agus an ICTU déanfar moltaí leis an Rialtas i leith na mionsocruithe a chuirfear in áit chun na struchtúir institiúideacha láidrithe atá de dhíth a thabhairt in éifeacht.